



SPÓRT
ÉIREANN
RANNPHÁIRTÍOCHT

SPORT
IRELAND
PARTICIPATION

Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt Tuarascáil Bhliantúil 2020




340,674

Ghlac 340,674 duine páirt i 1,132 tionscnamh rannpháirtíochta a soláthraíodh ar bhonn áitiúil (mná a bhí i 51% díobh, fir a bhí i 47% díobh, agus inscne 'eile' a bhí i 2% díobh)



29



Ghlac 109,302 cailín agus 64,975 bean páirt i gcláir Chomhpháirtíochta

Ghlac 18,161 bean páirt i 130 ceann de chláir spriocdhírthe um Mná sa Spóirt

64,524

Ghlac 64,524 duine páirt in idirghabhálacha ar thacaigh an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt leo, lenar áiríodh an Míle Laethúil, parkrun, Marcanna Clós Súgartha, tionscnaimh um Obair Bhaile Gníomhach agus an soláthar acmhainní gníomhaíochta fisiciúla

16,243

Ghlac 16,243 duine faoi mhíchumas páirt i dtionscnaimh Chomhpháirtíochta agus fuair 2,037 duine eile oiliúint i gcláir Feasachta ar Mhíchumas, i gcláir um Uathachas sa Spóirt agus i gcláir Oiliúna agus Oideachais i gCuimsiú Daoine faoi Mhíchumas de chuid Ionad CARA

3,646

Fuair 3,646 ceann de Chlubanna/Grúpaí tacaí cistiúcháin ó na Comhpháirtíochtaí

7,091

Ghlac 7,091 duine páirt i dtionscnaimh a bhí spriocdhírthe ar Dhaoine Scothaosta

5,102

Chuir 5,102 duine de Cheannairí Spóirt agus d'Oibrithe Deonacha 397 Cúrsa Cumhdaigh i gcrích

NA DAOINE A SPRIODHÍRÍMID ORTHU

- > DAOINE I LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTAÍSTE
- > DAOINE SCOTHAOSTA
- > DAOINE ÓGA
- > DAOINE FAOI MHÍCHUMAS
- > MNÁ AGUS CAILÍNÍ
- > MIONLAIGH EITNEACHA
- > DAOINE DÍFHOSTAITHE

Ar na himeachtaí suaitheantais le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt 2020 bhí Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa, an Lá Náisiúnta Corpacmhainne, an Míle Fíorúil Teaghlaigh, Lá Céaslóireachta #BíGníomhach, agus an Lá Náisiúnta Siúil

€8.2M

Fuarthas cistiú €8.2m go díreach ó Spóirt Éireann, a bhí freagrach as 32% de chistiú iomlán na gComhpháirtíochtaí

€4.2M

Leithdháileadh cistiú breise €4.2m ó Spóirt Éireann ar thionscadail shonracha faoi Scéim na gCuntas Díomhaoin (11%) freisin

€1.8M

Tugadh Cistiú Tacaíochta Covid-19 €1.8m don líonra Comhpháirtíochtaí (8%)

€23.8M

Infheistíodh €23.8m sa líonra Comhpháirtíochtaí (lenar áiríodh cistiú sochar comhchineáil)

2,894,209

Tugadh 2,894,209 cuairt ar shuíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí sa bhliain 2020

183,681

Bhí 183,681 leantóir meán sóisialta ag na Comhpháirtíochtaí ar fud Facebook, Twitter agus Instagram

700,000+

Trí shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann, chláraigh 700,000 dhuine do 535 imeacht ar fud na tíre le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt



Clár Ábhar

Teachtaireacht ón Aire Stáit don Ghaeltacht agus don Spórt	4
Brollach ó Spórt Éireann	5
Cuid 1 – Cúlra, Acmhainní agus Cistiú	6
Cuid 2 – Éachtaí an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2020	14
Cás-Staidéir ar Thionscnaimh Spóirt Éireann agus Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt	27
Cuid 4 – Meastóireacht	61
Cuid 5 – Na Chéad Chéimeanna Eile do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	65
Aguisíní	70
Aguisín A - Liosta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	71
Aguisín B - Gluais Téarmaí	72
Aguisín C - Sonraí Teagmhála na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	74

Tabhair faoi deara: Chloigh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le Treoirínte Covid-19 ón Rialtas le linn dóibh cláir agus tionscnaimh a sholáthar ar fud na bliana 2020

Teachtaireacht ón Aire Stáit don Ghaeltacht agus don Spórt

Tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt de chuid Spóirt Éireann don bhliain 2020 a chur i láthair. Leagtar béim sa tuarascáil seo ar obair an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt de chuid Spóirt Éireann agus ar an tionchar atá acu ar leibhéil rannpháirtíochta trí pháirt a thabhairt do phríomh-spríocphobail ar fud na hÉireann i ngníomhaíochtaí.


D'ainneoin phaindéim Covid-19, lean Spóirt Éireann agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla a sholáthar chun a chinntiú go mbíonn deis ag gach duine inár sochaí leas a bhaint as an taitneamh agus na tairbhí meabhairshláinte agus sláinte fisiciúla a ghabhann leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht fhisiciúil. Trí obair i ndlúthchomhar le heagraíochtaí laistigh den earnáil spóirt agus lasmuigh di araon, d'fhorbair an líonra Comhpháirtíochtaí tionscnaimh nua nuálacha chun spriocdhírú ar na cohóirt den phobal ar dóigh dóibh bheith níos neamhghníomhaí le linn na paindéime.

Léirítear sa tuarascáil seo an raon leathan éagsúil clár agus tionscnamh a sholáthraíonn an líonra Comhpháirtíochtaí dár bpobail ar fud na hÉireann. Taispeánann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt gur ar fáil, inrochtana agus lánchuimsitheach ar leibhéal áitiúil atá deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla. Sa bhliain 2021 agus ina diaidh, beidh deis ann cur leis an rochtain ar dheiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla do gach cohóirt den daonra trí leanúint le tionscnaimh ar líne agus tionscnaimh bheo a fhorbairt agus a sholáthar.

Leanann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le cúnaimh bunriachtanach a thabhairt do chlubanna, grúpaí pobail, scoileanna, cóitseálaithe agus oibríthe deonacha chun tacú leo déileáil leis na dúshláin atá orthu de bharr phaindéim Covid-19. Ag obair dóibh i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta, d'fhreastail Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt ar oibríthe deonacha, cóitseálaithe agus rannpháirtithe trí thaighde atá inspioráideach agus a bhfuil ábhar machnaimh ann agus trí dheiseanna oiliúna agus oideachais.

Beidh ról ríthábhachtach san fhilleadh sábháilte ar sholáthar deiseanna beo spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla le himirt ag ár gcuid oibríthe deonacha agus cóitseálaithe, tuismitheoirí agus gach duine a eagraíonn agus a chothaíonn an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil. Oibreoidh Spóirt Éireann agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt i gcomhar le comhpháirtithe laistigh den earnáil spóirt agus lasmuigh di araon chun a chinntiú go measfaidh an pobal go bhfuil siad sábháilte agus go leanfaidh sé ar aghaidh ag eispéiriú ár bhfíse le haghaidh an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla in Éirinn, atá mar a leanas: “de thoradh a rannpháirtíochta gníomhaí nó sóisialta féin sa spórt, beidh inspioráid ag daoine, saibhreofar a saol, breiseofar a dtaitneamh, agus feabhsófar caighdeán a mbeatha”.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidíonn le rath an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla ar fud na hÉireann, agus iad á chinntiú go mbíonn tionchar dearfach ag an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil ar an oiread sin gnéithe de shaol na hÉireann, lena n-áirítear sláinte agus folláine, forbairt shóisialta agus pobail, gníomhaíocht gheilleagrach, feidhmíocht oideachais agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do Spóirt Éireann agus do bhaill foirne agus comhaltaí boird na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt as a dtiomantas leanúnach do chothroime rochtana ar an spórt agus ar gníomhaíocht fhisiciúil a chinntiú do chách.



An tAire Jack Chambers TD
Aire Stáit don Ghaeltacht agus don Spórt

Brollach ó Spóirt Éireann

Leagtar béim sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ar na tairbhí is féidir le rannpháirtithe a bhaint as an spórt agus as gníomhaíocht fhisiciúil: “Cabhraíonn rannpháirtíocht sa spórt leis an tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach a fheabhsú, feidhmíonn sí mar chosaint ar raon galar neamhthógálach agus rannchuidíonn sí le caighdeán beatha níos fearr”. Lean an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt de chuid Spóirt Éireann le cabhair a thabhairt do dhaoine bheith gníomhach agus leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le saol gníomhach a bheith acu trí dheireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, d’ainneoin phaindéim Covid-19. Leagtar béim i dTuarascáil na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt de chuid Spóirt Éireann don bhliain 2020 ar na cláir agus na tionscnaimh nuálacha, chuimsitheacha agus fhorásacha ar sholáthair Spóirt Éireann agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad chun a chinntiú go mbíonn deis ag gach duine inár sochaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil.

A bhúí le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an gcistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus ón gClár Éire Shláintiúil, d’éirigh le Spóirt Éireann an soláthar seirbhísí spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla a mhéadú an athuair do phobail a mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm orthu. Sa bhliain 2020, leithdháil Spóirt Éireann Cistiú Clár ab fhiú breis agus €870,000 ar an Líonra Comhpháirtíochtaí. Is ionann é sin agus méadú 53% ón infheistíocht sa bhliain 2019. Tá cistiú clár ina chuid lárnach de rannpháirtíocht na gComhpháirtíochtaí le rannpháirtithe agus éascaítear leis raon leathan tionscnamh, clár agus imeachtaí a sholáthar i bpobail, i gclubanna agus i scoileanna.

Mar thoradh ar mheastóireacht a dhéanamh ar chlár a gcláríonn Spóirt Éireann iad agus a sholáthraítear tríd an líonra Comhpháirtíochtaí, is féidir le Spóirt Éireann na nithe tábhachtacha arna bhfoghlaim a chomhroinnt leis an earnáil agus oiliúint agus tacaí a fhorbairt chun na nithe sin a chur i ngníomh. Leis an obair sin, cabhraítear le Spóirt Éireann agus lena chomhpháirtithe réimsí sonracha le haghaidh feabhais a shainaitheint agus an rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú ar fud na tíre.

Leis an gCiste Athléimneachta in aghaidh Covid-19 ón Rialtas don earnáil spóirt, tugadh tuilleadh tacaíochta d’obair rithábachtach na gComhpháirtíochtaí le linn na paindéime. Tugadh tacaíocht do 1,600 club le Scéim Deontas Beag na gComhpháirtíochtaí, rud ab fhiú €1.9m. Tríd an scéim sin, chabhraigh na Comhpháirtíochtaí le clubanna áitiúla agus grúpaí pobail íoc as na costais a bhaineann le prótacail sláinteachais agus scartha shóisialta Covid-19 a chur chun feidhme.

Leanfaidh Spóirt Éireann agus an líonra Comhpháirtíochtaí le tacú le daoine coinneáil gníomhach le linn na paindéime. Déanfaidh siad amhlaidh tríd an leas is mó a bhaint as úsáid spriocdhírithé na meán sóisialta, na bhfothaí físeáin beo, na nglanna ar Zoom, na meán traidisiúnta cló agus raidió agus leagan bileog faisnéise agus leabhrán chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach duine ar chlár agus tionscnaimh spóirt agus ghníomhaíochta fhisiciúla. Cé gur tháinig laghdú sa bhliain 2020 ar an líon daoine a ghlac páirt iontu, creidimid go bhfuil an líonra Comhpháirtíochtaí in ann agus ar tí filleadh sábháilte ar an spórt a chur chun cinn, ar aon dul le rialacháin an Rialtais. Measaimid gurb amhlaidh, tar éis don Rialtas deireadh a chur leis na srianta scartha shóisialta, go bhfillfidh na Comhpháirtíochtaí go mear ar na hardleibhéil ghníomhaíochta a chonacthas sa bhliain 2019 agus go sáróidh siad na leibhéil sin fiú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn, thar ceann Spóirt Éireann, aitheantas a thabhairt do na baill foirne agus na hoibrithé deonacha uile a rannchuidíonn le deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla a sholáthar go rathúil ar leibhéal pobail áitiúil agus le hinrochtaineacht na ndeiseanna sin a áirithiú agus ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd. Chomhlíon na daoine sin ról rithábachtach i ndaoine agus pobail a cheangal le linn tréimhse nach bhfacthas a leithéid riamh.



Kieran Mulvey
Cathaoirleach
Spóirt Éireann



John Treacy
Príomhfheidhmeannach
Spóirt Éireann

Cuid 1

Cúlra, Cistiú agus Acmhainní

1.1 Faisnéis Chúlra maidir leis an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018. Leagtar amach go soiléir i gClár an Rialtais don bhliain 2020 cuspóirí nua uailmhianacha atá le comhlíonadh ag an spóirt, go háirithe maidir leis na spriocanna rannpháirtíochta spóirt, a méadaíodh ó spóirt a bheith á imirt ag 50% d'aoisigh ar bhonn rialta, mar a leagadh amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018, go spóirt a bheith á imirt ag 60% d'aoisigh ar bhonn tráthrialta faoin mbliain 2027. Chun an méid sin a bhaint amach, leagtar béim sa bheartas ar an ngá atá ann le dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta ach spriocdhírú ar ghrúpaí inár sochaí ar lú go mór a rannpháirtíocht ná an meán foriomlán. Áirítear leo sin daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, mná agus cailíní agus grúpaí mionlaigh eitnigh amhail an Lucht Siúil.

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt na ról thábhachtacha a imríonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt maidir le rannpháirtíocht sa spóirt a chothú agus an dóigh ar féidir leo cabhrú leis na gníomhartha rannpháirtíochta atá leagtha amach sa Bheartas a chomhlíonadh.

“Imríonn an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ról ríthábhachtach. Cuireadh de chúram air go háirithe leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, go háirithe i measc na n-earnálacha sin den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht sa spóirt faoi láthair. Láidreach luachmhar ar leith is ea an cumas atá acu deireadh a chur le bacainní agus a chinntiú go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta sa spóirt forásach, nuálach agus lánchuimsitheach ar leibhéal áitiúil.” – Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá 57 gníomh san iomlán sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus is le rannpháirtíocht sa spóirt a bhaineann 26 ceann díobh. Gné lárnach de Ghníomhartha Rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh is ea cur leis an gcumas atá ag an earnáil spóirt dea-thorthaí a bhaint amach, go háirithe i measc na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus i measc Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga don Spóirt. A bhfuil leis an infheistíocht mhéadaithe a fuair sé ón Rialtas sa bhliain 2020, bhí Spóirt Éireann in ann an infheistíocht i gclár Chomhpháirtíochta a mhéadú go €1.13m chun forbairt, leathnú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar thionscadail fhianaisebhunaithe lena spriocdhírítear ar phobail faoi mhíchumas.

A bhfuil leis an bpacáiste cistiúcháin a thug an Rialtas isteach chun tacú leis an earnáil spóirt le linn phaindéim Covid-19, d'infheistigh Spóirt Éireann €4.2m sa bhreis sa líonra Comhpháirtíochtaí chun clár agus scéimeanna deontas a chur i bhfeidhm mar fhreagairt don phaindéim. Baineadh úsáid as cistiú chun laghdú a dhéanamh ar na tosca riosca a bhaineann leis an spóirt agus le gníomhaíocht fhisiciúil le linn na paindéime agus chun deiseanna gníomhaíochta fhisiciúla a thabhairt le linn ghéarchéim Covid-19.


Tá an tuarascáil seo ar an gceathrú tuarascáil bhliantúil déag maidir leis an tionscnamh Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Léirítear inti an obair a rinne an líonra náisiúnta, ina bhfuil 29 Comhpháirtíocht san iomlán, sa bhliain 2020. Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear trí chóras tuairiscithe Spóirt Éireann, comhthiomsaítear í i mbunachar sonraí náisiúnta lena rianáitear a dhoimhne agus a leithne atá tionscnaimh Chomhpháirtíochta. Taispeántar gníomhaíochtaí Comhpháirtíochta ón mbunachar sonraí sin mar eiseamláirí dea-chleachtas agus cuirtear iad i láthair mar chás staidéir níos déanaí i gCuid 3 den tuarascáil seo.

1.2 Cistiú Spóirt Éireann do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Croí-Infheistíocht

Tugann Spóirt Éireann tacaíocht do 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus chun leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Tá an chroí-infheistíocht sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag méadú ar bhonn bliantúil, ó €4.9m sa bhliain 2014 go €8.2m sa bhliain 2020.

Fíor A – Miondealú ar an gCroi-infheistíocht a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt 2014-2019



Úsáidtear an croi-infheistíocht chun tacú le croi-obair an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, lena n-áirítear na nithe seo a leanas a sholáthar: Cláir náisiúnta; Tionscnaimh Oideachais agus Oiliúna; Forbairt Straitéiseach; Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal; an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt; Cláir um Mná sa Spóirt; agus cláir ghinearálta rannpháirtíochta.

Leithdháileadh €916,000 chun tacú leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí agus chun é a chothabháil sa bhliain 2020, agus Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt ag baint dea-thorthaí amach i 29 limistéar Comhpháirtíochta. Tá sé mar aidhm leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt tuilleadh daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt i ngach suíomh. Oibríonn na hOifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt i gcáil comhordaithe le gach geallsealbhóir ábhartha chun deiseanna rannpháirtíochta a mhéadú agus a chothú do dhaoine faoi mhíchumas.

Leithdháileadh €867,726 eile chun tacú le ról mar Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal i 29 Comhpháirtíocht. Cuirtear de chúram ar Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal pobail áitiúla a ghníomhachtú ar roinnt bealaí difriúla, lena n-áirítear cláir agus tionscnaimh oiliúna spriocdhírthe a chomhordú do chlubanna agus pobail.

Infheistíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

Tá Spóirt Éireann ag obair leis an Roinn Turasoíreachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ón mbliain 2015 amach chun sraith beart a fhorbairt faoi Phlean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin. Faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin, soláthraíonn Spóirt Éireann raon clár spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla faoi na bearta seo a leanas, atá ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt agus leis an bPlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil.

Beart 1 Moil Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal

Beart 2 An Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt

Beart 3 Bearta Spóirt do Phobail faoi Mhíbhuntáiste chun tacú leis an bPlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil


Beart 4 Trealamh Spóirt a Sholáthar i Limistéir faoi Mhíbhuntáiste

Spriocdhírtear ar na nithe agus na daoine seo a leanas i ngach tionscadal a gcistíonn Spóirt Éireann iad trí Chiste na gCuntas Díomhaoin:

1. Forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta;
2. Forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil;
3. Daoine faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000).


Tá an infheistíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag méadú ar bhonn bliantúil, ó €1.7m sa bhliain 2015 go €4.1m sa bhliain 2020. Chumasaigh sé sin dóibh tionscadail nuálacha éagsúla a réachtáil ar leibhéal áitiúil.

Fíor B – Cistiú ó Spórt Éireann trí Chiste na gCuntas Díomhaoin do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt 2015-2019



Fuair na tionscadail Chomhpháirtíochta seo a leanas cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2020.

Fíor C – An Infheistíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin de réir Tionscadal sa bhliain 2020



1.3 Ciste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19

Mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, d’infheistigh Spórt Éireann €4.1 milliún sa líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt trí Chiste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19. Leithdháileadh €1.9 milliún ar an líonra Comhpháirtíochtaí chun Scéim Deontas Beag Covid-19 do Chlubanna a riar. Bhí sé mar aidhm leis an scéim sin an riosca go leathfaí Covid-19 i dtimpeallachtaí club agus spóirt phobail a laghdú. Forbraíodh an ciste chun tacú le clubanna, ar féidir nach mbeidh an t-airgeadas acu chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na prótacail sláinteachais agus scartha shóisialta a bhaineann le Covid-19. Leithdháileadh cistiú ar 1,637 club tríd an scéim sin. Leithdháileadh €449,905 sa bhreis chun Cláir Atosaithe agus Athnuachana Covid-19 a reáchtáil chun cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar chláir nua ar féidir leo an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur ar aghaidh i ré sláinte poiblí Covid-19. Infheistíodh €725,000 mar chuid de Scéim Tacaíochta Pobail a úsáidfead chun cláir spriocdhírthe a ghníomhachtú ar mhaithe le tacú le pobail áitiúla coinneáil gníomhach le linn phaindéim Covid-19. Má táthar chun rannpháirtíocht áitiúil a choinneáil inmharthana, beidh sé riachtanach tacú le clubanna a mboinn bhall agus oibríthe deonacha a chothabháil, a earcú agus a ghníomhachtú le linn phaindéim Covid-19.


1.4 Foinsí Eile Cistiúcháin do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Mar aon le tionscnaimh de chuid Spóirt Éireann agus deiseanna rannpháirtíochta sa spórt a sholáthar, tacaíonn an croíchistiú a fhaigheann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ó Spórt Éireann le cláir rannpháirtíochta sa spórt a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta agus le hinfheistíochtaí náisiúnta agus áitiúla ó ghníomhaireachtaí is comhpháirtí a ghníomhachtú.

Sa bhliain 2020, ba le 81% den chroí-infheistíocht ó Spórt Éireann sna Comhpháirtíochtaí a cumhdaíodh croíthuarastail agus croíchostais oibriúcháin an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Le tacaíocht ó chomhpháirtithe áitiúla, go háirithe Údaráis Áitiúla, soláthraítear leis an infheistíocht sin ó Spórt Éireann na croí-acmhainní agus an croíchreat a theastaíonn chun rannpháirtíocht sa spórt a fhorbairt ar leibhéal áitiúil. Is infheistíocht thábhachtach í lena gcabhraítear le cur chun feidhme a dhéanamh ar chláir agus ar thionscnaimh a gcistíonn Spórt Éireann iad trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus a chistítear ar bhonn áitiúil trí infheistíochtaí ó Údaráis Áitiúla, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón gClár Éire Shláintiúil, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Tugtar sa ghráf thíos miondealú ar an gCroí-infheistíocht ó Spórt Éireann sa bhliain 2020 de réir tuarastail, costais oibriúcháin agus infheistíocht cláir.

Fíor D – Miondealú ar an gCroí-infheistíocht a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt




Bhí cistiú ó Spórt Éireann (Croíchistiú, Cistiú do Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, Cistiú do Chláir um Mná sa Spórt, Cistiú Covid-19 agus Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin) freagrach as 58% den chistiú iomlán a fuair na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2020. Cruinníodh an 42% eile ó fhoinsí áitiúla, lena áiríodh infheistíocht dhíreach airgeadaíoch agus sochar comhchineáil.

Fíor E – Miondealú ar an gCistiú a Fuair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019




Ag teacht sna sála ar an gcróichistiú ó Spórt Éireann, bhí na hÚdaráis Áitiúla ar an gcéad phríomhfhoinsé eile cistiúcháin don líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2020. Ba mhó i bhfad an méid a fuarthas ó Údaráis Áitiúla áirithe ná an méid a fuarthas ó chinn eile. Foinsí suntasacha eile cistiúcháin don líonra ba ea ioncam saothraithe, cistiú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus cistiú ón gClár Éire Shláintiúil. Tá na foinsí áitiúla a ranníoc leis an infheistíocht airgeadaíoch €6,565,806 a fuair an líonra Comhpháirtíochtaí leagtha amach thíos.

Fíor F – Soláthraithe na hinfeistíochta airgeadaíche áitiúla ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2020



Tá na foinsí áitiúla a ranníoc leis an sochar comhchineáil €4,865,543 a fuair an líonra Comhpháirtíochtaí leagtha amach thíos.

Fíor G – Miondealú ar sholáthraithe an tSochair Chomhchineáil Áitiúil Iomláin ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2020



Tháinig méadú 13% ar an gcistiú a fuair an líonra Comhpháirtíochtaí ó Spórt Éireann, ó €7.29m sa bhliain 2019 go €8.2m sa bhliain 2020. Bíonn ag éirí go fóill leis na Comhpháirtíochtaí cistiú a áirithiú ó fhoinsí áitiúla. Ba ó fhoinsí áitiúla a fuarthas 42% den chistiú iomlán. Bhí cistiú airgeadaíoch ó fhoinsí áitiúla freagrach as 27% den tacaíocht ar fad a fuair na Comhpháirtíochtaí agus bhí tacaíocht sochar comhchineáil freagrach as 20% den chistiú ar fad.

Ba ó fhoinsí áitiúla a cumhdaíodh níos mó ná 42% de chostais an líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2020. Is lú an figiúr sin ná an figiúr do bhlianta roimhe agus is lú é freisin ná an figiúr 50% a moladh san Athbhreithniú a rinne Fitzpatrick & Associates ar na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2005. Tháinig an t-athrú sin chun cinn de bharr an mhéadaithe mhóir sa chistiú a thug Spórt Éireann do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Cuireadh síos é freisin do thionchar Covid-19, ar dá bharr a laghdaíodh an t-ioncam a gineadh ar leibhéal áitiúil toisc gur cuireadh srianta méadaithe le clár a sholáthar ar leibhéal áitiúil. Leanfaidh Spórt Éireann le faireachán a dhéanamh ar an réimse sin chun a chinntiú go neartófar an Líonra de réir mar a imímid amach as an bpaindéim agus a fhillimid ar na moltaí a rinneadh in Athbhreithniú Fitzpatrick & Associates a eisíodh sa bhliain 2005 a chomhlíonadh.

1.6 Baill Foirne, Boird Bhainistíochta agus Coistí na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Baill Foirne na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Is é Spóirt Éireann a chistíonn croibhaill foirne na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Is trí fhoinsí eile a chistítear pearsana eile de chuid na gComhpháirtíochtaí. Mar aon le Comhordaitheoirí agus Riarthóirí, ba trí chistiú ó Spóirt Éireann a tacaíodh le 29 Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal agus le 29 Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt laistigh den líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2020. Mar thoradh ar an gcistiú sin, méadaíodh leibhéal foirne go ceathrar ar a laghad i ngach ceann de na 29 Comhpháirtíocht agus comhlíonadh Gníomh 12 atá sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, ina sonraítear an méid seo a leanas:

“Agus aghaidh á tabhairt ar na grádáin mhíchumais ó thaobh rannpháirtíochta de, féachfaimid ar an bhféidearthacht atá ann líonra náisiúnta Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a thabhairt isteach, rud a bheidh ailínithe leis an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Bheifí ag súil leis go n-oibreodh na hOifigigh sin go dlúth le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ábhartha, leis an earnáil míchumais, le soláthraithe ionad fóillíochta, le hIonad CARA agus le geallsealbhóirí eile ar mhaithe le deiseanna a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt.”

Chistigh Spóirt Éireann 135 duine sa líonra Comhpháirtíochtaí go hiomlán nó go páirteach sa bhliain 2020. Chistigh sé 88 duine go hiomlán. D'éarcaigh an líonra Comhpháirtíochtaí 25 duine ar intéirneachtaí agus ar shocrúcháin fostaíochta. Chonraigh na Comhpháirtíochtaí 437 teagascóir chun cláir, cúrsaí, ceardlanna agus tionscnaimh a sholáthar laistigh den struchtúr Comhpháirtíochtaí freisin.

D'fhostaigh na Comhpháirtíochtaí 221 duine san iomlán de bhaill foirne pháirtaimseartha agus lánaimseartha sa bhliain 2020, rud a bhí cothrom le 213 fostaí lánaimseartha. Fir a bhí i 103 duine den 221 fostaí (47%) agus mná a bhí i 118 duine díobh (53%).

Boird Bhainistíochta agus Coistí na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt - Rannpháirtíocht agus Ionadaíocht

- D'fhóin 402 duine san iomlán ar bhoird Chomhpháirtíochta sa bhliain 2020. Tá sé sin cothrom le meánlíon 14 dhuine ar gach bord.
- Mná a bhí i 37% de chomhaltaí boird Chomhpháirtíochta. Is airde an figiúr sin ná an sprioc a leagtar síos sa Bheartas um Mná sa Spóirt agus sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, is é sin go sealbhódh mná 30% ar a laghad de na ról ar bhoird chomhlachtaí cistithe faoin mbliain 2027.
- Cuireann comhaltaí boird tacair scileanna ar leith lena gComhpháirtíocht. Baineann an saineolas sin le réimsí amhail airgeadas, bainistíocht, caidreamh poiblí, rialachas agus acmhainní daonna. Cabhraíonn an méid sin ar fad le réachtáil éifeachtach na gComhpháirtíochtaí.

Bhí Údarás Áitiúla, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus an earnáil oideachais ar na trí rannpháirtí is gníomhaí ar Bhoird Bhainistíochta Comhpháirtíochta sa bhliain 2020.

1.7 Tacaí ó Spóirt Éireann

Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann

Téann Spóirt Éireann i dteagmháil leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus lena gcuid ball foirne ar bhonn tráthrialta. Bhuail Spóirt Éireann leis na Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta i bpearsa agus go fíorúil ar fud na bliana 2020. I mí Feabhra 2020, thionóil Spóirt Éireann cruinniú comhordaitheoirí náisiúnta a cuireadh ar siúl i bpearsa chun plé a dhéanamh ar chuntais, cumhdach, meastóireacht, cathracha gníomhacha agus príomhnithe eile a bhaineann leis an líonra Comhpháirtíochtaí.

Mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, ba go fíorúil a cuireadh ar siúl na cruinnithe eile a tionóladh idir Spóirt Éireann agus na Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta. Tríd an ardán fíorúil, bhí sé níos éifeachtúla bualadh leis an líonra ar bhonn tráthrialta. Cuireadh 10 gcrúinniú fhíorúla le comhordaitheoirí ar siúl ar líne idir mí Aibreáin agus mí na Nollag 2020. Cumhdaíodh leo sin saincheisteanna atá sonrath do Covid-19, saincheisteanna oibriúcháin agus topaicí amhail Pleananna Forbartha Contae, Operation Transformation agus Seachtain Eorpach an Spóirt. Ó mhí na Samhna ar aghaidh, cuireadh cruinnithe fíorúla le hAonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann agus leis na Comhordaitheoirí Comhpháirtíochta ar siúl gach dhá sheachtain.

Cruthaíodh grúpa oibre “Le Chéile” a bhí comhdhéanta de Chomhordaitheoirí Comhpháirtíochta agus de Choiste Feidhmiúcháin Spórt Éireann. Tháinig sé le chéile ar bhonn tráthrialta ar fud na bliana chun freagairt chomhordaithe do phaindéim Covid-19 a fhorbairt don líonra Comhpháirtíochta. Chruthaigh an grúpa oibre sraith acmhainní náisiúnta ar chuir an líonra Comhpháirtíochtaí iad i bhfeidhm chun gníomhaíocht a mhéadú le linn na paindéime. Chomh maith leis sin, chruthaigh sé Prótacal um Fhilleadh ar an Spórt do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

D’eagraigh Spórt Éireann sraith cruinnithe agus ceardlann leis na Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2020 ar mhaithe le cumas, scileanna agus eolas na hearnála a fhorbairt. I mí na Nollag 2020, reáchtáladh cruinnithe leithleacha chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheistanna atá sonrach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt is Cuideachtaí (CLG) nó do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt de chuid Údarás Áitiúil faoi seach. De bhreis air sin, d’eagraigh Spórt Éireann cruinnithe fíorúla chun Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt agus Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal a uasoiliúint, chun líonrú a éascú eatarthu agus chun an dea-chleachtas a chomhroinnt leo. Chuir Oifigigh Forbartha ó Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta láithreoireacht ar thionscadail a d’fhorbair siad agus a sholáthair siad le chéile. Leagadh díriú freisin ar rialachas agus ar theoiric an athraithe iompraíochta. Cuireadh ceardlanna ar siúl do Chomhpháirtíochtaí ar na topaicí sin le linn na bliana 2020.

Soláthraíonn na Comhpháirtíochtaí tuarascáil lár bliana do Spórt Éireann le linn na bliana. Cuireann siad an tuarascáil bhliantúil uathu faoi bhráid Spórt Éireann ag deireadh na bliana ansin. Sa bhliain 2020, iarradh ar na Comhpháirtíochtaí, mar chuid de na hathbhreithnithe lár bliana sin, an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta acu ar an gcód rialachais a chomhlíonadh.

Aonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta Spórt Éireann

- D’fhreastail 65 ball foirne Comhpháirtíochta ar raon leathan comhdhálacha foghlama, cúrsaí agus ceardlann inar pléadh le réimsí amhail bainistíocht tionscadal, bainistíocht riosca, pleanáil straitéiseach agus rialachas.
- Glacadh naonúr ball foirne Comhpháirtíochta isteach sa Deimhniú Gairmiúil sa Rialachas, atá faoi stiúir ag Spórt Éireann agus ag an bhForas Riaracháin.
- D’fhreastail 104 duine de bhaill foirne Comhpháirtíochta/comhlachtaí boird Chomhpháirtíochta ar raon leathan seimineár Gréasáin ar rialachas agus ar raon leathan seisiún grúpa ar líonrú mar chuid den Chlár Tacaíochta Rialachais Gov-Enhance.
- Bhain 11 bhall foirne Comhpháirtíochta céim amach as Clár Forbartha Bainistíochta ACCELERATE Spórt Éireann sa bhliain 2019/2020.
- Glacadh 17 mball foirne Comhpháirtíochta isteach sa Chlár Forbartha Bainistíochta ACCELERATE sa bhliain 2020/2021.
- Mar chuid den Chlár Sláinte agus Folláine ‘Find Your Fit’, d’ainmnigh ceithre Chomhpháirtíocht Curadh Folláine le haghaidh a n-eagraíochta.
- Mar chuid de Chlár Meantóireachta M-Power, ghlac seisear Meantóirí Comhpháirtíochta agus seisear Meantaithe Comhpháirtíochta páirt sa dara timthriall den chlár. Tá an tríú timthriall den chlár ar siúl faoi láthair, agus triúr Meantóirí Comhpháirtíochta agus ceathrar Meantaithe Comhpháirtíochta ag glacadh páirt ann.
- Ghlac beirt chéimithe ó na Comhpháirtíochtaí páirt sa Chlár Fostaíochta Céimithe ASPIRE sa bhliain 2019/2020. Tá cúigear céimithe ó Chomhpháirtíochtaí ag glacadh páirt i gclár na bliana 2020/2021 faoi láthair.
- Bhí teagmháil leanúnach ann le raon seirbhísí Forbartha Cumais Eagraíochta ar fud an líonra freisin i réimsí amhail seirbhísí comhairleacha acmhainní daonna agus freastal ar ghrúpaí líonraithe.

Cuid 2

Éachtaí an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2020

2.1 Réamhrá

Tugann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt faoi raon leathan gníomhartha ar mhaithe le leibhéal rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú ina bpobal áitiúil. Tá na gníomhartha sin grúpáilte ina gceithre réimse toraidh:

- Oibriú chun clubanna, cóitseálaithe agus oibríthe deonacha a fhorbairt agus tacú le comhpháirtíochtaí idir clubanna áitiúla spóirt, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí eanála
- Tuilleadh deiseanna a chruthú le haghaidh rochtain a fháil ar an oideachas agus an oiliúint a bhaineann le spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar
- Cláir, imeachtaí agus tionscnaimh spriocdhíríte a sholáthar ar mhaithe le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil agus sa spórt a mhéadú
- Faisnéis a sholáthar faoin spórt agus faoi ghníomhaíocht fhisiciúil ar mhaithe le feasacht agus rochtain a chruthú.

2.2 Clubanna Áitiúla Spóirt agus Pobail Áitiúla a Fhorbairt

Ceann de na príomhaidhmeanna atá ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt is ea leibhéal inbhuanaithe forbartha a chinntiú laistigh de na struchtúir áitiúla spóirt. Ar fud an líonra, oibríonn na Comhpháirtíochtaí i gcomhar le clubanna agus grúpaí chun a chinntiú go bhfuil struchtúir i bhfeidhm chun gach duine den phobal a chumasú páirt a ghlacadh i raon leathan roghanna spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla.

Éascaítear an timpeallacht inbhuanaithe sin trí dheiseanna a thabhairt d'oibríthe deonacha agus do chóitseálaithe feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus ar cháilíocht na rannpháirtíochta sa spórt ina bpobal.

Cistiú do Thacaí Club agus Pobail

Thug na Comhpháirtíochtaí tacaí cistiúcháin do 3,086 club agus do 560 grúpa pobail ar fud na tíre sa bhliain 2020. Trí Chroíchistiú, d'infheistigh Spórt Éireann €409,900 i dtacaíocht Forbartha Club agus Pobail ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí sa bhliain 2020.

Obair Forbartha Club


Tacaíonn na Comhpháirtíochtaí le soláthraithe spóirt agus gníomhaíochta fhisiciúla ar fud na tíre. Oibríonn siad le clubanna spóirt, le pobail agus le daoine aonair freisin chun deiseanna nua spóirt agus conairí nua chun an spóirt a thabhairt isteach ar mhaithe le rannpháirtíocht san aclaíocht fhisiciúil a chothú.

Chuipe sin, tharla sé sa bhliain 2020

- go raibh 6,516 ceann san iomlán de chruinnithe agus de ghlaonna teileafóin ann idir clubanna agus Comhpháirtíochtaí, a raibh mar aidhm leo comhairle neamhfhoirmiúil a chomhroinnt
- go raibh 9,930 ceann san iomlán de chruinnithe agus de ghlaonna teileafóin ann idir grúpaí pobail agus Comhpháirtíochtaí, a raibh mar aidhm leo comhairle neamhfhoirmiúil a chomhroinnt.

Léirítear san íomhá thíos roinnt de na gníomhartha eile a rinne na Comhpháirtíochtaí chun tacaíocht a thabhairt do chlubanna agus do ghrúpaí pobail sa bhliain 2020.

Fíor H – Gníomhartha Forbartha Club/Pobail de réir Líon Clubanna/Grúpaí Pobail



1,759	An líon grúpaí pobail ar tugadh pacáí acmhainne dóibh
1,357	An líon clubanna ar tugadh pacáí acmhainne dóibh
1,055	An líon clubanna a d'fhreastail ar cheardlanna
973	An líon grúpaí pobail ar tacaíodh leo gníomhaíochtaí a sholáthar
534	An líon clubanna ar tacaíodh leo gníomhaíochtaí a sholáthar
195	An líon grúpaí pobail a d'fhreastail ar cheardlanna
191	An líon clubanna ar tugadh teimpléid dóibh
175	An líon clubanna ar tacaíodh leo a rialachas, a mbeartais nó a struchtúir eagraíochta a fhorbairt
152	An líon grúpaí pobail ar tugadh teimpléid dóibh
74	An líon grúpaí pobail ar tacaíodh leo a rialachas, a mbeartais nó a struchtúir eagraíochta a fhorbairt

Imríonn na Comhpháirtíochtaí ról ríthábhachtach i gcomhairle a thabhairt do chlubanna maidir le pleanáil agus meastóireacht agus maidir le caighdeáin agus beartais rialachais a fhorbairt. Tríd an obair thacaíochta sin, cabhraítear le clubanna feabhsuithe a dhéanamh ar mhaithe le baill a mhealladh agus a choinneáil.

2.3 Cúrsaí agus Ceardlanna Oiliúna agus Oideachais

Soláthraíonn na Comhpháirtíochtaí raon deiseanna tábhachtacha oiliúna agus uasoiliúna ar leibhéal áitiúil d’oibrithe deonacha, do chóitseálaithe agus do riarthóirí. Dhá chlár den sórt sin is ea an clár Ceannaireachta Óige agus an clár Tacáí d’Oibrithe Deonacha.

Ceannaireacht Óige

Tríd an gclár seo, forbraítear scileanna cineálacha ceannaireachta ar féidir iad a úsáid i raon cúinsí spóirt agus/nó áineasa agus ar féidir leo cur le forbairt phearsanta an fhoghlaimora. Leantar le hoibrithe deonacha oilte a fhorbairt tríd an gclár freisin, ar daoine iad ar féidir leo cabhrú le tionscnaimh spóirt agus áineasa a sholáthar laistigh dá bpobal agus, ag an am céanna, oiliúint a sholáthar do dhaoine óga, iad a choinneáil gafa leis an spóirt, a bhfreagracht a mhéadú, cur lena muinín agus lena bhféinmheas agus deis a thabhairt dóibh tabhairt faoi obair dheonach ar feadh an tsaoil.


Tacaí d’Oibrithe Deonacha

Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh seo sainaitheint a dhéanamh ar dhaoine aonair a dhéanann obair dheonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas agus cúnamh a thabhairt dóibh scileanna ceannaireachta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a ghnóthú lena n-úsáid sa phobal, e.g. mar chóitseálaithe, mar cheannairí, mar réiteoirí, mar chomhaltaí coiste, etc.

- Rinne na Comhpháirtíochtaí 276 ceann difriúil de chúrsaí, ceardlanna agus seimineáir oiliúna agus oideachais a phleanáil agus a sholáthar i gcomhar lena ngníomhaireachtaí is comhpháirtí
- Ghlac 31,369 duine páirt sna cúrsaí oiliúna sin.

Tugtar san fhíor seo a leanas miondealú ar na cineálacha oiliúna agus ar mhéid na hoiliúna a soláthraíodh sa bhliain 2020.

Fíor I – Gníomhartha Oiliúna agus Oideachais agus an Líon Rannpháirtithe



2.4 Cláir Spóirt Éireann a Sholáthar

Ceardlanna Cumhdaigh agus Róil Chumhdaigh

Tá clár Cumhdaigh Spóirt Éireann dírithe ar cheannairí spóirt agus ar aosaigh a ghabhann do ghníomhaíochtaí spóirt a eagrú do leanaí agus do dhaoine óga. Is é sprioc an chláir feasacht a mhéadú ar an dea-chleachtas agus ar cheanglais dhlíthiúla i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí. Tairgeann Spóirt Éireann trí cheardlann i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh.

- Cumhdach 1 - Bunfheasacht (gach cóitseálaí)
- Cumhdach 2 - Oifigeach Leanaí an Chlub (sainiúil don ról)
- Cumhdach 3 - Teagmhálaí Ainmnithe (sainiúil don ról)

Tá mionsonraí faoi na ceardlanna sin leagtha amach thíos:

Cumhdach 1 - Ceardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí	Cumhdach 2 - Oifigeach Leanaí an Chlub	Cumhdach 3 - Teagmhálaí Ainmnithe
Ní mór do gach Cóitseálaí, Oifigeach Leanaí agus Teagmhálaí Ainmnithe an Cheardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí a chur i gcrích ar dtús. Maireann an cúrsa trí huaire an chloig. Tugtar eolas do rannpháirtithe sa Cheardlann seo faoin dea-chleachtas agus faoi na ceanglais dhlíthiúla a chur chun feidhme maidir le leas na leanaí a ghlacann páirt sa spórt a chosaint.	Ní mór do dhuine a cheaptar chuig post an Oifigigh Leanaí i gclub ar leith Cumhdach 1 (Ceardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí) a chur i gcrích agus páirt a ghlacadh ina dhiaidh sin i gceardlann Oifigeach Leanaí Club a mhaireann trí huaire an chloig. Leis an gCeardlann sin, cabhraítear le hOifigeach Leanaí an Chlub feidhm a ról sa club a chomhlíonadh agus tacú leis an dea-chleachtas i réimse an chumhdaigh a chur chun feidhme sa club.	Ní mór do dhuine a cheaptar chuig post an Teagmhálaí Ainmnithe i gclub ar leith Cumhdach 1 (Ceardlann Bunfheasachta um Leas agus Cosaint Leanaí) a chur i gcrích agus ba cheart dó/dí an cheardlann Teagmhálaithe Ainmnithe a mhaireann trí huaire an chloig a chur i gcrích. Féadfaidh club an t-aon duine amháin a cheapadh chuig post an Oifigigh Leanaí Club agus chuig post an Teagmhálaí Ainmnithe araon. Mar sin féin, moltar sa dea-chleachtas go gcoinneofaí iad mar róil leithleacha.

Oifigeach Leanaí an Chlub (sainiúil don ról)

Ba cheart d'Oifigeach Leanaí an Chlub bheith leanbh-lárnach agus féachaint, mar phríomhaidhm aige/aici, le héiteas leanbh-lárnach a bhunú laistigh den club. Tá an tOifigeach Leanaí ina nasc idir na leanaí agus na haosaigh sa club. Glacann sé/sí freagracht freisin as faireachán a dhéanamh ar an tionchar a imríonn beartas an club ar dhaoine óga agus ar cheannairí spóirt agus as tuairisc a thabhairt do Choiste Bainistíochta an Chlub air sin.

Teagmhálaí Ainmnithe (sainiúil don ról)

Ba cheart do gach club/eagraíocht duine a ainmniú chun freagracht a ghlacadh as déileáil le haon ábhair imní faoi chosaint leanaí. Tá an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as líomhaintí mí-úsáide leanaí nó amhras faoi mhí-úsáid leanaí a thuairisciú do TUSLA - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, do Sheirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann) agus/nó don Gharda Síochána/do Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann. Moltar go mbeadh an duine sin ina (h) oifigeach sinsearach laistigh den club. Más rud é go mbeidh deacracht ann duine aonair ar leith a shainaitheint chun an ról a ghlacadh, d'fear, féadfar Oifigeach Leanaí an Chlub a cheapadh mar Theagmhálaí Ainmnithe a luaitear a bheidh tuiscint shoiléir ag an gclub/an eagraíocht ar fhreagrachtaí an dá ról. Ba cheart ainm agus sonraí teagmhála an Teagmhálaí Ainmnithe agus na freagrachtaí a ghabhann leis an ról a leagan amach i mbeartas agus nósanna imeachta cosanta leanaí na heagraíochta.

Sa bhliain 2020, chuir 4,566 duine san iomlán de cheannairí spóirt agus d'oibrítithe deonacha oiliúint Cumhdach 1 i gcrích ar fud 356 ceardlann a reáchtáil na Comhpháirtíochtaí. D'fhreastail thart ar 450 oibrí deonach ar an oiliúint leantach d'Oifigigh Leanaí ar fud 37 ceardlann ina dhiaidh sin. Agus Cumhdach 3 á sholáthar, fuair 86 rannpháirtí oiliúint sa ról mar Theagmhálaí Ainmnithe le linn ceithre cheardlann a d'éagraigh na Comhpháirtíochtaí. Sa bhliain 2020, d'éirigh leis na Comhpháirtíochtaí dul i dtáthí ar na dúshláin a tháinig as paindéim Covid-19, agus an-chuid dá gcúrsaí á soláthar ar líne acu.

Tábla 1 – Achoimre ar aschuir Chumhdaigh sa bhliain 2020


	CUMHDACH 1	CUMHDACH 2	CUMHDACH 3
An líon ceardlann a soláthraíodh	356	37	4
An líon rannpháirtithe	4,566	450	86

2.5 Tionscnaimh Rannpháirtíochta na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Agus tionscnaimh spriocdhírthe á ndearadh, á soláthar agus á n-athbhreithniú go díreach acu, méadaíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt an leibhéal rannpháirtíochta áitiúla, go háirithe i measc grúpaí sóisialta a mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm orthu. Tríd an saineolas áitiúil agus trí na naisc áitiúla atá acu laistigh den bhonneagar spóirt, is féidir leis na Comhpháirtíochtaí riachtanais shonracha a shainaitheint agus pleanáil dá réir sin.

Mhéadaigh an líon daoine a ghlac páirt i dtionscnaimh de chuid na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ó 52,000 duine sa bhliain 2007 go 340,674 duine sa bhliain 2020. Tugann an tomhas ardleibhéal sin le fios go mbíonn feidhmíocht an líonra Comhpháirtíochtaí ag feabhsú agus ag forbairt gach bliain.


Fíor J – An Líon Daoine a nDeachaigh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt i bhFeidhm Orthu idir na blianta 2007 agus 2020



* Cé gur cuireadh athchuartheanna ar parkrun ar áireamh don bhliain 2015, níl siad ar áireamh sna figiúirí do na blianta ina dhiaidh sin

- Ghlac 340,674 duine páirt i 1,132 ceann de thionscnaimh rannpháirtíochta a soláthraíodh ar bhonn áitiúil sa bhliain 2020.
- I dteannta na dtionscnaimh thuas, tacaíonn na Comhpháirtíochtaí le roinnt idirghabhálacha gníomhaíochta fisiciúla amháil parkrun, Marcanna Clós Súgartha, an Míle Laethúil, Saorshúgradh Cailce agus tionscnaimh um Obair Bhaile Ghníomhach freisin. Soláthraíodh a lán idirghabhálacha sa bhliain 2020 trí acmhainní gníomhaíochta fisiciúla a chomhroinnt. Áiríodh leo sin naisc chuig físeáin agus íomhánna ar líne, agus pacáí acmhainní fisiciúla. Níor cuireadh na hidirghabhálacha sin ar áireamh sna figiúirí Comhpháirtíochta toisc gurb iad geallsealbhoirí seachtracha a stiúran go príomha iad (e.g. parkrun) nó toisc go bhfuil sé doiligh iad a thomhas (i.e. cá mhéad duine a bhí gníomhach agus cé chomh minic agus a bhíodh siad gníomhach, e.g. Marcanna Clós Súgartha, Saorshúgradh Cailce agus tionscnaimh um Obair Bhaile Ghníomhach). Is idirghabhálacha tábhachtacha iad a bhfuil figiúirí suntasacha ag gabháil leo, áfach. Mar sin, cuirtear iad i láthair ar leithligh sa tuarascáil seo ionas nach saobhfair leanúnachas an tuairiscithe sonraí ar obair thraidisiúnta na gComhpháirtíochtaí. Ar an mbealach sin, tugtar sásra trínar féidir rannchuidiú na n-idirghabhálacha a aithint agus faireachán a dhéanamh ar fhás ina leith sa todhchaí.
- Ghlac 64,524 duine eile páirt i 43 idirghabháil rannpháirtíochta ar tacaíodh leo ar bhonn áitiúil sa bhliain 2020. Déanann an tacaíocht a thugann na Comhpháirtíochtaí do na hidirghabhálacha sin rannchuidiú suntasach breise maidir le rannpháirtíocht i gníomhaíocht fhisiciúil agus sa spórt a mhéadú i bpobail ar fud na hÉireann.


Fíor K – Idirghabhálacha agus an Líon Rannpháirtithe



Tugtar san fhíor seo a leanas miondealú ar na grúpaí éagsúla a ndeachthas i bhfeidhm orthu trí thionscnaimh rannpháirtíochta sa bhliain 2020.

2.5.1 Tionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt a soláthraíodh sa bhliain 2020

Fíor L – Spriocghrúpaí agus an Líon Rannpháirtithe



2.5.2 Catagóiriú na dTionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt


De na 340,674 rannpháirtí a ndeachthas i bhfeidhm orthu trí thionscnaimh sa bhliain 2020, cuireadh 160,191 duine i mbun gníomhaíochta trí chláir Chomhpháirtíochta, cuireadh 49,512 duine i mbun gníomhaíochta trí imeachtaí Chomhpháirtíochta, chuathas i bhfeidhm ar 117,298 duine trí chláir Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta, tarraingíodh 9,017 duine isteach trí bhlas-seisiúin agus chuathas i bhfeidhm ar 4,656 duine trí champaí spóirt. Déantar cur síos gairid sa tábla thíos ar na cúig chatagóir tionscnaimh Chomhpháirtíochta atá ann.

Tábla 2 - Cur Síos ar Chatagóirí Tionscnaimh

Catagóir Tionscnaimh	Cur Síos
Cláir na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	Is é an sainmhíniú atá orthu ná deiseanna rannpháirtíochta faid shocraithe a mhaireann tréimhse is mó ná seisiún nó dhó. Is gnách go soláthraítear iad thar roinnt seachtainí nó laethanta neamh-chomhleanúnacha, e.g. Fir ag Gluaiseacht, Beir Beo ar an Saol, Clár Siúil an Phobail
Imeachtaí na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	Is é an sainmhíniú atá orthu ná ócáidí rannpháirtíochta faid shocraithe a mhaireann lá amháin de ghnáth. Is gnách go socraíonn rannpháirtithe sprioc chun dul isteach san imeacht agus tabhairt faoi roinnt oiliúna nó go dteastaíonn bunclaíocht nó bunscileanna uathu chun páirt a ghlacadh ann, e.g. rití 5 km, an tSraith Rothaíochta, Mion-Mharatóin
Blas-Seisiún	Is é an sainmhíniú atá orthu seo ná deiseanna rannpháirtíochta aonuaire nach mó ná eispéireas aonair, cé go bhféadfadh go mbeadh treorú chuig deiseanna níos fadtéarmaí ag gabháil leo. Is gnách nach dteastaíonn aon oiliúint roimh ré agus beagán scile/aclaíochta roimhe ó rannpháirtithe chun páirt a ghlacadh iontu, e.g. Laethanta Spraoi, Oícheanta 'Bí Gníomhach', imeachtaí teaghlaigh, seachtainí cur chun cinn, etc.
Campaí Spóirt	Is é an sainmhíniú atá orthu ná campaí lena dtairgtear deiseanna rannpháirtíochta spóirt i spórt ar leith nó i roinnt spórt. Is gnách go maireann siad tréimhse is lú ná seachtain, e.g. Campaí Sacair Chumann Peile na hÉireann, Campaí Cúl CLG
Cláir na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	Is é an sainmhíniú atá orthu seo ná deiseanna rannpháirtíochta mar a bhfuil Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ar an bpríomhsholáthraí don tionscnamh. Tá seans ann go soláthróidh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt tacaíocht agus acmhainní dóibh, e.g. Ilchomórtais Rugbaí, Blitzchomórtais CLG, sraitheanna sacair

Léirítear san fhaisnéis thíos an líon rannpháirtithe a ndeachthas i bhfeidhm orthu i ngach catagóir.


Fíor M – Catagóirí Tionscnaimh agus an Líon Rannpháirtithe



2.5.3 Tionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt a soláthraíodh sa bhliain 2020

Tugtar san fhíor seo a leanas forbheathnú ar na cineálacha tionscnamh a soláthraíodh sa bhliain 2020.

Fíor N - Tionscnaimh Rannpháirtíochta agus an Líon Rannpháirtithe



2.5.4 Teoiric an Athraithe Iompraíochta

Ar mhaithe le tuiscint a ghnóthú ar chur i bhfeidhm Theoiric an Athraithe Iompair maidir leis an obair a dhéanann na Comhpháirtíochtaí i rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, iarradh ar na Comhpháirtíochtaí príomhthionchar gach tionscnaimh a chatagóiriú faoi na colúin de Shamhail Athraithe Iompair COM-B. Déantar cur síos níos mine sa tábla thíos ar na cineálacha tionchair ar shamhail COM-B. Trasnaíonn roinnt gníomhartha thar chineálacha éagsúla tionchair. I gcásanna den sórt sin, roghnaigh na Comhpháirtíochtaí an tionchar is suntasaí.


Tábla 3 - Cur Síos ar Shamhail Athraithe Iompraíochta COM-B

PRÍOMHTHONCHAR FAOI SHAMHAIL ATHRAITHE IOMPRAÍOCHTA COM-B	CUR SÍOS
Forbairt Cumais Fhisiciúil	Gníomhartha lena bhforbraítear scileanna an rannpháirtí go príomha, e.g. cláir a sholáthraítear thar roinnt seisiún
Forbairt Cumais Shíceolaíoch	Gníomhartha lena bhforbraítear eolas an rannpháirtí go príomha, e.g. blaslaethanta, cumarsáidí lena ngabhann díriú ar fhaisnéis
Forbairt Deiseanna Fhisiciúla	Gníomhartha lena bhforbraítear bonneagar, saoráidí agus trealamh go príomha, lena laghdaítear costas go príomha nó lena bhfeabhsaítear rochtain go príomha, e.g. forbairtí caipitil, lascainí, soláthar faisnéise amhail eolairí club agus saoráide
Forbairt Deiseanna Sóisialta	Gníomhartha lena bhforbraítear cultúr rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil go príomha, e.g. cumarsáidí lena ngabhann díriú sóisialta
Inspregadh Machnamhach	Gníomhartha lena dtugtar spriocanna do rannpháirtithe go príomha, e.g. imeachtaí rannpháirtíochta, cumarsáidí lena ngabhann díriú ar spriocanna
Inspregadh Uathoibríoch	Gníomhartha lena bhforbraítear nósanna rannpháirtithe go príomha, e.g. idirghabhálacha a mbíonn tionchar fadtéarmach acu agus lena ngabhann rochtain éasca agus tionchar beag ar an duine aonair de ghnáth

Cuirtear i láthair san fhíor seo a leanas an líon rannpháirtithe a ndeachthas i bhfeidhm orthu trí thionscnaimh rannpháirtíochta faoi gach ceann de na colúin athraithe iompair.

Tugtar le fios i samhail COM-B nach mór do dhuine aonair Cumas (Fhisiciúil agus Síceolaíoch), Deis (Fhisiciúil agus Shóisialta) agus Inspregadh (Machnamhach agus Uathoibríoch) a bheith aige/aici chun a (h)iompraíocht a athrú. Léirítear sa ghráf thíos go bhforbraítear Cumas Fhisiciúil go príomha i 53% de na tionscnaimh Chomhpháirtíochta agus nach bhforbraítear Cumas Síceolaíoch go príomha ach i 9% díobh. Léirítear ann freisin go bhfuil sé mar aidhm le 10% de na tionscnaimh Chomhpháirtíochta Inspregadh Machnamhach a chothú.

Fíor O – Teoiric an Athraithe Iompraíochta agus an Líon Rannpháirtithe



2.6 Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt agus a Chothú

Soláthar Faisnéise

Gníomhaíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt mar mhol faisnéise agus mar phointe teagmhála laistigh dá bpobal. Oibríonn siad chun faisnéis a chomhroinnt agus chun a gcuid spriocghrúpaí a threorú agus a tharchur chuig an gcéad chéim eile is cuí, bíodh sé sin ina nasc chuig club spóirt, chuig eagraíocht phobalbhunaithe nó chuig deis oibre deonaí. Bailíonn na Comhpháirtíochtaí faisnéis leanúnach faoi chineál agus méid na hoibre a dhéanann siad chun faisnéis a thabhairt dá bpobal agus chun a gcuid gníomhaíochtaí agus clár a phróifiliú. Tugtar sa tábla seo a leanas forbheathnú ar an raon ardán cumarsáide a mbaineann na Comhpháirtíochtaí leas astu, idir mhodhanna meán traidisiúnta agus mhodhanna meán sóisialta.

Tábla 4 – Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Cur Chun Cinn na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2020

Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí na Meáin Thraidisiúnta	2019	2020	-/+%
An líon agallamh ar an raidió	173	162	-6%
An líon alt sa phreas áitiúil	769	798	4%
An líon alt sa phreas náisiúnta	62	19	-69%
An líon preaseisiúintí a eisíodh	610	540	-11%
An líon nuachtlitreacha a priontáladh	17,220	48,650	183%
An líon láithreas ar an teilifís	13	5	-62%
Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí Chur Chun Cinn ar Líne	2019	2020	-/+%
Suíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt: an líon alt nua	1,158	2,171	87%
Suíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt: an líon amas	1,214,746	2,894,209	138%
Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí na Meáin Shóisialta	2019	2020	-/+%
Facebook: an líon postálacha/nuashonruithe	15,795	15,087	-4%
Facebook: an líon leantóirí	99,383	118,144	19%
Twitter: an líon tvúiteanna	11,243	8,017	-29%
Twitter: an líon leantóirí	40,659	43,819	8%
Instagram: an líon postálacha	1,368	5,367	292%
Instagram: an líon leantóirí	12,620	21,718	72%
LinkedIn: an líon leantóirí	781	812	4%
Faisnéis a Thabhairt do Phobail trí Sheirbhísí Téacsbhunaithe	2019	2020	-/+%
An líon teachtaireachtaí téacs a seoladh trí sheirbhís teachtaireachtaí téacs	50,718	45,318	-11%
An líon ceann de ghrúpaí WhatsApp	85	105	24%
An líon daoine i ngrúpaí WhatsApp	1,560	3,101	99%

Sa bhliain 2020, bhí méadú mór ann sa líon amas a fuair suíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí. Ar fud phaindéim Covid-19, sholáthair na Comhpháirtíochtaí raon leathan clár agus tionscnamh ar líne chun daoine a choinneáil gníomhach, agus forbairt á déanamh acu ar acmhainní spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla don phobal a d'fhéadfaí a rochtain ar a suíomhanna Gréasáin.

Tá na Comhpháirtíochtaí gníomhach freisin in acmhainní sonracha a fhorbairt chun aird a tharraingt ar an raon gníomhaíochtaí agus deiseanna atá ar fáil ar bhonn áitiúil agus chun na gníomhaíochtaí agus na deiseanna sin a chur chun cinn. Déantar amhlaidh i bhfoirm nuachtlitreacha, preaseisiúintí, leabhrán, eolairí agus doiciméad aistrithe. Coimeádann na Comhpháirtíochtaí bunachair shonraí eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla ar bun, mar aon le liostaí teagmhálaithe ríomhphoist.

Is féidir leis na Comhpháirtíochtaí a gcuid oibre a chur chun cinn trí na tuarascálacha bliantúla uathu freisin. Chomh maith leis sin, úsáideann siad foilseacháin agus láithreoireachtaí taighde go minic chun teachtaireachtaí tábhachtacha a scaipeadh maidir le rannpháirtíocht. Soláthraíodh 364 láithreoireacht do Chomhairleoirí, do bhaill foirne Údarás Áitiúil, do ghrúpaí pobail agus do chomhpháirtithe/geallsealbhóirí eile sa bhliain 2020.

Tábla 5 – Achoimre ar Fhaisnéis Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt a Tháirgeadh agus a Scaipeadh sa bhliain 2020

Acmhainní Faisnéise a Tháirgeadh	2019	2020	-/+%
An líon nuachtlitreacha a foilsíodh	92	95	3%
An líon bileog/leabhrán faisnéise a dáileadh	58,715	164,890	181%
Spéis an Phobail Áitiúil	2019	2020	-/+%
An líon daoine/clubanna/grúpaí ar an liosta ríomhphoist	80,606	80,383	0%
Taighde agus Tuarascálacha a Scaipeadh	2019	2020	-/+%
An líon tuarascálacha bliantúla a dáileadh	1,477	3,439	133%
An líon tuarascálacha meastóireachta a scríobhadh	118	157	33%
An líon tuarascálacha taighde a priontáladh	25	14	-44%
An líon láithreoireachtaí a tugadh	556	364	-35%

2.7 Líonrú, Tathant agus Múscailt Feasachta

Gné thábhachtach d'obair na gComhpháirtíochtaí is ea comhghuaillíochtaí agus caidreamh a fhorbairt le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta agus mórúcháin imní a chur in iúl i réimse an bheartais. Chun an ghné sin dá gcuid oibre a chur i gcrích, téann na Comhpháirtíochtaí go gníomhach i mbun obair coiste agus gníomhaíochtaí líonraithe ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Ghlac na Comhpháirtíochtaí páirt i 872 gníomh a bhain le líonraí a fhorbairt agus le tathant a dhéanamh ar son a gcuid spriocghrúpaí sa bhliain 2020.

Tugann na líonraí áitiúla agus náisiúnta clubanna spóirt, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla, oibríthe deonacha agus comhpháirtithe oibre eile le chéile agus cruthaíonn siad deiseanna le haghaidh fiontair chomhpháirtíochta a imríonn tionchar ar an spórt agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil ar leibhéal contae agus náisiúnta agus a chuireann acmhainní ar fáil don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil ar leibhéal contae agus náisiúnta.

Trí na gníomhartha líonraithe agus múscailte feasachta sin, méadaítear a mhéid a théann na Comhpháirtíochtaí i bhfeidhm ar dhaoine agus próifíltear an obair leanúnach a dhéanann siad. Is bonn braite iad freisin le haghaidh comhairle agus moltaí maidir leis na nithe is féidir leis an gComhpháirtíocht a dhéanamh chun cabhrú le clubanna agus comhpháirtithe spóirt.

Tábla 6 - Forbhreathnú ar an gcineál gníomhartha a raibh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt páirteach iontu sa bhliain 2020


CINEÁL GNÍOMHARTHA	AN LÍON GNÍOMHARTHA
Feachtais agus Iarrachtaí Brústocaireachta	138
Líonraí nó Coistí Áitiúla ar glacadh páirt iontu	292
Líonraí Réigiúnacha agus Náisiúnta ar glacadh páirt iontu	90
Tionscadail taighde ar glacadh páirt iontu	34
Comhdhálacha ar freastalaíodh orthu	268
Aighneachtaí Beartais/Straitéise a rinneadh	50
Iomlán	872

Trí ghníomhartha a dhéanamh i réimse an tathanta agus an bheartais, cumasaítear do na Comhpháirtíochtaí cur chun cinn a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an spórt i saol an phobail.

2.8 Teagmháil Comhpháirtíochta

Féachann na Comhpháirtíochtaí le deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla a stiúradh agus a chomhordú ar bhonn áitiúil. Sholáthair croíbhaill foirne Comhpháirtíochta 210 tionscnamh sa bhliain 2020. I gcomparáid leis sin, rinne teagascóirí, grúpaí pobail, clubanna, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, oibríthe deonacha agus comhpháirtithe eile 922 tionscnamh a sholáthar. Léirítear san fhíor thíos an raon soláthraithe tionscnamh sa bhliain 2020.

Fíor P - An Príomhshásra Soláthair do Thionscnaimh Rannpháirtíochta



Gné thábhachtach eile d'obair na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt is ea comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí eile ar mhaithe le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil agus sa spórt a chur chun cinn. Chuige sin, chuaigh na Comhpháirtíochtaí i dteagmháil le 92 eagraíocht eile ar a laghad sa bhliain 2020.

Chuaigh na 29 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt i mbun na nithe seo a leanas sa bhliain 2020;


- 529 comhpháirtíocht le 58 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta
- 91 comhpháirtíocht le cúig Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas
- 56 comhpháirtíocht le dhá chomhpháirtí eile a gcistíonn Spórt Éireann iad
- 567 comhpháirtíocht le 27 comhpháirtí seachtrach eile

Bhí Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, scoileanna, grúpaí pobail agus clubanna spóirt ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair do na Comhpháirtíochtaí le linn dóibh tionscnaimh a réachtáil sa bhliain 2020.

- Chuathas i bhfeidhm ar 93,802 duine trí thionscnaimh ina raibh Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair.
- Chuathas i bhfeidhm ar 52,393 duine trí thionscnaimh ina raibh scoileanna ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair.
- Chuathas i bhfeidhm ar 35,533 duine trí thionscnaimh ina raibh Grúpaí pobail/Clubanna spóirt ar an bpríomh-chomhpháirtí soláthair.

Le linn na bliana 2020, chuaigh na Comhpháirtíochtaí i dteagmháil le spóirt dhifriúla ar mhaithe le deiseanna rannpháirtíochta a thabhairt dá spriocphobal. Léirítear san íomhá seo a leanas an raon spóirt ar ghabh daoine dóibh agus páirt á nglacadh acu i dtionscnaimh rannpháirtíochta sa bhliain 2020. Glacadh páirt i mbreis agus 40 spórt le linn na tréimhse sin. Seachas tionscnaimh ilspóirt, bhí aclaíocht (lena n-áirítear an giomnásiam, ióga, pilates, campaí aclaíochta), rugbaí agus lúthchleasaíocht ar na trí spórt is mó rannpháirtíocht sa bhliain 2020. Chuathas i bhfeidhm ar 83,009 duine trí thionscnaimh ilspóirt, ar 33,491 duine trí thionscnaimh aclaíochta, ar 32,233 duine trí thionscnaimh rugbaí agus ar 30,915 duine trí thionscnaimh lúthchleasaíochta.

Fíor Q – Cineál Spóirt agus an Líon Rannpháirtithe



Cuid 3

Cás-Staidéir ar Thionscnaimh Spórt Éireann agus Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt

#ActiveWicklow

#BEACTIVE

An Lá Náisiúnta BíGníomhach 2020

Reáchtáil Spóirt Éireann agus an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt Lá Náisiúnta BíGníomhach an 28 Meitheamh 2020. Leis an tionscnamh sin, spreagadh daoine a dtreoirínte gníomhaíochta fisiciúla a chomhlíonadh ar bhealach spráúil ar an lá. Chuir Spóirt Éireann agus grúpa oibre Comhordaitheoirí agus Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal de chuid na gComhpháirtíochtaí acmhainn le chéile don ócáid, rud inar leagadh amach gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an lá. Cuireadh an Lá Náisiúnta BíGníomhach chun cinn trí fheachtas orgánach sna meáin náisiúnta agus sna meáin áitiúla araon. Chuathas i bhfeidhm ar 2,007,467 duine tríd an bpreas mar chuid den fheachtas. Fuair an feachtas 190,013 imprisean, 28,425 imprisean agus 1,938 imprisean ar chuntais Spóirt Éireann ar Twitter, Facebook agus Instagram faoi seach idir an 16 agus an 29 Meitheamh freisin.

Dúshlán Domhanda Deartha don Spóirt agus do Ghníomhaíocht Fhisiciúil

Ag obair dó i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, leis an gCumann Idirnáisiúnta um Spóirt agus Cultúr agus le roinnt comhpháirtithe eile, reáchtáil Spóirt Éireann Ráib Deartha idir an 26 agus an 28 Meitheamh 2020. Ghlac 38 foireann páirt sa chomórtas. Agus baill acu ó 40 tír ar fud an domhain, d'fhorbair na foirne smaointe nuálacha chun an bealach a réiteach le haghaidh filleadh ar an spóirt le linn ré Covid-19. Roghnaigh painéal sainmholtóirí na smaointe rathúla, agus tionscadal darb ainm "Enerethics", atá dírithe ar an bhfolláine sa spóirt, á dhearbhu mar bhuaiteoir. Chuir Spóirt Éireann tionscadail na n-iomaitheoirí sa chomórtas ceannais chun cinn lena meaitseáil agus lena saothrú san earnáil spóirt. Bhí deis ag na tionscadail sin iarratas ar infheistíocht a dhéanamh chuig Spóirt Éireann tríd an gCroíchiste nó trí Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2021.

Gníomhaíochtaí do Chách – Plean gníomhaíochta fisiciúla 4 seachtaine do dhaoine faoi mhíchumas

I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, reáchtáil Spóirt Éireann agus an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt plean gníomhaíochta fisiciúla 4 seachtaine do dhaoine faoi mhíchumas chun iad a chumhachtú bheith níos gníomhaí. I gcomhar le hIonad CARA, chuir Spóirt Éireann agus grúpa oibre Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt de chuid na gComhpháirtíochtaí acmhainn le chéile don phlean. Tá sé mar aidhm leis an acmhainn Scileanna Oll-Luaileacha daoine aonair (neart cabhlach, cothromaíocht, gluaiseacht dhéthaobhach agus scileanna liathróide) a fheabhsú ar bhealach spráúil agus, ag an am céanna, cabhrú le daoine a n-íosmhéid molta gníomhaíochta fisiciúla a chomhlíonadh, mar atá molta i bPlean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

Plean Aclaíochta Baile d'Aosaigh Scothaosta

I mí Dheireadh Fómhair, reáchtáil Spóirt Éireann agus an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt plean gníomhaíochta fisiciúla 4 seachtaine d'aoisigh scothaosta mar chuid de Sheachtain an Aosaith Dhearfaigh. I gcomhar le hAois agus Deis, chuir Spóirt Éireann agus grúpa oibre Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal de chuid na gComhpháirtíochtaí acmhainn le chéile don phlean. Leis an acmhainn, tacaítear le daoine agus iad ag iarraidh gníomhaíocht fisiciúil a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad ar a laghad gach lá, mar atá molta i bPlean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Chomh maith leis sin, cabhraítear le méadú a dhéanamh ar neart daoine agus ar an muinín atá acu as a gcorp, rud a thacóidh leo bheith níos gníomhaí ón taobh fisiciúil de agus scileanna inaistrithe a ghnóthú don saol laethúil.

Do Sháriarracht Phearsanta – Feachtas d'Fhir Os Cionn 45 Bliain

Chuir Spóirt Éireann Mí na Sáriarrachtaí Pearsanta ar siúl i mí na Samhna. Le tacaíocht ó chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, tugadh leis an tionscadal spreagadh d'fhir os cionn 45 bliain d'aois scor de leithscéalta a dhéanamh agus tabhairt faoi gníomhaíocht fisiciúil mheasartha ar feadh 30 nóiméad cúig lá sa tseachtain. Fuair an tionscadal tacaíocht ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta éagsúla i réimse an spóirt – Rothaíocht Éireann, Lúthchleasaíocht Éireann, Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl agus Snámh Éireann ina measc – a sholáthair faisnéis, comhairle agus clár d'fhir a bhí ag iarraidh bheith níos gníomhaí. Bhí acmhainní ar fáil ar shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann, ar leathanach a bhí tiomnaithe don fheachtas. Fuair an feachtas tacaíocht ón líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na tíre freisin, agus iad ag tabhairt tacaíocht phraiticiúil ar an talamh.

FORBHREATHNÚ



D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach i gcomhar le FAI Cheatharlach agus le New Oak Boys FC chun campa samhraidh lánchuimsitheach de chuid FAI a thairiscint go sonrach do leanaí idir 6 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois a bhfuil riachtanais bhreise acu agus dá siblí. Ba é cuspóir an champa ná deis a thabhairt do leanaí scoileanna nua sacair a fhoghlaim i dtimpeallacht chorráiteach, shábháilte agus thaitneamhach, scoileanna sóisialta a fhorbairt agus muinín a mhéadú. Reáchtáladh an campa ag páirc New Oak Boys FC i mBaile Cheatharlach.

AIDHMEANNA



- Gníomhaíocht fhísiciúil a mhéadú ar bhealach spráil taitneamhach trí shacar.
- Leanaí a chumasú sacair a imirt i dtimpeallacht chuimsitheach in éineacht le cóitseálaithe agus ceannairí spóirt atá oilte go cuí.
- Campa ina gclóifí le treoir línte Covid-19 ón rialtas a thairiscint le linn an tsamhraidh.
- Feasacht a mhéadú ar an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt i limistéar Cheatharlach.
- Cóitseálaithe a uasoiliúint agus tacú le clubanna cuimsitheacha a fhorbairt.

CUR CHUN FEIDHME

- D'éagraigh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Cheatharlach an clár i gcomhpháirt le FAI Cheatharlach (shínigh FAI Cheatharlach Cairt Míchumais Ionad CARA) agus i gcomhar le hionadaithe ó New Oak Boys Club
- Tionóladh cruinnithe pleanála agus ullmhúcháin le comhpháirtithe an chlár roimh an gcampa chun plé a dhéanamh ar gach gné den champa agus chun pleanáil le haghaidh ceannairí campa a earcú agus a oiliúint.
- Soláthraíodh oiliúint fhíorúil do gach teagascóir chun cur leis an eolas atá acu ar obair le leanaí faoi mhíchumas agus chun a chinntiú go raibh gach cóitseálaí sásta leis an measúnú riosca a rinneadh ó thaobh Covid-19 de agus leis na ról ar leith a bheadh acu sa champa.
- Sheol FAI ceistneoir chuig tuismitheoirí gach rannpháirtí chun a chinntiú go gcuirfí na gníomhaíochtaí, an t-ionad tionóil agus an tacaíocht in oiriúint do riachtanais aonair.
- Agus an campa ar siúl thar thrí lá, mhúin na teagascóirí scoileanna bunghluaiseachta amhail liathróid a chiceáil, smacht a fháil ar an liathróid agus cúl a scóráil. Rinneadh oiriúnuithe do rannpháirtithe, de réir mar ba ghá.

"Ghlac mo mhac páirt sa champa cuimsitheach peile, ar éirigh go geal leis. Bhí ár n-iníon in ann páirt a ghlacadh ann freisin. Thaitin an tseachtain go mór leis an mbeirt acu. Cé go mblionn campaí den sórt seo an-chostasach de ghnáth, bhí an campa seo réasúnta agus bhí sé an-ghar dúinn i gCeatharlach freisin. Chuaigh na hoibríthe i gcion go mór orainn agus bhí mo leanaí an-cheanúil ar gach oibrí a bhí ann. Ba shárghrúpa daoine iad. Bhain siad an oiread sin taitnimh as an gcampa agus bhíodh siad sásta gach lá. Bhí sé sin an-tábhachtach dúinn agus d'éirigh an scéal níos fearr fós nuair a fuair siad an feisteas ar fad."

TORTHAÍ

Ghlac 33 leanbh idir 6 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois ó Cheatharlach agus ó limistéir máguaird páirt sa champa. Bhí meascán cumas ann sa ghrúpa agus ghnóthaigh na rannpháirtithe uile taithí luachmhar ar shacar a imirt. Tríd an gcomhpháirtíocht idir Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach, FAI agus an club áitiúil sacair, cothaítear agus cuirtear chun cinn i measc na gclubanna an gá atá ann le daoine de gach cumas a chuimsiú. Tar éis an champa, thairiscigh tuismitheoirí go raibh fonn ar na rannpháirtithe dul amach agus an liathróid a fuair siad ag an gcampa a chiceáil agus gur bhain siad go léir an-taitneamh as páirt a ghlacadh ann.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá sé beartaithe obair i gcomhar le clubanna eile chun campaí cuimsitheacha agus seisiúin chuimsitheacha traenála a éascú ar mhaithe le cuimsiú leanaí a bhfuil riachtanais bhreise éagsúla acu – amhail uathachas, díospaice agus míchumais fhísiciúla, intleachtúla agus chéadfacha – a chur chun cinn. Mar aon le traenáil rialta, tacófar le leanaí atá i gclubanna cuimsitheacha imirt dá gclub áitiúil i mblitzchomórtais rialta in aghaidh foirne eile ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta araon.

Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin Clár Gníomhachtóra Amuigh faoin Spéir (Aosaigh 50+)



FORBHREATHNÚ

D'fhorbair Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin clár aclaíochta sé seachtaine ina n-úsáidtear maidí siúil gníomhachtóra do dhaoine atá 50 bliain d'aois nó níos sine chun cabhrú leo filleadh ar an aclaíocht tar éis bhearta dianghlása Covid-19.



AIDHMEANNA

- Cur leis na deiseanna atá ag daoine scothaosta sa chontae chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil
- Gníomhaíocht nua a thabhairt isteach atá oiriúnach do dhaoine scothaosta
- Páirceanna agus saoráidí siúil áitiúla sa chontae a chur chun cinn, áit ar óstáladh na cláir
- Tacú le daoine a bhfuil fadhbanna cothromaíochta agus luaineachta acu

CUR CHUN FEIDHME

Shainnadh Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin an gá a bhí ann le clár oiriúnach a reáchtáil do dhaoine scothaosta sa chontae, a bhí ag leithlisiú agus a raibh easpa deiseanna aclaíochta acu sa chéad 6 mhí den bhliain 2020. A luaithe a roghnaíodh 'Gníomhachtóir' mar chláir cuí, chuaigh an Chomhpháirtíocht i dteagmháil le roinnt grúpaí áitiúla, lena áiríodh cumainn gníomhaíochta lucht scoir agus clubanna CLG, a bhí ag iarraidh an clár a éascú ina bpobal féin. Chun a chinntiú go rachadh an clár i bhfeidhm ar dhaoine a bhainfeadh an-tairbhe as an ngníomhaíocht, bunaíodh nasc le Fisiteiripeoirí Sinsearachá áitiúla de chuid FSS, a tharchuir roinnt cliant chuig an gclár ansin. Chuir Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin an clár chun cinn ar bhonn áitiúil, agus córas réamhchlárúcháin ar líne á úsáid aici chun a chinntiú go gcloíff leis na treoirínte uile maidir le Covid-19 ar feadh thréimhse an chláir.



6
SOLÁTHRAÍODH
6 CHLÁR

65
GHLAC 65 DUINE PÁIRT SNA
CLÁIR, AGUS AN
GHNÍOMHAÍOCHT SEO Á
DÉANAMH ACU DEN CHÉAD
UAIR RIAMH

"Chabhraigh na ranganna seo liom tónáil suas agus mo neart matáin a mhéadú"

"Ba shárghníomhaíocht aclaíochta amuigh faoin spéir í agus tiocfaidh mé ar ais má eagraítear arís!"

"Chuir an ghníomhaíocht feabhas ar mo staidiúr agus mo chothromaíocht agus bhí na leideanna uile ón teagascóir an-úsáideach"



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Soláthrófar an clár gníomhachtóra chuig limistéir bhreise sa bhliain 2021 chun freastal ar an éileamh ar an gclár. Beidh sé mar chuid d'fhéilire gníomhaíochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt an Chabháin le haghaidh 'aosaigh gníomhacha 50+'. Tosófar ag oiliúint ceannairí áitiúla freisin. Leanfaidh an Chomhpháirtíocht uirthi ag obair le Fisiteiripeoirí FSS, a sholáthróidh na cláir Gníomhachtóra i roinnt limistéar freisin chun freastal ar éilimh na spriocgrúpaí. De bharr Covid-19, tá sé beartaithe ag an gComhpháirtíocht an clár a sholáthar go fíorúil sa bhliain 2021.

TORTHAÍ

- Soláthraíodh sé cinn de chláir 6 seachtaine ar fud an chontae, agus 65 duine páirteach iontu
- Tháinig méadú ar úsáid páirceanna agus raonta áitiúla sa chontae
- Tugadh deis d'aosaigh scothaosta aclaíocht a dhéanamh agus dul i mbun caidreamh sóisialta i dtimpeallacht shábháilte
- Cheannaigh roinnt rannpháirtithe a dtrealamh féin tar éis an chláir ionas go bhféadfadh siad leanúint leis an ngníomhaíocht sa bhaile
- Neartaíodh an caidreamh oibre le fisiteiripeoirí, clubanna agus grúpaí pobail áitiúla.

Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir An Dúshlán Meirge



FORBHREATHNÚ

Cuireadh de chúram ar Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir imeacht gníomhaíochta fisiciúla atá oiriúnach do chách a chruthú agus a reáchtáil mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt, agus í ag cloí leis na srianta a bhí i bhfeidhm ag an am de bharr Covid-19.



AIDHMEANNA

Bhí sé mar aidhm leis an 'Dúshlán Meirge' gníomhaíocht fisiciúil a spreagadh ar feadh Sheachtain Eorpach an Spóirt, ar lena linn a thug Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir dreasachtaí agus deiseanna chun bheith gníomhach do dhaoine aonair de gach aois agus cumas ar fud Chontae an Chláir. Ba ghá an méid sin ar fad a phleanáil agus a sholáthar le linn phaindéim Covid-19 agus i gcomhthéacs srianta a bhíodh ag athrú i gcónaí.

CUR CHUN FEIDHME

- Soláthraíodh mórfeachtas margaiochta trí na Meáin Shóisialta agus na Meáin Áitiúla.
- Tríd an 'Dúshlán Meirge', a reáchtáladh mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt (23–30 Meán Fómhair), tugadh spreagadh do rannpháirtithe 10 km ar a laghad a chumhdach le linn na seachtaine ach aon chineál gníomhaíochta fisiciúla dá rogha a úsáid. Mar ghrúpa comhoiteann, tugadh dúshlán na rannpháirtithe a fheiceáil cá mhéad uair a d'fhéadfadh siad imlíne 440 km an Chláir a thaisteal.
- Cruthaíodh grúpa tacaíochta Strava do rannpháirtithe ionas go bhféadfadh siad an líon ciliméadar a bhí á gcur isteach acu a logáil. Bhí daoine nach raibh cur amach acu ar Strava in ann a bhfad a logáil trí ríomhphost nó teachtaireacht a sheoladh chuig baill foirne Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir.
- Tugadh bonn cré-umha saincheaptha atá i gcruth Chontae an Chláir do na rannpháirtithe aosacha uile ar éirigh leo an sprioc íosta 10 km a chomhlíonadh.
- I gcás na scoileanna rannpháirteacha, tugadh teastas saincheaptha gnóhachtála Dúshlán Meirge do gach leanbh a ghlac páirt ann agus fuair an rang ar fad bonn Dúshlán Meirge.

TORTHAÍ

I dtuairim Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir, ba iad seo a leanas príomh-bhuaicphointí an Dúshlán Meirge:

- Bhí riachtanais bhreise ag níos mó ná 90 rannpháirtí a chuir an dúshlán i gcrích.
- Tá déagóir in Inis, a thiomáineadh chuig an scoil roimh an dúshlán, ag siúl an turais fillte 5 km gach lá ó shin i leith.
- Rith bean ar leith na ciliméadair uile a chuir sí isteach le linn an Dúshlán Meirge. Níor thosaigh sí ag siúl ach le linn Dhúshlán Maratóin Chomhpháirtíocht Spóirt an Chláir.
- Na tairbhí sóisialta agus meabhairshláinte ar thuairiscigh rannpháirtithe gur ghnóthaigh siad iad ó bheith páirteach i ngrúpa tacaíochta an 'Dúshlán Meirge'

1,047
CHLÁRAIGH
1,047 DUINE

961
CHUIR 961
RANNPHÁIRTÍ AN
DÚSHLÁN I GCRÍCH

16,250KMS
LOGÁIL NA RANNPHÁIRTITHE 16,250 KM
SAN IOMLÁN, AGUS IAD AG DUL CUAIRD
CHUN CINN AR CHONTAE AN CHLÁIR 36
UAIR

"Tréaslaím libh sárthionscnamh a eagrú. Mar mhúinteoir, b'iontach an rud é bheith in ann gabháil d'imeachtaí cruthaitheacha inar spreagadh ár leanaí bheith níos gníomhaí agus imeacht óna ngnáthshaol neamhghníomhach. Go raibh maith agaibh."

"...Shiúlaimis an bealach seo gach lá le linn na dianghlasála. Is breá liom siúlóidí cósta agus tá an t-ádh orainn ar an gClár roinnt de na píosaí imeallbhoird is fearr sa Tír a bheith againn. Tá an fheirm an-sábháilte ó thaobh Covid de, áfach, mar nach mbuailimid le haon duine lasmuigh dár dteaghlach inti. Is féidir linn taitneamh a bhaint as an mbealach seo ag aon am den lá."



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cé go ndeachaigh Seachtain Eorpach an Spóirt 2020 thart tamall maith ó shin, sháraigh rath an Dúshlán Meirge agus an t-aiseolas dearfach a fuair Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir ina leith aon ionchais a bhí againn. Tá an fhéidearthacht ann imeacht bliantúil a dhéanamh den Dúshlán Meirge.

Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí Dúshlán Míle na Reibiliúnach



FORBHREATHNÚ

Thacaigh Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí le daoine i seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas ar fud Chorcaí a leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla a mhéadú trí chlár struchtúrtha 'rith míle' a fhorbairt.



AIDHMEANNA

- Treoir, tacaíocht agus deiseanna a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas leanúint le gníomhaíocht fisiciúil a dhéanamh le linn shrianta Covid-19 agus ina ndiaidh.
- Clár struchtúrtha 'síúl go bogshodar' ón tolg go 1 mhíle a phleanáil, a chomhordú agus a sholáthar do dhaoine de gach cumas.
- Obair i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe chun samhail inbhuanaithe cláir a fhorbairt lena soláthar i seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas agus tacú le baill foirne an clár a sholáthar laistigh dá seirbhís féin le linn ré Covid-19.
- Oiliúint a sholáthar do bhaill foirne de chuid seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas ar conas seisiúin rathúla 'síúl go bogshodar' a stiúradh.
- Acmhainní a chruthú agus a dhearadh chun cabhrú le hinspreagadh rannpháirtithe agus lena rannpháirtíocht sa chlár.

CUR CHUN FEIDHME

- Chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí i dteagmháil le seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas chun an spéis a bhí acu i bpáirt a ghlacadh i nDúshlán Míle na Reibiliúnach 2020 agus an acmhainn a bhí acu déanamh amhlaidh a mheas.
- Pleanáladh agus comhaontaíodh athstruchtúru cláir inar díriodh ar acmhainn na seirbhís a fhorbairt ionas go bhféadfadh siad an clár a sholáthar le linn shrianta Covid-19. Áiríodh leis sin amlínte, fad ama, acmhainn, srianta Covid-19, pleananna oiliúna, acmhainní, agus tacaí riachtanacha eile.
- Forbraíodh feachtas margaíochta chun feasacht a uasmhéadú ar an gclár agus ar Boston Scientific, urraitheoirí an chlár.
- Dearadh oiliúint agus acmhainní do bhaill foirne seirbhíse ionas go bhféadfadh siad an clár a sholáthar.
- Soláthraíodh uirlisí agus acmhainní inspreagtha d'aosaigh a bhí páirteach sa chlár.
- Tacaíodh le dúshlán aon mhíle a sholáthar i roinnt láithreacha ag deireadh an chlár. Soláthraíodh earraí brandáilte, comharthaí, boinn, féiríní agus pearsana don imeacht freisin.



TORTHAÍ

- Deis eile do dhaoine faoi mhíchumas coinneáil gníomhach le linn shrianta Covid-19.
- Méadú ar leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla d'aosaigh faoi mhíchumas i gCorcaigh.
- Samhail athbhreithnithe athshamhlaithe le haghaidh cláir a sholáthar do sheirbhís do dhaoine faoi mhíchumas.
- Caidreamh oibre níos láidre idir Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí agus comhpháirtithe sa líonra seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas.
- Feabhas ar acmhainn na seirbhís chun cláir ghníomhaíochta fisiciúla a sholáthar.
- Méadú ar chumarsáid agus caidreamh le seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas.

An fuadar agus an lúcháir a ghabhann le bheith páirteach i gclár, ní chreidfeá cé chomh tábhachtach agus atá sé sin tar éis na dianghlása. Tréaslaím leis an bhfoireann i gComhpháirtíocht Spóirt Chorcaí an obair a rinne sí chun an clár agus an leabhrán a chur le chéile.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tar éis cruinnithe faisnéise a thionól agus meastóireacht a dhéanamh ar an gclár, chuir treoirithe na Seirbhís do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhí páirteach sa Dúshlán in iúl go raibh an tsamhail soláthair a úsáideadh an-éifeachtach maidir le leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú i measc aosaigh i seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas le linn Covid-19. Leanfar le planáil a dhéanamh sa bhliain 2021, agus tá an líonra chun tuilleadh clár a chur i bhfeidhm trí leas a bhaint as an tsamhail soláthair seo um fhorbairt acmhainne.

Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall “Beyond 20X20”, Clár Ceannaireachta na mBan

OVERVIEW



Chláraigh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall leis an bhFeachtas Náisiúnta 20x20, a bhfuil mar phríomhchuspóir leis rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú faoi 20% faoin mbliain 2020. Tá an clár “Beyond 20X20” nasctha le cuspóir foriomlán an fheachtais, a mhéid a sholáthraítear leis conairí agus deiseanna do mhná chun a gcuid scileanna a fhorbairt, chun eispéiris fhiúntacha a fháil agus chun leanúint le páirt a ghlacadh sa spórt ar cibé leibhéal ar a bhfuil siad ar a gcompond.

AIMS



Forbraíodh an clár “Beyond 20X20” chun tacú le mná ar spéis leo páirt a ghlacadh sa spórt ar leibhéal atá oiriúnach dá riachtanais. Bhí an clár ar oscailt do mhná a bhí 16 bliana d’aois nó níos sine, a bhí tugtha don spórt agus a raibh fíorspéis acu sa spórt ar gach leibhéal d’fhonn coincheap an ‘Spóirt ar feadh an tSaoil’ a fhorbairt. Bhí sé mar aidhm ag Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall banoibrithe deonacha a chumasú bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ina gclub, agus eispéiris luachmhara a gcruthú do na rannpháirtithe sa chlár. Díriodh sa chlár ar réimsí amháil Scileanna Ceannaireachta, Scileanna Cumarsáide, Muinín, Athléimneacht, Meabhairshláinte agus Folláine a Fheabhsú. Bhí rannpháirtithe in ann an snáithe ar leith a raibh an spéis is mó acu iad féin a fhorbairt ann a roghnú. Ba iad na snáitheanna a bhí ar fáil dóibh ná Riarachán, Cóitseáil, Réiteoireacht agus Na Meáin.

IMPLEMENTATION

- Chuathas i mbun comhairliúcháin le baill foirne, le hionadaithe do Bhoird Bhainistíochta agus le geallsealbhóirí tábhachtacha – Ceann na Roinne Staidéir Spóirt in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Treoraí Spóirt Éireann um Mná sa Spórt ina measc – chun plé a dhéanamh ar na roghanna difriúla a d’fhadfaí a úsáid chun Clár Ceannaireachta a chur i bhfeidhm do Mhná.
- Roghnaíodh ball foirne chun soláthar an chlár a chomhordú.
- Seoladh an clár go foirmiúil trí na meáin - agallamh beo ar stáisiún raidió áitiúil, na meáin chlóite áitiúla agus na meáin shóisialta.
- Reáchtáladh próiseas iarrtais: iarradh ar iarrthóirí foirm iarrtais a chomhlánú agus tairgeadh agallamh ansin do na daoine a cuireadh ar an ngearrliosta.
- Lorgaíodh comhpháirtithe seachtracha soláthair chun an clár a riar, lena n-áiríodh Performance Matters, MindFit Consultancy, Aonad Cóitseála Spóirt Éireann, Cumann Pheil na mBan, Sainchomhairleoir Meán Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, FAI Dhún na nGall.
- Bhí an clár ar siúl idir mí an Mhárta agus mí na Samhna 2020. Cé gur soláthraíodh an clár ar líne de bharr Covid-19, reáchtáladh dhá chruinniú aghaidh ar aghaidh nuair a maolaíodh na srianta.



“Ghnóthaigh mé muinín as an gcumas atá agam cinní a dhéanamh, go háirithe i ról ceannaireachta. Riomhe sin, streachail mé leis sin agus le cinní a dhéanamh go húdaráisach”

OUTCOMES

- Chuir 13 rannpháirtí an clár i gcrích.
- D’fhorbair na rannpháirtithe tuilleadh muiníne astu féin agus as an gcumas agus na scileanna atá acu ina ról sa spórt agus ina saol pearsanta agus oibre/oidreachais araon.
- D’fhorbair na rannpháirtithe tuilleadh athléimneachta agus ghnóthaigh siad tuiscint níos fearr ar a staid meabhrach agus iad ag déileáil le dúshláin, le céimeanna ar gcúl agus le cora strusmhara.
- Ghnóthaigh na rannpháirtithe tuiscint níos fearr ar cheannaireacht, ar a luachanna féin, agus ar na hiompraíochtaí a théann i bhfeidhm ar a stíl ceannaireachta.

NEXT STEPS

- Tabharfar deis do na rannpháirtithe an ghné phraiticiúil dá gcáilíochtaí cóitseála a chríochnú (scoireadh de ghníomhaíochtaí praiticiúla de bharr Covid-19)
- Sa bhliain 2021, beidh deis ag na rannpháirtithe a gcuid scileanna a chur i bhfeidhm sa chleachtas agus leanfaidh siad le tacaíocht a fháil óna meantóirí agus óna gClubanna (a luaithe a mhaolófar na srianta agus a bheidh sé sábháilte déanamh amhlaidh).
- Cuirfidh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall clár eile i bhfeidhm i bhfómhar na bliana 2021.

FORBHREATHNÚ



Ó tosaíodh sa bhliain 2018 í, cuireadh Féile Spóirt Bhaile Átha Cliath ar siúl i gcomhthráth le Seachtain Eorpach an Spóirt agus lena lán mórimeachtaí náisiúnta spóirt ar mhaithe le croítheachtaireacht na Comhpháirtíochta a threisiú, is é sin le rá gur féidir le gach duine obair i dtreo stíl mhaireachtála níos sláintiúla agus níos sona, beag beann ar aois, ar chumas, ar chúla agus ar rogha gníomhaíochta. Léiríodh an sprioc sin le linn 'Biongó BíGníomhach', áit ar choinnigh teagascóirí corpachmainne croírátaí agus leibhéal fuinnimh na rannpháirtithe suas trí shraith gníomhaíochtaí spráilúla a réachtáil idir babhtaí biongó. Bhí na gníomhaíochtaí deartha chun bheith oiriúnach do dhaoine de gach leibhéal corpachmainne agus de gach cumas.

AIDHMEANNA



- An ról dearfach a imríonn an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil i bpobail a chur in iúl.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar an ról rithábachtach a imríonn Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath maidir leis na spriocanna sin a chomhlíonadh.
- Tacú le pobail coinneáil ceangailte, sláintiúil agus sona.
- Imeacht a réachtáil atá uilechuimsitheach agus taitneamhach agus atá oiriúnach do dhaoine de gach aois.
- Rud éigin a thabhairt ar ais do phobail trí luach a saothair a thabhairt do theaghlaigh, clubanna agus eagraíochtaí a thacaíonn go mór le spriocanna Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath a bhaint amach.

CUR CHUN FEIDHME

- D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Titan Experience, ar cuideachta bainistíochta imeachtaí é, ar mhaithe le cur chun cinn an imeachta a uasmhéadú.
- Rinneadh pleananna teagmhachacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an t-imeacht a sholáthar ar bhonn fíorúil.
- Cruthaíodh branda/sluán láidir don imeacht, ba é sin 'Play, Move, Win'.
- Seoladh feachtas réamhfhógraíochta, lena áiríodh mealltoga ag scáthlín bhus, fógraí ar phainéil dhigiteacha, agus físeáin chun cinn a seoladh amach ar ardáin éagsúla mheán sóisialta na Comhpháirtíochta. Díriodh go láidir ar phobail mar chuid den imeacht.
- Úsáideadh Eventbrite chun tacú le clárú agus le tuilleadh faisnéise a scaipeadh agus bhí sé ina uirlis thábhachtach san fheachtas cumarsáide.



Bhí sé seo ina imeacht den scoth dár dteaghlach agus do chuid mhór dár gcomharsana a ghlac páirt ann agus a bhí i dteagmháil linn thar an oíche. B'iontach an rud é páirt a ghlacadh in imeacht a bhí oiriúnach dúinn go léir. Chuir sé sinn ag bogadh agus ag gáire, a bhí an-tábhachtach dúinn ag an am sin. Níor luaigh aon duine an phaindéim ar chor ar bith! Go raibh maith agaibh"

600+
CHLÁRAIGH
BREIS AGUS 600
RANNPHÁIRTÍ
DON IMEACHT

90+
AINMNÍODH BREIS AGUS
90 CEANN DE CHLUBANNA
AGUS DE GHRÚPAÍ POBAIL
DON IMEACHT



TORTHAÍ

Measadh gur cheart leanúint den Fhéile Spóirt a réachtáil mar ábhar tosaíochta agus i a shaothrú mar imeacht suaitheanta i bhféilire bliantúil Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath. Amhail i gcás gach clár agus seirbhíse de chuid na Comhpháirtíochta, ba ghá an t-imeacht a sholáthar ar bhealach eile i mbliana. Cé go raibh a lán dúshlán i gceist le himeacht fíorúil a fhorbairt, thug sé deis dúinn freisin dul i bhfeidhm ar an oiread daoine agus ab fhéidir sa phobal agus daoine a thabhairt le chéile go sábháilte ina dteach féin. Agus cur chuige cruthaitheach á ghlacadh i leith daoine a spreagadh coinneáil ag bogadh, treisíodh an chroítheachtaireacht ó Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath, is é sin le rá go bhfuil an spóirt agus an ghníomhaíocht fhisiciúil oiriúnach do gach duine, beag beann ar aois, ar chumas agus ar chúla, agus gur féidir tabhairt fúthu in áit ar bith, seachas i spórtlanna agus timpeallachtaí iomaíochacha amháin. Chomh maith leis sin, uasmhéadaíodh tionchar an imeachta agus cur chun cinn bhanda na Comhpháirtíochta i gcoitinne a bhfuil leis an bhfeachtas láidir fógraíochta a seoladh roimh an imeacht.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Samhlaítear go leanfaidh Féile Spóirt Bhaile Átha Cliath lena bheith ina buaicphointe bliantúil spóirt do Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath. Leanann an t-imeacht le hathrú agus le fás gach bliain, agus é ag teacht ar bhealaí cruthaitheacha nua chun ceiliúradh a dhéanamh ar an ngrá atá ag muintir na cathrach seo don spóirt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil. Cé go bhfuil an t-imeacht fós ina mhodh an-tábhachtach trínar féidir le Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath an tseirbhís atá ar fáil uathu a shárthaispeaint ar mhórscaála, aithnítear lena linn freisin an ról a imríonn cuid mhór daoine aonair agus eagraíochtaí maidir le spriocanna na Comhpháirtíochta a bhaint amach.

Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Cláir Bhogshodair 'Ón Tolg go 2 km'



FORBHREATHNÚ

Tugadh an clár isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, ag teacht sna sála ar an gcéad tacar srianta ar ghluaiseacht agus ar an teorainn taistil 2 km a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020. Bhí sé mar chuspóir leis an gclár rochtain a thabhairt ar chláir féintreoiraithe lena méadófaí rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil do dhaoine aonair le linn na tréimhse 'dianghlása', i gcomhréir le treoirínte Covid-19 ón Rialtas. Chuir Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ceithre chlár ar leith 'Ón Tolg go 2 km' i bhfeidhm.



AIDHMEANNA

Bhí sé mar aidhm leis an gclár 'Ón Tolg go 2 km' daoine a spreagadh páirt a ghlacadh sa spórt nó i ngníomhaíocht fhisiciúil tráth a bhí rochtain ar spórtlanna, ar linnte snámha, ar chlubanna spóirt agus ar ghníomhaíochtaí rialta spóirt, etc., srianta de bharr Covid-19. Tairgeadh an clár 'Ón Tolg go 5 km' mar chláir leantach do rannpháirtithe san imeacht 'Ón Tolg go 2 km'. Tairgeadh clár iontrála nua freisin do dhaoine eile a bhí ag iarraidh a spriocfhad 5 km a bhaint amach.

CUR CHUN FEIDHME

- Rinne ball d'fhoireann Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an clár 'Ón Tolg go 2 km' a bhainistiú go himhneach.
- Iarradh ar rannpháirtithe clárú ar Eventbrite. Tar éis dóibh déanamh amhlaidh, rinneadh teagmháil le gach rannpháirtí tríd an ríomhphost, á chur in iúl dóibh conas a dhéanfaí an clár a chur i gcrích agus a bhainistiú.
- Chuir Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin grúpa ar bun ar WhatsApp freisin, a bhí le húsáid mar fhóram oscailte idir na rannpháirtithe ar feadh thréimhse an chláir.
- Ba ghnách leis na rannpháirtithe a bplean traenála a fháil tríd an ríomhphost agus trí WhatsApp gach seachtain, agus naisc á soláthar chuig físeáin réamhclaíochta agus iarclaíochta. Ghlac baill foirne páirt ghníomhach sa ghrúpa, agus iad ag fágáil gearrfhíseán agus gearrtheachtaireachtaí chun daoine a spreagadh, ag tabhairt freagra ar aon cheisteanna a bhí ag rannpháirtithe agus ag cinntiú bhainistiú éifeachtach an ghrúpa.
- Mhair gach clár tréimhse ceithre seachtaine. Cuireadh rannpháirtithe ar áireamh in imeacht agus físeán fíorúil 2 km inar taispeánadh gur chríochnaigh siad an clár, rud a cuireadh ar shnáithe an ghrúpa ar WhatsApp ag deireadh an chláir. Ina theannta sin, sheol an Chomhpháirtíocht bonn amach chuig gach rannpháirtí a chríochnaigh an clár.

TORTHAÍ

Glacadh go sármhaithe leis an gcéad chlár Siúil/Bogshodair 'Ón Tolg go 2 km', agus 150 duine ag clárú dó. Rinneadh suirbhé ar líon suntasach rannpháirtithe; chuir beagnach 37% díobh an clár 'Ón Tolg go 5 km' i gcrích ansin agus ghlac beagnach 32% díobh páirt sa chlár '5 km go 10 km'. Lean 10.5% eile ag obair i dtreo a sprioc a bhaint amach.

"D'éirigh go geal leis an imeacht ar fad agus ní raibh aon locht ar bith air. Thaitin na físeáin, an plean, an grúpa agus na ríomhphost spreagtha go mór liom. Thaitin liom freisin an fad agus an fhíríc nár ghá dom caidreamh a dhéanamh go foirmiúil le haon duine. Oireann sé sin do dhaoine príobháideacha"

92%+
CHUIR BREIS AGUS
92% AN CLÁR 'ÓN
TOLG GO 2 KM' I
GCRÍCH.

37%
CHUIR 37% DE NA
DAOINE SIN AN CLÁR
'ÓN TOLG GO 5 KM' I
GCRÍCH INA DHIAIDH
SIN



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá sé beartaithe ag Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an clár 'Ón Tolg go 2 km' agus, bunaithe ar an aiseolas, an clár 'Ón Tolg go 5 km' a reáchtáil arís le linn na bliana 2021. Úsáidfí an Chomhpháirtíocht an t-aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe chun an clár atá ann cheana a bheachtú agus chun cláir agus tionscnaimh nua a dheardh ar mhaithe le rátaí rannpháirtíochta a mhéadú agus ar mhaithe le rannpháirtíocht leanúnach sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a bhrú chun cinn. Chuir Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tús cheana féin le clár nua siúil/bogshodair 'Ón Tolg go 3 km', agus 162 duine páirteach ann.

Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall MarathonFamilies

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



— SPORT IRELAND —



FORBHREATHNÚ

Bhí MarathonFamilies ina chlár reatha/siúil inar spreagadh teaghlaigh Maratón a chríochnú laistigh de thréimhse idir ceithre agus ocht seachtaine. Bhí sé mar chuspóir leis an gclár gníomhaíocht shábháilte, spráúil agus shláintiúil a sholáthar do theaghlaigh le linn na dianghlásaí idir mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2020.



AIDHMEANNA

Ba iad na príomhaidhmeanna a bhí leis an gclár ná teaghlaigh a spreagadh aclaíocht a dhéanamh lena chéile, spríoc a bhaint amach agus, ar deireadh, feabhas a chur ar shláinte fhoriomlán an aonaid teaghlaigh. Aidhm eile a bhí leis an gclár ba ea gníomhaíocht dhearfach a chur chun cinn tráth a bhí ardleibhéal struis agus imní ann sa phobal.

CUR CHUN FEIDHME

- Oiriúnaíodh MarathonFamilies ón gclár MarathonKids, clár scoilbhunaithe a reachtálann Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall agus a mbíonn an-éileamh air.
- Cuireadh an clár chun cinn trí fheachtas meán measctha a reachtáladh trí na meáin shóisialta, trí phreaseisiúintí agus trí fhíseán ó David Gillick, Ambasadóir Branda don chlár MarathonKids. Moladh do dhaoine clárú trí fhoirm Google a chomhlánú.
- Mar gheall ar chineál an chláir, cuireadh raon leaganacha difriúla le chéile. D'fhág sé sin go raibh teaghlaigh de gach cumas in ann páirt a ghlacadh san imeacht, toisc go bhféadfadh siad clár a roghnú bunaithe ar a leibhéal chorpacmhainne, ar a bpróifíl aoise agus ar an am a bhí ar fáil dóibh.
- Bhí 4 chlár dhifriúla ar fáil do rannpháirtithe: Mearchlár (a cuireadh i gcrích thar thréimhse 4 seachtaine); clár 3 lá sa tseachtain; clár 5 lá sa tseachtain; agus clár 7 lá sa tseachtain. Bhí líon éagsúil forordaithe bloc reatha in aghaidh an tseisiúin ag gach ceann díobh.
- Bhí na teaghlaigh rannpháirteacha in ann a gclár roghnaithe a rochtain trí Thairseach Foghlama Fhine Gall Sláintiúil, ar suíomh Gréasáin é ar a soláthraítear Treoir agus Faisnéis ó Chóitseálaithe. Chuathas i dteagmháil le rannpháirtithe tríd an ríomhphost roinnt uaireanta ar fud an chláir freisin chun a fháil amach conas a bhí ag éirí leo. Cuireadh grúpa príobháideach ar bun ar Facebook freisin ionas go bhféadfadh na teaghlaigh rannpháirteacha idirghníomhú lena chéile, ceisteanna a chur ar a chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile.



"Ba é seo an chéad uair riamh a ghlac mé páirt sa chlár MarathonFamilies....bhain mé an-taitneamh as. Go raibh míle maith agaibh...glacfaidh mé páirt sa chlár arís an bhliain seo chugainn"

"Is gnách linn parkrun sóisearach a dhéanamh le chéile. Mar sin, b'iontach an rud é páirt a ghlacadh sa chlár MarathonFamilies toisc gur choinnigh sé mo mhic corpacmhainneach le linn na tréimhse"

TORTHAÍ

Chláraigh 136 teaghlach chun páirt a ghlacadh sa chlár. Bhain Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall úsáid as MarathonFamilies chun tuismitheoirí a stiúradh i dtreo clár eile ar ár dtairseach foghlama, amhail Fíricí Spóirt, Digifit agus Dúshláin Scileanna. Thug sé sin do Chomhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall ardán breá chun dul i dteagmháil le teaghlaigh tráth nach rabhtas in ann leas a bhaint as na modhanna traidisiúnta caidrimh tríd an spórt agus trí aclaíocht.

53%

I gcás 53% de na rannpháirtithe, ghlac níos mó ná ceathrar ball dá dteaghlach páirt sa chlár

75%

Ghlac 75% de na annpháirtithe páirt sa chlár 5 lá sa tseachtain nó sa chlár 7 lá sa tseachtain



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cé go raibh sé beartaithe ar dtús go mbeadh sé seo ina chlár aonuaire chun freagairt don dianghlasaíl, is amhlaidh, mar gheall ar rath an chláir agus ar an aiseolas dearfach a fuarthas ina leith, go bhfuil Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall ag pleandáil chun MarathonFamilies a reachtáil arís i samhradh na bliana 2021.

Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe Buggy Buddies



FORBHREATHNÚ

Ba é a bhí i gceist leis an gclár 'Buggy Buddies' de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe ná sraith ranganna beo aclaíochta a reáchtáil do mhná iarbheirthe de gach cumas.




AIDHMEANNA

Cinntíodh leis an gclár 'Buggy Buddies' gur fhreastail teagascóir cairdiúil spráúil ar mhná de gach cumas, rud a chumasódh do mhná iarbheirthe filladh ar an aclaíocht ar bhealach oiriúnach séimh agus a thabharfadh deis dóibh ag an am céanna blaiseadh a fháil de chineálacha éagsúla aclaíochta - ióga, pilates, bearta aclaíochta, campaí aclaíochta, etc.

CUR CHUN FEIDHME

- Chuathas i dteagmháil le pobail ar líne agus trí Mhol Spóirt Phobail na Gaillimhe.
- Cinntíodh go mbeadh cur amach ag daoine ar an teicneolaíocht a úsáid agus go mbeadh an clár inrochtana.
- Ceapadh an teagascóir cuí ag a raibh an cumas chun gach rannpháirtí a thuiscint agus a d'fhéadfadh freastal ar a n-imthoisc uathúil, rud a bhí ina ghné lárnach de rath an chláir.



TORTHAÍ

Cé go raibh an líon rannpháirtithe níos ísle ná mar a bhíodas ag súil leis, is í acmhainneacht rannpháirtíochta agus fáis an chláir an chúis ar fhéach Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe lena chinntiú go leathnófaí rath an treoirchláir chuig gach máthair iarbheirthe ar fud na cathrach agus an chontae araon. Ghlac breis agus 170 bean páirt sa chlár agus lean 85% díobh orthu ag déanamh aclaíochta ar bhealach éigin ina dhiaidh. Thacaigh siad le cláir eile atá ar fáil tríd an Mol Pobail agus tríd an gComhpháirtíocht Spóirt freisin. Is féidir tionchar an chláir a thomhas bunaithe ar an dóigh ar bhraith na rannpháirtithe tar éis an chláir. Thuairiscigh siad gur bhraith siad níos muiníní agus níos sláintiúla agus go raibh siad ina gcuid de rud éigin speisialta.



"Tá sé seo ina bhealach spráúil iontach chun bualadh le daoine, chun m'aird a bhaint den phaindéim agus chun cabhrú liom bheith gníomhach"

"B'iontach an rud é tabhairt faoi rud éigin atá deartha domsa amháin agus é a dhéanamh i gcuideachta na leanaí"

179

Ghlac 179 bean páirt
sa chlár 'Buggy Buddies'



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tar éis an treoirchláir, cuirfear an clár ar fáil ar bhonn níos leithne trí chainéil ar líne. Fostófar tuilleadh teagascóirí agus tabharfar deis do dhaoine ar fud na cathrach agus an chontae ar fad chun páirt a ghlacadh sa chlár.

Tá próifíl ar líne Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus a cuid margaíochta agus cumarsáide i gcoitinne á n-athchóiriú faoi láthair. Mar sin, beidh grafaicí agus feachtais oiriúnacha i bhfeidhm ag an gclár chun aird an spriocphobail a mhealladh

Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí

Siúlóidí Folláine Chiarraí



FORBHREATHNÚ

Clár sé seachtaine a eagraíodh mar fhreagairt do Covid-19 ba ea Siúlóidí Folláine Chiarraí. Bhí an clár bunaithe ar an gclár “Coillearnach ar son na Sláinte”, agus é mar aidhm againn clár den chineál céanna a reáchtáil agus é a chur ar fáil sa chás seo do gach duine. Imríonn teagmháil leis an dúlra trí ghníomhaíochtaí amuigh faoin spéir mórthionchar dearfach ar mheabhairshláinte agus folláine mheabhrach daoine. Agus céimeanna éagsúla sríanta i bhfeidhm in Éirinn ó lár mhí an Mháirta i leith, bhraith Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí go raibh gá ann le tuilleadh clár amuigh faoin spéir atá dírithe ar an bhfolláine. Bhí sé mar aidhm leis an gclár daoine a spreagadh dul amach faoin spéir agus siúlóidí treoraithe a thógáil i limistéir áilleachta nádúrtha. Fuair an clár tacaíocht ó cheithre chlub cnocadóireachta a bhí cláraithe le Sléibhteoireacht Éireann.



AIDHMEANNA

- Clár Siúlóidí Folláine Chiarraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar le clubanna áitiúla cnocadóireachta i gCiarraí.
- Daoine a chur ag gabháil don dúlra agus braistint dhearfach a chothú i measc na rannpháirtithe.
- Daoine a spreagadh iniúchadh a dhéanamh ar a limistéar áitiúil agus láithreacha nua siúil a aimsiú.
- Deis a thabhairt do dhaoine bualadh le rannpháirtithe eile i dtimpeallacht spraiúil, shábháilte agus shóisialta amuigh faoin spéir.
- Clár inbhuanaithe séimh a fhorbairt ina spreagtar rannpháirtithe leanúint orthu ag siúl leo féin nó in éineacht le rannpháirtithe eile.

CUR CHUN FEIDHME

Buníodh comhoibriú dearfach idir Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí agus clubanna áitiúla cnocadóireachta a bhí cláraithe le Sléibhteoireacht Éireann. Comhaontaíodh cur chuige agus modh soláthair idir na comhpháirtithe uile, a mhéid a bhain leis an líon seisiún, le fad na siúlóidí agus leis an líon rannpháirtithe.

Cuireadh an clár chun cinn trí na meáin shóisialta, trí nuachtáin áitiúla agus trí chumarsáid le rannpháirtithe roimhe. Trí obair i gcomhar le clubanna áitiúla cnocadóireachta, forbraíodh caidreamh nua idir clubanna agus an Pháirtíocht. Cumasóidh sé sin dúinn deiseanna eile atá bunaithe ar rannpháirtíocht a chomhsholáthar amach anseo i gContae Chiarraí.

TORTHAÍ

Rinneadh an clár a chomhordú agus a sholáthar go rathúil ar fud ceithre limistéar dhifriúla siúil. Mar thoradh air sin, neartaíodh an caidreamh agus méadaíodh an comhar idir ceithre chlub áitiúla cnocadóireachta agus Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí. Thuairiscigh na rannpháirtithe iad féin feabhsuithe i gcorpacmhainn, i meabhairshláinte agus i bhfolláine mhothúcháin. Tuairiscíodh freisin gur thug an clár deis do dhaoine teacht le chéile agus cairdeas nua a fhorbairt. Tar éis dóibh an t-éileamh ar shiúlóidí íseal-leibhéal a fheiceáil, chuir roinnt clubanna tuilleadh siúlóidí den chineál seo lena sceideal bliantúil.

“Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na heagraithe as eispéireas dea-eagraithe iontach. Chuaigh na 6 seachtaine thart go han-tapa ...go raibh maith agaibh as an tsárdheis seo a thabhairt dom”

56 Ghlac 56 duine páirt sa chlár ar fud na gceithre chlub cnocadóireachta.



“Thaitin na siúlóidí go mór liom” Chonaic mé áiteanna áitiúla agus radharcra álainn nach bhfeicfinn ar shli eile. Mholfainn na siúlóidí do gach duine.”



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí ag déanamh breithniú ar bhealaí inar féidir siúlóidí rialta ísealtalún a fhorbairt do rannpháirtithe atá ag iarraidh gabháil do shiúlóidí dúlra agus conaire ach nach bhfuil spéis acu dul isteach i gclubanna cnocadóireachta. Tá pleananna ar bun chun an clár a leathnú chuig tuilleadh clubanna cnocadóireachta ar fud an chontae.

Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara STEPtember – Féile Fhíorúil Siúil Chill Dara



FORBHREATHNÚ

D'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara Féile Fhíorúil Siúil le linn mhí Mheán Fómhair. Bhí sé mar aidhm léi tionscnamh nuálach a sholáthar ina gcuirfí gníomhaíocht amuigh faoin spéir chun cinn le linn srianta Covid-19 a bheith i bhfeidhm sa bhliain 2020. Tugadh cuireadh do mhuintir Chill Dara clárú ar líne don tionscnamh "STEPtember". Ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair, tugadh rogha dóibh am agus láthair a roghnú chun roinnt siúlóidí a chríochnú ar na Gormbhealaí agus na Glasbhealaí feadh na Canálach Ríoga agus na Canálach Móire i gContae Chill Dara. Bhí an pointe tosaithe, an lárphointe agus an pointe críochnaithe léirithe go soiléir ar chodanna de na Cosáin Tarraingthe agus tugadh cuireadh do na rannpháirtithe cód uathúil a bhí suite ag gach lárphointe a thaifeadadh. Má thaifead siad sé chód dhifriúla lárphointe, bhí siad i dteideal snúda saor in aisce a éileamh.



AIDHMEANNA

- Rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhísiciúil a chur chun cinn trí cuireadh a thabhairt do dhaoine dár bpobal páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht amuigh faoin spéir i gContae Chill Dara.
- Tacaíocht agus treoir a thairiscint do dhaoine aonair agus teaghlaigh i gCill Dara a bhí ag lorg bealaí eile ina bhféadadh siad bheith gníomhach amuigh faoin spéir le linn phaindéim Covid-19.
- Aird a tharraingt ar an tsáracmhainn amuigh faoin spéir atá ar fáil ar na Cosáin Tarraingthe feadh na nGormbhealaí agus na nGlasbhealaí i gContae Chill Dara.

CUR CHUN FEIDHME

- Cuireadh an t-imeacht chun cinn trí na meáin shóisialta, trí na meáin chlóite agus ar an raidió áitiúil.
- Ceannaíodh snúdaí agus comharthaí.
- Rinneadh réamhshuirbhéanna agus iniúchtaí sábháilteachta ar chodanna roghnaithe de na Cosáin Tarraingthe.
- Cuireadh comharthaí in airde ag na pointí tosaithe, na lárphointí agus na pointí críochnaithe feadh gach bealaigh. Cuireadh comharthaí bealaigh agus cóid phromóisin in airde feadh gach bealaigh freisin.
- Rinneadh faireachán agus tiomsú ar na cóid a chuir rannpháirtithe isteach le linn na féile agus tugadh freagra ar cheisteanna ó rannpháirtithe.
- Seoladh snúdaí amach chuig rannpháirtithe rathúla (tar éis dóibh ó shiúlóid a chríochnú).

TORTHAÍ

Leis an tionscnamh seo, cuireadh gníomhaíocht fhísiciúil amuigh faoin spéir chun cinn go rathúil le linn ghéarchéim Covid-19. Meastar go raibh tionchar dearfach inbhuanaithe ag an imeacht seo ar an bhfolláine fhísiciúil, shóisialta agus mheabhrach i measc roinnt mhaith daoine i bpobail ar fud Chontae Chill Dara, agus méadú taifeadta ann ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhísiciúil i gCill Dara i mí Mheán Fómhair. Tugadh le tuiscint san aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe go bhfuil sé beartaithe ag roinnt díobh leanúint le hacláíocht agus gníomhaíocht fhísiciúil a dhéanamh tar éis an imeachta. Rinne na rannpháirtithe tagairtí dearfacha freisin do na tairbhí a bhraith siad a bheith ag gabháil leis an imeacht. Áiríodh leo sin rannpháirtíocht an aonaid teaghlaigh agus an tábacht a bhain le leanáí agus baill óga teaghlaigh a bheith ag déanamh acláíocht amuigh faoin spéir i gcomhar lena dtuismitheoirí/lena gcaomhnóirí le linn srianta dianghlásaíla.

"Go raibh maith agaibh as an tsáracmhainn seo a sholáthar dár dteaghlach. Tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn go léir coinneáil gníomhach le linn na tréimhse dúshlánaí seo"

"Go raibh maith agaibh as an imeacht iontach seo a eagrú. Bhain mo theaghlach an-taitneamh as am fiúntach a chaitheamh lena chéile ar an gCanáil sa mhí seo a chuaigh thart agus tá sé beartaithe againn leanúint orainn ag siúl. Táimid ag tnúth le bhur gcéad imeacht eile"



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá an clár seo inbhuanaithe agus leanfaidh sé le fás. Mar gheall ar rath iontach an chláir agus ar an méid ollmhór aiseolais dhearfacha a fuarthas ina leith, reáchtálfar an t-imeacht STEPtember i mí Mheán Fómhair gach bliain i gContae Chill Dara, bíodh sé ina fhéile fhíorúil go fóill (más gá) nó ina fhéile idirghníomhach siúil

1,038 Chuir 1,038 duine an dúshlán fíorúil i gcrích

Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh leabhrán #BíGníomhach sa Bhaile



FORBHREATHNÚ

I dtús shrianta chéim 1 i mí an Mhárta, d'aithin Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh go raibh líon mór ranganna aclaíochta ar líne ar bun. De bharr spórtlanna a bheith dúnta agus gníomhaíochtaí spóirt, traenáil san áireamh, a bheith toirmiscthe, bhí na tionscnaimh nua sin ina ndea-scéala do chuid mhór daoine agus bhí siad tábhachtach do ghnólachtaí a choinneáil gníomhach.



AIDHMEANNA

Bhí sé soiléir dúinn roimh i bhfad nach mbeadh daoine nach bhfuil aon rochtain idirlín acu in ann leas a bhaint as na deiseanna nua sin agus go bhféadfadh go n-éireodh siad níos neamhghníomhaí dá bharr sin. B'amhlaidh an scéal sin go háirithe do dhaoine scothaosta a bhí ag cocúnú agus daoine faoi mhíchumas nach raibh ag freastal ar aon seirbhís lae. Bhí sé mar aidhm leis an gelár acmhainn atá sothuigte, fianaisebhunaithe agus iontaofa a tháirgeadh agus a scaipeadh go forleathan ar leibhéal áitiúil lena húsáid ag na grúpaí sin.

CUR CHUN FEIDHME

- Thart ar an am a tháinig an chéad tacar srianta i bhfeidhm, bhí Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Chainnigh chun glaonna leantacha 3 mhí a sheoladh i leith an Tomhais Mhíre Aonair (M1). Bhain an Chomhpháirtíocht leas as na glaonna leantacha teilifóin sin i leith M1 mar mhodh chun teagmháil a dhéanamh le cuid mhór dár rannpháirtithe clár ar mhaithe leis an riachtanas le leabhrán aclaíochta sa bhaile a mheas.
- Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas ón anailís riachtanas, chuir an Chomhpháirtíocht leabhrán le chéile trí leas a bhaint as na hacmhainní a bhí ar fáil ó chomhpháirtithe amháil Ionad CARA, Aois agus Deis, agus Spóirt Éireann.
- Dréachtaíodh cúpla leagan den leabhrán agus comhroinneadh iad le comhpháirtithe, Comhairle Contae Chill Chainnigh ina measc, go dtí gur thángthas ar chomhaontú ar an leagan deiridh.
- Bhí na nithe seo a leanas sa leabhrán:
 - An t-eolas is deireanaí ó Spóirt Éireann maidir leis an bhfeachtas #BíGníomhach
 - Comhairle maidir le cén fáth ar cheart do dhaoine bheith gníomhach le linn na dianghlása agus maidir le cén áit agus cén dóigh a bhféadfadh siad déanamh amhlaidh
 - Pleanálaí/rianaire gníomhaíochta ó seachtaine
 - Bunchlár siúil ó seachtaine
 - 2 chiorcad aclaíochta baile
 - Treoir maidir le staidiúir cheart a chothabháil
 - Tacar beart aclaíochta
 - Liosta cuimsitheach nasc chuig acmhainní ar líne, chuig gníomhaíochtaí teilifíse agus chuig físeáin
 - Ailt inspreatha shothuigte
 - Bainistiú struis agus feasacht ar an meabhairshláinte
 - Bhí sonraí teagmhála do bhaill foirne na Comhpháirtíochta tugtha ar gach leathanach. Bhí siad sin le húsáid ag daoine ar theastaigh cabhair nó cúnamh uathu maidir le haon ghnéithe den treoir nó maidir leis na dúshláin a bhaineann le bheith gníomhach.

TORTHAÍ

Táirgeadh an leabhrán 16 leathanach laistigh de 4 seachtaine (idir an coincheap a chumadh agus an leabhrán a dhearadh agus a chlól) le linn na chéad tréimhse dianghlása/cianoibre. Dáileadh gach ceann den 2,000 cóip ar rannpháirtithe i gclár na Comhpháirtíochta (Fir ag Gluaiseacht, grúpaí siúil oíche Luain agus teagmhálaithe faoi mhíchumas) le casadh an phoist. Dháil Comhairle Contae Chill Chainnigh na leabhráin mar chuid den fheachtas 'In This Together'. Rinne sí amhlaidh trína seirbhís leabharlaine agus trí na pacáí a sheol sí amach chuig daoine scothaosta a bhí ag cocúnú. Cuireadh an acmhainn chun cinn trí na meáin shóisialta agus bhí sí ar fáil ar líne freisin, áit ar iarradh orthu sin a bhí in ann an acmhainn a rochtain í a chur ar fáil do dhaoine scothaosta nó daoine faoi mhíchumas a bhfuil aithne acu orthu.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Rinne Comhordaitheoir agus Oifigeach Forbartha na Comhpháirtíochta an taithí a ghnóthaigh siad ón leabhrán seo a chur le chéile a chomhroinnt le grúpaí oibre de chuid na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. D'fhág sé sin go bhféadfadh siad bileoga comhchosúla gníomhaíochta a bhfuil brandáil Spóirt Éireann agus na Comhpháirtíochta lena mbaineann orthu a tháirgeadh do ghrúpaí do dhaoine faoi mhíchumas agus do ghrúpaí daoine scothaosta sa líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na tíre. Mar chuid den fheachtas 'Keep Well', tá an Chomhpháirtíocht ag ullmhú mála gníomhaíochta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus bearta aclaíochta breise ar áireamh ann. In éineacht leis an mála gníomhaíochta, eagraítear clár aclaíochta do dhaoine scothaosta trí thithe altranaís, trí sheirbhís do dhaoine faoi mhíchumas agus trí rang pobail chun freastal ar an éileamh áitiúil.



FORBHREATHNÚ

Forbraíodh an clár 'Get into Golf' chun ceachtanna gailf a sholáthar do mhná i dtimpeallacht shábháilte, chairdiúil agus thírúil.



AIDHMEANNA

Golf a chur chun cinn i measc na mban agus baill a mhealladh chuig an gcumann áitiúil gailf.

CUR CHUN FEIDHME

- Agus é á dhearadh ag an gCónaidhm Gailf in Éirinn, ba é a bhí i gceist leis an gclár ná ceachtanna a sholáthar in éineacht le gairmí de chuid Chumann na nGalfairí Gairmiúla (PGA) agus tús eolais a thabhairt ar ghalf le cúnaimh ó bhaill.
- De bharr Covid-19, thosaigh an clár níos déanaí ná mar a beartaíodh ar dtús. Thosaigh sé an 4 Iúil agus chríochnaigh sé an 7 Lúnasa.
- Eagraíodh sé cheacht i ngrúpaí seisir mar chuid den chlár, ar lena linn a ghnóthaigh na rannpháirtithe bunscileanna gailf.
- Sannadh do gach grúpa am seachtainiúil ceachta leis an gcóitseálaí. D'fhreastail ball deonach den chlub ar gach ceacht agus thug sé na rannpháirtithe isteach sa chlubtheach ar mhaithe le sólaistí a fháil. Fuair na rannpháirtithe bileoga faisnéise freisin.
- Tairgeadh ballraíocht 18 mí do na rannpháirtithe, rud a chríochnódh i mí na Nollag 2021.

TORTHAÍ

Ghnóthaigh na rannpháirtithe uile bunscileanna gailf amhail an liathróid a thiomáint, a smiotadh agus a chaitheamh agus fuair siad cleachtadh ar an ngalfchúrsa. A bhfuil le rath an chláir seo, chuaigh deichniúr ban agus cailín sóisearach amháin isteach sa chumann áitiúil gailf cheana féin.

"Táim tógtha faoi dhul isteach i gcumann gailf atá chomh cairdiúil agus spreagúil seo."

60 Ghlac 60 bean páirt sa clár 'Get into Golf'

11 Chuaigh 11 bhean isteach sa chumann áitiúil gailf ansin



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá súil ag Comhar Spóirt Laoise tuilleadh rannpháirtithe ón gclár seo a spreagadh dul isteach ina gcumann áitiúil gailf. Leanfaidh baill reatha den chlub le tacaíocht a thabhairt do na rannpháirtithe sa chlár, agus iad ag fáil cleachtadh ar an gcúrsa agus ag fáil treoir maidir le béasaíocht agus rialacha an chumainn.

Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma

Clár Aclaíochta Damhsa Chuimsithigh do Gach Duine, Beag Beann ar Mhíchumas



FORBHREATHNÚ

Leis an gClár Aclaíochta Damhsa Chuimsithigh do Gach Duine, Beag Beann ar Mhíchumas, tugadh deis do gach duine, beag beann ar a leibhéal cumais, taitneamh a bhaint as páirt a ghlacadh i seisiúin aclaíochta damhsa chuimsithigh. Ba chláir nua é seo do na rannpháirtithe uile.



AIDHMEANNA

Ba iad na haidhmeanna a bhí leis an gclár seo de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Liatroma timpeallacht fholláin, spraiúil agus shábháilte a sholáthar do dhaoine, áit ar féidir leo aclaíocht agus damhsa a dhéanamh, agus rannpháirtithe a spreagadh sóisialú agus bualadh le daoine nua. Cur leis na deiseanna gníomhaíochta fisiciúla atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas le linn dóibh éirí gníomhach, spraoi a bheith acu agus taitneamh a bhaint as an gclár lena gcairde, agus bealaí le sóisialú a dhéanamh a sholáthar do na rannpháirtithe uile sa chláir.

CUR CHUN FEIDHME

- Ba é a bhí i gceist le Clár Aclaíochta Damhsa Chuimsithigh Liatroma ná comhar idir comhpháirtithe Fhóram Cumais Spóirt Liatroma, úsáideoirí seirbhíse agus Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma.
- Rinne an tOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt teagmháil le gach duine de na comhpháirtithe agus d'éist an tOifigeach leis an aiseolas a fuarthas ó na comhpháirtithe uile ar an gcineál clár ar mhaith leo go nglacadh na húsáideoirí seirbhíse páirt iontu.
- Socraíodh comhar dearfach, cur chuige comhaontaithe agus modh soláthair idir na comhpháirtithe uile de réir na ndátaí, na n-amanna agus na dteagascóirí le haghaidh sholáthar an chláir.
- Cuireadh an clár agus an t-imeacht chun cinn trí na meáin shóisialta, trí nuachtáin áitiúla agus trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine chun cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa chláir.
- Cuireadh an clár ar siúl i gCora Droma Rúisc, áit a raibh na rannpháirtithe in ann siúl nó dul ar iompar chuige toisc go raibh sé lonnaithe gar do roinnt ionad do dhaoine faoi mhíchumas agus go raibh iompar poiblí ar fáil in aice láimhe do na rannpháirtithe dá mba ghá.
- Cuireadh an t-aiseolas ó na rannpháirtithe ar áireamh sna seisiúin de réir mar a chuaigh an clár ar aghaidh. Áiríodh leis sin na hamhráin agus na damhsaí ab fhearr leis na rannpháirtithe agus imeachtaí ar nós laethanta breithe agus laethanta ceiliúrtha a thabhairt ar aird.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

D'éirigh go geal leis an gclár sa bhliain 2020. Bhí dúspéis ag rannpháirtithe nua i bpáirt a ghlacadh sa chláir sa bhliain 2021. Dá bhrí sin, leathnaigh Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma an clár trí dhá sheisiún ar leith in aghaidh na seachtaine a thairiscint ar Zoom. B'fhiordhearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe, ó thuismitheoirí agus ó sholáthraithe seirbhíse. Is iad na chéad chéimeanna eile den tionscnamh seo ná an clár seo a chothú san fhadtéarma, le linn cabhair agus spreagadh a thabhairt do na rannpháirtithe coinneáil gníomhach agus gafa agus taitneamh a bhaint as spraoi an chláir. Tá an clár seo ag tabhairt deis dhearfach fós do na rannpháirtithe uile sóisialú.

TORTHAÍ

Tá ríméad ar Chomhpháirtíocht Spóirt Liatroma a rá go raibh breis agus 50 duine ag glacadh páirt i gclár Aclaíochta Damhsa Chuimsithigh Liatroma gach seachtain agus go bhfuair breis agus 20 cúramóir an deis smaointe nua agus gnáthaimh dhamhsa nua a fhoghlaim chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh agus na húsáideoirí seirbhíse/na rannpháirtithe a spreagadh cleachtadh sa bhaile agus coinneáil gníomhach. Leanadh leis an gclár sin ar fud na bliana 2020 de réir mar a chuireamar in oiriúint é do na sríanta athraitheacha. Aistríodh an clár ina chláir ar líne agus bhí breis agus 40 duine ag glacadh páirt inár seisiúin Aclaíochta Damhsa ar Zoom. Ullmhaíodh físeáin YouTube do na rannpháirtithe freisin. Nuair ba cheadmhach déanamh amhlaidh, cuireadh seisiúin bheaga Aclaíochta Damhsa Chuimsithigh ar siúl amuigh faoin spéir, agus cloíodh le scaradh sóisialta lena linn.

Ní hé amháin go raibh an clár seo ina dheis páirt a thabhairt do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu i ngníomhaíocht fisiciúil ach chruthaigh sé freisin timpeallacht ina ndearnadh cairdis, ina raibh áthas ar dhaoine agus inar thaitin eispéreas an chláir go mór leo. Bhí na seisiúin ar Zoom ina mbealach a bhí ag teastáil go géar ina raibh rannpháirtithe in ann teacht le chéile, spraoi a bheith acu agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fisiciúla a dtaitníonn siad leo. Mar chuid den chláir, spreagadh na rannpháirtithe uile na gnáthaimh agus na cleachtaí damhsa a dhéanamh sa bhaile lena mbaill teaghlaigh.

"Is iad na seisiúin Aclaíochta Damhsa an chuid is fearr den tseachtain agus is breá liom a bheith ag teacht le chéile leis na daoine eile."



Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

Dúshlán na Seachtaine Scoile Gníomhaí



FORBHREATHNÚ

Bhí sé mar chuspóir leis an tionscnamh seo an pobal bun scoile a spreagadh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhísiciúil lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus lena gcuid deartháireacha agus deirfiúracha. Ní raibh na leanaí ag freastal ar scoil de bharr na dianghlasála agus, dá bharr sin, ní rabhtas in ann dúshlán agus gníomhaíochtaí scoilbhunaithe traidisiúnta na Seachtaine Scoile Gníomhaí a chur ar siúl. Ós rud é go raibh siad dícheangailte ón bpobal scoile agus scoite óna gcairde, bhí sé mar chuspóir leis an dúshlán rud spraiúil le déanamh a thabhairt do leanaí agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíocht fhísiciúil agus iad a athcheangal lena gcairde, lena gcomhscóláirí agus lena scoil trí chúrsa bacainní a chruthú. Ós rud é gur tugadh an dreasacht go bhféadfadh daoine dearbhán trealamh spóirt a bhuachan le haghaidh a scoile, leag na rannpháirtithe an-bhéim ar a scoil féin sna físeáin a d'uaslódáil siad.



AIDHMEANNA

Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh seo teaghlach a spreagadh dul i mbun cruthaitheachta agus a gcúrsaí bacainní féin a dhearadh, chomh maith le gníomhaíocht fhísiciúil agus nascacht a spreagadh sa teaghlach. Ní raibh aon cheanglais ann maidir le trealamh agus a leithéid. Níor leagadh síos ach go mbeadh reathaíocht, léimneach agus caitheamh míreanna ar áireamh leis an gcúrsa. Cé gurbh é an aidhm ghearrthéarmach a bhí leis seo teaghlach a spreagadh bheith gníomhach le chéile agus an cúrsa a thógáil agus a chur i gcrích, is é an toradh atá ar an dúshlán gur cuireadh tuismitheoirí agus leanaí ar an eolas faoi cé chomh héasca is a bhíonn sé gníomhaíocht fhísiciúil a dhéanamh le chéile agus spraoi a bheith acu lena linn. Toradh eile a bhí ar an dúshlán seo ba ea gur tugadh leanaí le chéile go fíorúil le linn tréimhse nach raibh siad ar scoil inti agus ina raibh siad ar shiúl óna gcuid cairde agus comhscóláirí. Trí físeáin a chomhroinnt ar ardáin mheán sóisialta Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh agus trína scoil agus a gcuid cairde a chlibeáil, bhí siad in ann athcheangal leis an bpobal scoile trí mheán na gníomhaíochta físiúla.

CUR CHUN FEIDHME

- Tugadh cuireadh do dhaltai ó bhunscoileanna “cúrsa bacainní sa bhaile” a thógáil. Níor leagadh aon rialacha síos, seachas go gcuirfí gnéithe de reathaíocht, de léimneach agus de chaitheamh míreanna ar áireamh sa chúrsa.
- Tugadh cuireadh do na rannpháirtithe ansin físeáin dá gcúrsa a chomhroinnt agus a scoil áitiúil a chlibeáil. Ba iad Twitter, Instagram agus Facebook na hardáin mheán sóisialta a úsáideadh.
- Ag deireadh na Seachtaine Scoile Gníomhaí, iontráladh na hiontrálaithe uile i gcrannchur ina bhféadfadh siad dearbhán a bhuachan le haghaidh trealamh spóirt dá scoil.
- Bhainistigh foireann Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh na hardáin mheán sóisialta agus thug siad cabhair agus spreagadh do na hiontrálaithe uile fud fad an dúshláin.



TORTHAÍ

- Tógadh 129 cúrsa bacainní a raibh na gnéithe bunúsacha de reathaíocht, de léimneach agus de chaitheamh míreanna ar áireamh iontu.
- Bhí comhpháirtíocht mhéadaithe ann le scoileanna chun an tSeachtain Scoile Gníomhaí bhliantúil a chur chun cinn. Bhí feachtas méadaithe ann ar Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh ar fud na cathrach agus an chontae.
- Bhí leantóirí nua/tuilleadh ‘is maith liom’ agus amas ann ar gach ceann d’ardáin mheán sóisialta Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh.
- Bhí nascacht shóisialta ann sa saol fíorúil trí leanaí a spreagadh páirt a ghlacadh sa dúshlán ar son a scoile.

“Níor chaith sé an oiread sin ama riamh ag déanamh rud éigin amuigh faoin spéir... ghlac sé thart ar thrí huairte an chloig dó chun é a thógáil agus níor ghlac sé ach thart ar 30 soicind dó chun dul tríd. Dá ainneoin sin, thaitin sé go mór leis”.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Is iad na chéad chéimeanna eile den tionscnamh seo ná é a mhéadú agus a fheabhsú do Sheachtain Spóirt Scoile na bliana seo chugainn. Tá sé beartaithe ag Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh an líon iontrálacha aonair a dhúbailt agus an líon scoileanna a ghlacfaidh páirt ann a mhéadú. Más rud é go mbeidh na scoileanna ag obair mar is gnách faoin am sin, is féidir go leathnófar an tionscnamh chun múinteoirí a spreagadh cúrsa bacainní a thógáil lena ranganna agus páirt a ghlacadh ann tríd an scoil. Níl aon teorainn le hacmhainneacht an tionscnaimh seo toisc go bhfuil sé sábháilte agus spraiúil agus toisc gur féidir le haosaigh agus le leanaí araon páirt a ghlacadh ann ag aon am amháin.

Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt Sraith Siúil an tSamhraidh



FORBHREATHNÚ

Ba thionscnamh siúil ceithre seachtaine é seo inar eagraíodh dhá shiúlóid gach seachtain ar ocht gcinn de na rianta siúil is radharcaí sa Longfort.



AIDHMEANNA

Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh deis a thabhairt do mhuintir an Longfoirt páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil ar dhóigh ar chabhraigh leo spraoi na haclaíochta amuigh faoin spéir a bhlaiseadh, ceangal le daoine eile agus a mhothú gur cuid de phobal gníomhach iad. Aidhm eile a bhí leis ba ea rannpháirtíocht leanúnach sa siúl a spreagadh tar éis an tionscnaimh. Aidhm eile a bhí leis ba ea roinnt de na sár-rianta siúil atá le fáil sa Longfort a chur chun cinn.

CUR CHUN FEIDHME

- D'oirbhig Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt i gcomhar le Turasóireacht an Longfoirt chun an tionscnamh a chur chun cinn. Bhí an tionscnamh comhdhéanta de dhá chomhpháirt: sraith siúlóid pobail ar cloidh le srianta Covid-19 lena linn; agus rogha fhíorúil ina raibh daoine in ann gach rian a dhéanamh ag aon am is rogha leo.
- Rinneadh treoir maidir le gach siúlóid a chruthú agus a sheoladh trí ríomhphost chuig gach rannpháirtí roimh an tsiúlóid. Áiríodh leis an treoir sin ár gcóras ar an láithreán le haghaidh comhlíonadh srianta Covid-19 a chinntiú, cur síos ar gach siúlóid agus fiseán den rian.
- Chláraigh daoine le haghaidh siúlóid aonair nó le haghaidh na sraithe ocht siúlóid ar fad. Shocraigh Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt 'Dúshlán Rianta an Longfoirt' agus bronnadh t-léine saor in aisce ar dhuine ar bith a chuir na hocht siúlóid sa chláir i gcrích ar bhonn pearsanta nó ar bhonn fíorúil.
- Iarradh ar rannpháirtithe fíorúla pictiúr díobh agus iad ag pointe réamhshocraithe sainchomhartha tíre ar gach rian a sheoladh le ríomhphost chuig Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt.
- Cuireadh gach siúlóid sa tsraith ar siúl thar mhí Lúnasa. D'fhreastail ceannairí siúil ar gach siúlóid chun gach meitheal réamhshannta 15 shiúlóir a threorú feadh na siúlóide agus chun a chinntiú go mbeifí ag cloí le srianta scartha shóisialta agus Covid-19 lena linn.



"Siúlóidí an-taitneamhach a bhí sna siúlóidí uile. Is iontach an rud é taitneamhachtaí den sórt sin a bheith againn sa cheantar. Maith sibh as é a chomhordú."



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Ag teacht sna sála ar an tionscnamh, d'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt blas-seisiúin Siúl Poil Nordaigh agus clár rathúil Siúl Poil Nordaigh. Ós rud é gur tugadh srianta isteach an athuir roimh dheireadh na bliana 2020, d'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt dúshlán fíorúil siúil. Ghlac 979 duine páirt sa dúshlán sin. Ghlac roinnt mhaith de na daoine sin páirt i Sraith Siúil an tSamhraidh roimhe sin. Áireofar leis na céimeanna breise cur chun cinn a dhéanamh ar thuilleadh clár agus tionscnamh fíorúil siúil le linn srianta Covid-19 agus tuilleadh leathnaithe agus forbartha a dhéanamh ar Shraith Siúil Samhraidh an Longfoirt an samhradh seo, i gcomhréir le treoirínte Covid-19. Tá pleananna ann freisin grúpaí siúil pobail a fhorbairt timpeall Chontae an Longfoirt nuair a cheadófar amhlaidh le srianta Covid-19, mar aon le ceannairí siúil ón gceantar áitiúil a shainaitheint agus a chur faoi oiliúint.

TORTHAÍ

Maidir leis an líon foriomlán daoine ar freastalaíodh orthu, chláraigh 550 duine le haghaidh ceann amháin de roghanna shraith siúil an tsamhraidh. Díobh sin, chláraigh 60 duine le haghaidh ár rogha fíorúla siúil agus chláraigh 52 duine le haghaidh "Dúshlán Rianta an Longfoirt". D'fhreastail breis agus 400 duine ar na siúlóidí go pearsanta thar na ceithre seachtaine. Mar thoradh ar an tionscnamh seo, méadaíodh feasacht an rannpháirtí ar ionaid shábháilte radharcacha siúil amuigh faoin spéir sa Longfort agus cruthaíodh tuiscint níos fearr do na spásanna amuigh faoin spéir sa cheantar áitiúil, ar spásanna iad is féidir a úsáid le haghaidh aclaíochta agus gníomhaíocht fhisiciúil. Bhailigh an tionscnamh an-neart roimh an tionscnamh agus le linn na gceithre seachtaine ina raibh sé ar siúl. Bhí an chuma air gur ghabh sé aird an phobail agus gur bhain sé leas as uaillmhian an phobail bheith gníomhach amuigh faoin spéir sa samhradh tar éis srianta dochta Covid-19 a bheith i bhfeidhm ní ba luaithe sa bhliain.

550 Chláraigh 550 duine le haghaidh Shraith Siúil an tSamhraidh

979 Ghlac 979 duine páirt sa dúshlán fíorúil siúil leantach ar eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt é

Comhpháirtíocht Spóirt Lú an Clár Cuimsithe um Rothaíocht a Fhoghlaim



FORBHREATHNÚ

Tá sé mar chuspóir leis an gclár deis a thabhairt do na leanaí uile a bhfuil uathachas orthu i ngach Aonad Riachtanas Speisialta bunscoile an rothaíocht a fhoghlaim tríd an gclár um rothaíocht a fhoghlaim.



AIDHMEANNA

Tá sé mar aidhm leis seo an 'Clár um Rothaíocht a Fhoghlaim' a sholáthar do na leanaí uile i ngach Aonad Riachtanas Speisialta bunscoile i Lú, agus scil ar feadh an tsaol á soláthar dóibh. A theagasc do leanaí atá faoi mhíchumas foghlama conas rothaíocht a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte shlán. A theagasc do leanaí atá faoi mhíchumas foghlama conas rothaíocht a dhéanamh ar rothar troitheán dhá roth gan chobhsaitheoirí. Tá sé mar chuspóir leis an gclár deis a thabhairt do dhaltai rothaíocht a fhoghlaim agus saol níos gníomhaí a bheith acu. Soláthraítear leis ceachtanna cuimsitheacha, díograiseacha agus inspreagthacha do gach leanbh, agus leas á bhaint as rothair chothromaíochta chun bunscoileanna rothaíochta a fhorbairt roimh dhul ar aghaidh chuig rothair throitheán de réir mar a oireann sé do gach leanbh aonair.

CUR CHUN FEIDHME

- Chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt Lú i dteagmháil leis an 11 scoil uile i gceantar Lú a bhfuil Aonad Riachtanas Speisialta acu agus thairg sé an clár oiliúna do gach ceann díobh.
- Sholáthair an chuideachta 'Bike Green' an clár um Rothaíocht a Fhoghlaim i ngach ceann de na scoileanna thar thréimhse sé seachtaine.
- D'fhreastail an teagascóir ar gach scoil dhá uair sa tseachtain, agus an clár á sholáthar ar bhealach a chinntigh gur fhoghlaim na leanaí na scileanna uile a theastaíonn chun an clár a chur i gcrích.
- Ba ón gClár Éire Shláintiúil a fuarthas an cistiú don chlár, rud a chabhraigh le roinnt rothar agus clogad a cheannach agus a sheachadadh chuig na scoileanna. Leis sin, bhí deis ag na leanaí na scileanna a d'fhoghlaim siad a chothabháil, rud a chinntíonn gurb inbhuanaithe a bheidh tairbhí an chláir.

TORTHAÍ

Soláthraíodh an clár um Rothaíocht a Fhoghlaim do bhreis agus 176 leanbh. Ghlac gach leanbh páirt in dhá sheisiún, a bhí seachtain amháin óna chéile. Le linn an chéad seisiúin, bhí roinnt leanaí in ann na rothair a throitheánú go mall, agus a gcosa á gcur ar an talamh. Faoin dara seisiún, shuigh formhór na leanaí ar na rothair as a stuaim féin agus bhí roinnt díobh in ann siúl nó troitheánú thart.

"Bhí na leanaí an-ghafa sna ceachtanna agus tháitín sé go mór leo páirt a ghlacadh iontu. D'fhoghlaim siad go leor scileanna nua agus rinne siad an-dul chun cinn ar chothromaíocht, ar chomhordú agus ar rothaíocht rothair a fhoghlaim. Bhí ríméad ar a gcuid múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a fhoghlaim cad é an bealach is fearr is féidir tacú leis na leanaí a scileanna nua rothaíochta a chothabháil, agus dúirt siad go raibh siad an-tógtha leis an gclár"

Príomhoide

176 Ghlac 176 leanbh páirt ann

35 Rinneadh 35 ceann de rothair agus de chlogaid a cheannach agus a sheachadadh chuig scoileanna



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Is iad na chéad chéimeanna eile le haghaidh an chláir ná oiliúint a eagrú do na cúntóirí riachtanas speisialta i ngach scoil chun a chinntiú go mbeidh siad in ann leanaí leis an gclár a sholáthar. Má fhaightear cistiú méadaithe, soláthrófar an clár do níos mó scoileanna chun a chinntiú go mbeidh deis ag na leanaí uile atá ag dul isteach in aonaid bhunscoile scil na rothaíochta a fhoghlaim. Bhain an fhoireann agus na leanaí araon an-leas as agus chuir siad in iúl gur bhreá leo deis a fháil páirt a ghlacadh i dtuilleadh clár rothaíochta sa todhchaí.



Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo Mná ar Uisce



FORBHREATHNÚ

Tá sé mar chuspóir leis an gclár seo níos mó ban a spreagadh saol gníomhach a bheith acu agus deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i spóirt uisce.



AIDHMEANNA

- Tús eolais a thabhairt do mhná ar spóirt chéaslóireachta amhail cadhcáil, seaschéaslóireacht le clár agus canúil.
- Naic a sholáthar chuig clubanna agus eagraíochtaí sa cheantar áitiúil a reáchtálann gníomhaíochtaí den sórt sin ar bhonn tráthrialta.
- Na costais sin a dhéanamh níos sorochtana do mhná, gan costais ollmhóra a bheith á ngearradh ar rannpháirtithe

CUR CHUN FEIDHME

- Rinneadh cur chun cinn spriocdhírthe ar an gclár trí na meáin shóisialta ach Facebook/Instagram agus feachtas sonrath ríomhphoist a úsáid. Chuir Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo an fhaisnéis amach freisin trí liostaí teagmhálaithe éagsúla ó chlár a reáchtáladh roimhe sin.
- Baineadh úsáid as conraitheoir seachtrach darb ainm Mayo Adventure Experience chun na gníomhaíochtaí a sholáthar toisc nach raibh na hacmhainní ar fáil ag na clubanna áitiúla.
- Mar thoradh ar shrianta Covid-19, ba é 24 duine an sprioclíon rannpháirtithe (dhá sheisiún a bheadh comhdhéanta de 12 rannpháirtí thar shé seachtaine). I gcomhréir le treoirínte an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta, miondealaíodh gach seisiún de réir cóimheas teagascóir amháin le seisear rannpháirtithe agus mhair siad uair go leith.
- Tugadh deis do rannpháirtithe raon leathan spóirt uisce a bhlaiseadh chun go mbainfeadh siad níos mó leasa as an eispéireas. Ba sheisiún spráíúla idirghníomhacha an-sóisialta do na rannpháirtithe iad na seisiúin eile, ar lena linn a leagadh béim ar spráoi agus ar bhualadh le daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu agus ar mhaithe leo bheith gníomhach ar uisce.
- Gearradh táille bheag ar na rannpháirtithe chun íoc as an trealamh a fháil ar cíós agus baineadh úsáid as cistiú chun íoc as an mbeirt teagascóirí. Bhí gach duine a chláraigh le haghaidh an chlár i tdeideal ballraíocht a bheith acu d'Aontas Canúla na hÉireann, a bhí ar an gClár Rialaithe Náisiúnta a thacaigh leis an gclár go deireadh na bliana 2020.



“Bhí an-spráoi agam an t-am ar fad. D’fhoghlaim mé a lán rudaí. Thaitin sé go mór liom. Ba cheart d’aon bhean triail a bhaint as – beidh spráoi acu agus foghlaimoidh siad a lán rudaí!”



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Ba iad na chéad chéimeanna eile den chlár seo ná leanúint leis an gclár san earrach chun freastal orthu sin nach bhfuair áit sa chlár deireanach, agus muid ag cloí leis an eagar céanna um ghníomhaíocht ilspóirt a chur ar siúl. Táthar dóchasach go bhforbrófar an clár tuilleadh leis na clubanna áitiúla chun níos mó ban a spreagadh páirt a ghlacadh i gclubanna agus go bhforbrófar scileanna na ndaoine sin a chuir an cúrsa i gcrích.

54 rannpháirtí is mná

52 bean ar liosta ionadaithe

Comhpháirtíocht Spóirt na Mí Siúl agus Tónáil



FORBHREATHNÚ

Bhí sé mar chuspóir leis an gclár seo deis a thabhairt do dhaoine scothaosta gníomhaíocht fhísiciúil a dhéanamh i dtimpeallacht amuigh faoin spéir trí shiúl agus aclaíocht éadrom a chur ar díreamh ann.



AIDHMEANNA

- Leibhéil ghníomhaíochta físiúla a mhéadú i measc daoine scothaosta trí ghníomhaíochtaí a sholáthar lena méadófaí solúbthacht, soghluaisteacht agus neart, agus leibhéil acmhainne cardashoithíche agus aeróbaí á méadú ag an am céanna.
- Timpeallacht shábháilte a sholáthar a bhféadfadh daoine scothaosta gníomhaíocht fhísiciúil a dhéanamh inti
- Uair amháin an chloig a sholáthar sa lá le haghaidh clár aclaíochta/siúil sé seachtaine

CUR CHUN FEIDHME

- Cuireadh an clár ar siúl i bPáirc na hAbhann Duibhe, an Uaimh, Co. na Mí. Le linn na tréimhse sin, ní raibh an pháirc ar oscailt don phobal de bharr na srianta a thug an Rialtas isteach mar fhreagairt do Covid-19. D'ídirbheartaigh Comhpháirtíocht Chontae na Mí oscailt na páirce le Comhairle Contae na Mí le haghaidh uaireanta ainmnithe úsáide d'aosaigh atá 55 bliain d'aois nó níos sine.
- Ba é 1pm – 3pm an t-am a leithdháileadh. Bhí ar gach aosach clárú roimh ré ar an bhfón le Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí agus prótacail Covid-19 a chur i gcrích.
- Roinneadh an limistéar a úsáideadh le haghaidh gníomhaíocht aclaíochta ina chodanna chun cloí leis na treoirlínte scartha shóisialta 2 mhéadar. Thug gach rannpháirtí a mata féin leo. Níor úsáideadh aon trealamh agus, dá bhrí sin, ní raibh aon riosca ann go leathfaí an t-ionfhabhtú trí na pointí tadhaill.
- Cé go raibh an clár simplí, bhí sé an-éifeachtach. Thaispeáin an teagascóir do na rannpháirtithe conas cleachtaí réamhaclaíochta soghluaisteachta, cleachtaí méachan coirp, gluaiseachtaí aeróbacha agus siúl aireachais a dhéanamh.

TORTHAÍ

- Feabhas ar fholláine meabhrach, ar fhéinmheas agus ar ghiúmar – bhain rannpháirtithe taitneamh as an deis caidreamh sóisialta a bheith acu le daoine eile tar éis dóibh bheith stoptha sa teach ar feadh dhá mhí
- Tháinig feabhas ar solúbthacht, soghluaisteacht agus neart na rannpháirtithe
- Acmhainn aeróbach mhéadaithe – ag deireadh an chláir, bhí na rannpháirtithe in ann siúl feadh achar níos faide/ar bhealach níos gasta (dhá chuair de pháirc 1.4 km ar fad a dhéanamh in ionad cuair amháin a dhéanamh)
- Féinmhuinín mhéadaithe as a gcumas chun cleachtaí a dhéanamh
- Iontaoibh mhéadaithe agus mothú méadaithe sábháilteachta – d'fhéadfadh na rannpháirtithe amharc ar na bearta a bhí á nglacadh chun a chinntiú go laghdófaí, nó go mbainfí, an riosca go leathfaí an t-ionfhabhtú.

“Ba rud iontach é dul amach an athuair toisc nár fhág mé an teach le míonna anuas.”

“De bharr an pháirc a bheith ar oscailt dúinn ag an am sin, mhothaigh mé go raibh mé sábháilte agus bhain mé níos mó taitnimh fós as an aclaíocht.”



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Bunaithe ar fhionnachtana ó bhéal na ndaoine agus ó aiseolas ó rannpháirtithe, cuirfidh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí clár ‘Siúl agus Tónáil’ i bhfeidhm i limistéir dhifriúla sa chontae sna míonna tosaigh den bhliain 2021.

43 Chláir 43 rannpháirtí

42 Chuir 42 rannpháirtí an clár sé seachtaine i gcrích

70% Leibhéil ghníomhaíochta (bunaithe ar fhionnachtana M1): rinne 70% den ghrúpa a leibhéil ghníomhaíochta roimh an gclár agus tar éis an chláir a choinneáil seasmhach nó a mhéadú

Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin

Mionmharatón Fíorúil Mhuineacháin do Mhná 2020



FORBHREATHNÚ

Bhí sé mar chuspóir leis an imeacht seo mná ar fud an chontae a mhealladh páirt a ghlacadh i ndúshlán gníomhaíochta fhisiciúla a bhí indéanta agus a raibh aon bhean in ann é a chur i gcrích ar a bealach féin.



AIDHMEANNA

- Imeacht atá dírithe ar mhná amháin a sholáthar chun rannpháirtíocht mhéadaíthe na mban sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn.
- Dúshlán malartach a thabhairt do na daoine sin a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar rás bóthair/mhionmharatón/dhúshlán siúil a chur i gcrích.
- Soláthar a dhéanamh ar dhúshlán a bheifí in ann a chur i gcrích ag am agus ar dháta a bhí oiriúnach don rannpháirtí (le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt) trí shiúl/jagáil/rith nó trí dhúshlán 5 km nó 10 km a chur i gcrích.
- Béim a leagan ar an bhfíric gur do gach duine atá an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil, beag beann ar a n-aois, ar a gcumas nó ar a n-inscne.
- Mná a mhealladh páirt a ghlacadh i ndúshlán a bheifí in ann a chur i gcrích amuigh faoin spéir, d'ainneoin shrianta áitiúla Covid-19 atá i bhfeidhm.
- Deis a thabhairt do rannpháirtithe rannpháirtíocht na mban 'a thaispeáint' agus spreagadh a thabhairt do mhná eile lena linn.

CUR CHUN FEIDHME

- Thionscain Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin an t-imeacht seo i bhfómhar na bliana 2020 chun Sheachtain Eorpach an Spóirt agus feachtas 20X20 um Mná sa Spórt a cheiliúradh. Ba é a bhí i gceist leis an imeacht gur chuir na rannpháirtithe cláraithe uile imeacht 5 km nó 10 km i gcrích am ar bith le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt 2020.
- Glacadh na clárúcháin uile tamall maith roimh an imeacht chun go leor ama a thabhairt do rannpháirtithe "ullmhú" don imeacht trí ghníomhaíocht thráthrialta agus chun deis a thabhairt do Chomhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin t-léinte imeachta a cheannach agus a dháileadh ar na rannpháirtithe uile sula dtabharfadh siad faoin dúshlán.
- Sular thug sí mionsonraí an imeachta seo chun críche, rinne Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin teagmháil le gach ceann de na clubanna reathaíochta/grúpaí siúil sa chontae chun a chinntiú nach mbeadh an t-imeacht ag teacht salach ar aon imeachtaí eile a bhí sceidealaithe don tseachtain sin.
- D'fhorbair Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin feachtas meán sóisialta inar cuireadh sraith dea-theachtaireachtaí agus dea-iomhánna chun cinn sa tréimhse roimh sheachtain an imeachta agus ar fud sheachtain an imeachta chun inspioráid, spreagadh agus inspreagadh a thabhairt do na mná a bhí ag glacadh páirt ann.
- A luaithe a chuir na rannpháirtithe uile a ndúshlán i gcrích agus a sheol siad grianghraf díobh chuig Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin, fuair siad bonn críochnaitheora eagráin theoranta trí chasadh an phoist chun a n-éachtaí a cheiliúradh.

TORTHAÍ

Ghlac 200 rannpháirtí baineanach páirt sa chéad Dúshlán Mionmharatón Fíorúil i Muineachán riamh. Ghlac rannpháirtithe idir 17 mbliana d'aois agus 74 bliain d'aois páirt san imeacht. Bhain roinnt ban amach an uaillmhian a bhí acu dúshlán 5 km/10 km a chur i gcrích den chéad uair. Chuir rannpháirtithe in iúl go bhfuil siad ag leanúint le siúl/jagáil tar éis dheireadh an imeachta.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Táthar ag smaoineamh ar imeacht bliantúil a réachtáil do mhná ar fud an Chontae, agus naisc á gcruthú le comhpháirtithe seachtracha chun teacht ar níos mó rannpháirtithe. Tá plananna ann an t-imeacht a leathnú chun cailíní sna déaga a chur ar áireamh, agus clár ullmhúcháin in lar-bhunscoileanna agus lá imeachtaí á réachtáil do chailíní chun rannpháirtíocht na gcaoilíní sna déaga sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.

Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí

Tacaí Gníomhaíochta Fisiciúla Duine le Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas



FORBHREATHNÚ

De bharr eagla roimh riochtaí bunúsacha leighis, bhí daoine faoi mhíchumas ar cheann de na grúpaí ba lú tacaíocht le linn athoscailt ghairid an spóirt i samhradh na bliana 2020. Mheas a lán teaghlach go raibh siad iargúlta agus níor cuireadh aon tacaí ar fáil seachas acmhainní i bhformáidí priontáilte nó ar ardáin ar líne. Chinntigh sé sin go ndéanfaí soláthar cuí do dhaoine faoi mhíchumas chun go bhféadfadh siad gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh le linn athoscailt an spóirt.



AIDHMEANNA

Soláthar ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun tacú le daoine faoi mhíchumas leanúint le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil.

CUR CHUN FEIDHME

- Earcaíodh triúr teagascóirí cuícháilithe chun tacaí saincheaptha duine le duine a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Earcaíodh rannpháirtithe oiriúnacha chun tabhairt faoin gclár tar éis comhairliúchán agus measúnú tosaigh a dhéanamh le gach rannpháirtí ina t(h)each féin roimh thús an chláir.
- Forbraíodh plean oiliúna pearsantaithe ocht seachtaine a bhí saincheaptha do gach duine aonair.
- Rinneadh teagmhálacha agus measúnuithe leantacha ar bhonn tráthrialta le rannpháirtithe thar na hocht seachtaine. Áiríodh leis an obair leantach sin teagmháil le tuismitheoirí/cúramóirí de réir mar ba chuí.

TORTHAÍ

Sholáthair triúr teagascóirí cláir phearsantaithe ghníomhaíochta fisiciúla ar bhonn duine le duine do 47 duine atá faoi mhíchumas fisiciúil, céadfach nó inleachtúil.

“Bhí an clár ní b’fhearr ná a bhí mé ag súil leis. Ba chlár iontach é a bhí saincheaptha do riachtanais na leanaí – ní raibh ach méid beag trealaimh ag teastáil, rud is breá liomsa mar thuismitheoir. Bhí sé soiléir achomair agus bhí sé ar dóigh é a dhéanamh sa bhaile. Bhí an teagascóir den chéad scoth agus d’oibrigh sé chomh dícheallach sin leis na leanaí.”

Tuismitheoir

“Thaitin an clár go mór liom – bhí mo theagascóir sármhaith ar fad. Mhínigh sé gach rud go críochnúil – agus leanfaidh mé leis na cleachtaí sin a dhéanamh as seo amach.”

Rannpháirtí

INDIVIDUALISED PHYSICAL ACTIVITY PROGRAMME

For people with a disability



New programme begins in January 2021



* Initial Assessment

* Once off individualised 8 week programme

* Follow up, Review & Further Assessment (if required)

- * You will meet with a Sports Tutor to create a physical activity plan in line with your interests to promote your personal fitness.
- * The Tutor will then design an 8 week physical activity programme which will then be implemented by the individual independently.
- * Open to people with a disability in Offaly from Primary School age to Adult.
- * Limited availability of places
- * All covid 19 government guidelines including social distancing will be adhered to at all times.

Parental/ Guardian consent required for u18s

Expression of interest to : Jean in Offaly Sports Partnership
(Pre - booking essential)
086 7912508 (Monday - Friday 9am - 5pm only)



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cé go raibh sé doiligh an clár a fhás tar éis thabhairt isteach na treorach ón Rialtas lena gcoiscítear cuairteanna ar thithe daoine (lena n-áirítear cuairteanna ar ghairdíní daoine), fuarthas cistiú ó FSS agus ó Choistí um Sheirbhísí do Leanáí agus Daoine Óga chun an idirghabháil seo a fhás sa bhliain 2021 nuair a cheadófar amhlaidh le treoirilínte sláinte poiblí

Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin

Tús Eolais ar Chlár Scileanna Uisce Amuigh faoin Spéir



FORBHREATHNÚ

Bhí sé mar chuspóir foriomlán leis an gclár tús eolais a thabhairt d'aosaigh agus do dhéagóirí ar shnámh uisce faoin spéir agus imeacht snámha a chur i gcrích ag deireadh an chláir. Ba é a bhí i gceist leis an gclár scileanna uisce faoin spéir ná seisiún cóitseáilte amháin sa tseachtain. Tá sé mar aidhm leis an gclár an teicníc snámha a fheabhsú, muinín as bheith san uisce a thógáil agus an fad a fhéadann na rannpháirtithe snámh a mhéadú sa timpallacht uisce faoin spéir. Aidhm eile a bhí leis an gclár ba ea béim a leagan ar na deiseanna atá ann ar ár n-uiscebhealaí áitiúla agus an pobal a athnascadh leis an limistéar amuigh faoin spéir le haghaidh gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa. Tá gné shóisialta ag baint leis an gclár freisin toisc go dtugtar deis do rannpháirtithe freastal ar sheachtain oll-rannpháirtíochta mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt ar an gclár a chur i gcrích dóibh. Soláthraíodh clár sé seachtaine agus ocht seachtaine in dhá láthair i Ros Comáin.



AIDHMEANNA

- Naisc idir Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a bhreisiú tuilleadh chun go mbeifear in ann clár snámha uisce faoin spéir a sholáthar i gcomhpháirt mar ghníomhaíocht spráúil inrochtana áineasa
- Soláthar a dhéanamh ar ghníomhaíocht a chuirtear ar siúl amuigh faoin spéir agus lena soláthraítear aclaíocht fhísiciúil chun dul chun taibhe do shláinte agus folláine an rannpháirtí
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar Réimse Gníomhaíochta a Sé – ‘spóirt agus gníomhaíocht fhísiciúil sa phobal’ – atá sa Phlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhísiciúil d’Éirinn. Béim a leagan ar uimhir thagartha 47 – ‘leanúint le tacú le hobair na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar chláir a bhfuil mar aidhm leo gníomhaíocht fhísiciúil a chur chun cinn’
- Cóitseáilte agus saoráidí áitiúla a úsáid chun inbhuanaitheacht an chláir a chinntiú

CUR CHUN FEIDHME

- Chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin i gcomhpháirt le Snámh Éireann chun clár snámha saincheaptha sé seachtaine agus ocht seachtaine a sholáthar san uisce faoin spéir
- Cuireadh Comhaontú Comhpháirtíochta i bhfeidhm idir Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin agus Snámh Éireann, agus ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire a sainithint ann ionas go bhféadfaí clár ardchaighdeán a sholáthar
- Earcaíodh rannpháirtithe trí ardáin éagsúla mheán sóisialta.
- Ar an gclár a chur i gcrích, bhí an rogha ag rannpháirtithe imeacht snámha uisce faoin spéir a thriail mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt. Ba iad 1500 m agus 750 m na hachair d’aosaigh agus ba é 750 m an t-achar do leanaí idir 11 bhliain d’aois agus 17 mbliana d’aois.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- De bharr an éilimh a bhí air, lorgófar cistiú chun tuilleadh clár a sholáthar agus chun oiliúint a chur ar oibríthe deonacha sa cheantar áitiúil
- Táthar dóchasach an clár a thabhairt isteach i láithreacha eile i Ros Comáin agus é a sholáthar do spriocghrúpaí eile
- Feasacht mhéadaithe ar an tionscnamh agus é a chur ar áireamh i bhféilire bliantúil clár Chomhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin
- Rannpháirtíocht na mball teaghlaigh a mhéadú chun iad a chur ar an eolas faoin gclár agus faoi na tairbhí a ghabhann leis
- Gníomhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt trí oideachas agus oiliúint chun go mbeidh pobail a bhfuil saoráid uisce amuigh faoin spéir acu in ann snámh uisce faoin spéir a thairiscint fud fad na bliana

TORTHAÍ

Leagadh béim sa chláir ar an éileamh ar shnámh uisce faoin spéir d’aosaigh agus do leanaí aaron. Soláthraíodh an clár go rathúil ar fud dhá láthair i Ros Comáin – d’fhreastail 40 rannpháirtí san iomlán ar chláir Uisce faoin Spéir i mBéal Átha Liag agus i Loch Cé. D’fhreastail 48 rannpháirtí ar an ollimeacht i Loch Cé, Mainistir na Búille, mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt. Chuir rannpháirtithe in iúl go bhfuil méadú tagtha ar a leibhéil gníomhaíochta físiúla agus a acmhainne cardashoithíche mar thoradh ar an gclár a chur i gcrích. Chuir siad in iúl go bhfuil méadú tagtha ar a muinín agus a mbraistint folláine freisin. Chuaigh roinnt de na rannpháirtithe ar aghaidh chun éirí ina mbaill de na clubanna áitiúla trí-atlain.

“Tá feabhas mór tagtha ar mo muinín san uisce agus thug an clár dóigh nua dom coinneáil gníomhach”



FORBHREATHNÚ

Ba é a bhí i gceist leis seo ná cur chuige comhpháirtíochta idir Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh, Snámh Éireann agus Eagraíochtaí Pobail chun clár shábháilte shnámh faoin spéir a chur chun cinn mar ghníomhaíocht fhisiciúil i limistéir thuaithe chun freastal ar an éileamh áitiúil le linn phaindéim Covid-19. Reáchtáladh dhá chlár – Bunchúrsa i Snámh faoin Spéir agus Clár Scileanna Snámh faoin Spéir.



AIDHMEANNA

- Deiseanna gníomhaíochta fhisiciúla a mhéadú.
- Clár shábháilte shnámh faoin spéir a chur chun cinn in dhá phobal tuaithe.
- Deis a sholáthar chun coinneáil gníomhach go sábháilte le linn phaindéim Covid-19.
- Feabhas a chur ar mhúinín agus teicníc na rannpháirtithe i snámh faoin spéir.

CUR CHUN FEIDHME

- Rinneadh comhar dearfach idir Snámh Éireann, Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh, Comhairle Pobail Inis Crabhann agus Coiste Feabhsaithe Pobail an Droma Mhóir Thiar.
- Cuireadh comhaontú comhpháirtíochta i bhfeidhm do gach láithreán, rud inar leagadh amach ról agus freagraíochtaí na Comhpháirtíochta, Shnámh Éireann agus na n-eagraíochtaí pobail.
- Sainaithníodh teagascóirí agus gardaí tarrthála oiriúnacha atá cláraithe le Snámh Éireann chun an clár a sholáthar.
- Cuireadh an clár chun cinn go háitiúil tríd an gComhpháirtíocht agus trí eagraíochtaí pobail. Chláraigh na rannpháirtithe uile trí shuíomh Gréasáin Shnámh Éireann.
- Mhair na cláir idir 10 seachtaine agus 12 sheachtain, agus iad á soláthar i ngrúpaí de dháréag rannpháirtithe.



TORTHAÍ

Ghlac 125 duine páirt i gClár Shnámh faoin Spéir ag dhá láithreán tuaithe: Inis Crabhann agus Eachros. Tionóladh Imeacht leantach Snámh faoin Spéir ina dhiaidh sin in Inis Crabhann mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt, agus 158 duine páirteach ann. Rinne Comhairle Pobail Inis Crabhann, an Chomhpháirtíocht agus Snámh Éireann iarratais rathúla ar chistiú chun 6 bhaoi agus coimeáddán stórála amháin a cheannach. Ceann de na príomhthorthaí a bhí ar na cláir ba ea méadú a dhéanamh ar na deiseanna comhair idir Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh, Snámh Éireann agus Eagraíochtaí Pobail Áitiúil.

“Tionscnamh den scoth, sárchóitseáil, braistint láidir cuimsithe”

“Cabhraíonn sé le meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil a mhéadú agus le borradh a chur faoi mhúinín san fharraige. Tá sé an-tábhachtach maidir lenár bhfeasacht ar shábháilteacht uisce freisin”

283

Ghlac 283 duine san iomlán páirt sna Cláir Shnámh faoin Spéir



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Sa bhliain 2021, tá sé beartaithe an clár ‘Daily Dippers’ de chuid Shnámh Éireann a thriail ag ceithre láithreán, Bunchúrsa i Snámh faoin Spéir agus i Scileanna Snámh faoin Spéir a reáchtáil ag ceithre láithreán, agus Dianseachtain nua Snámh faoin Spéir a eagrú in Inis Crabhann do leanaí atá ag iarraidh foghlaim chun snámh agus taithí a ghnóthú i dtimpeallacht snámh faoin spéir. Tá an clár seo deartha chun uirlisí agus eolas a thabhairt do rannpháirtithe ionas gur féidir leo timpeallacht shábháilte a chruthú do snámh faoin spéir.



FORBHREATHNÚ

I gcomhar le Comhairle Contae Átha Cliath Theas, le hOifigigh Forbartha Rugbaí Laighean, le IRFU agus le Club Rugbaí Chluain Dolcáin, sholáthair Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas clár cuimsitheach rugbaí leaiste ceithre seachtaine do leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais (ASD) orthu agus leanaí faoi mhíchumas intleachtúil.



AIDHMEANNA

Bhí sé mar aidhm leis an gclár deis a thabhairt do leanaí a bhfuil ASD orthu agus leanaí faoi mhíchumas intleachtúil gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh laistigh de chlub spóirt sa phobal áitiúil. Bhí sé mar aidhm dheiridh leis foireann chuimsitheach nua rugbaí leaiste a bhunú i gClub Rugbaí Chluain Dolcáin tar éis an treoirchláir cheithre seachtaine. Thug an clár cuimsitheach rugbaí deis do na rannpháirtithe líonrú go sóisialta agus bualadh lena gcairde i dtimpeallacht shábháilte.

CUR CHUN FEIDHME

- Tionóladh cruinníú tosaigh le Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas agus le Rugbaí Laighean maidir leis an bhféidearthacht a bhí ann an clár a reáchtáil. Cinneadh le linn an chruinnithe sin go rachfaí i dteagmháil le Club Rugbaí Chluain Dolcáin chun a fháil amach ar spéis leis páirt a ghlacadh sa chlár. D'oibrigh sé i gcomhpháirt le Rugbaí Laighean chun roinnt ball den chlub a earcú chun obair dheonach a dhéanamh agus cóitseáil ar feadh thréimhse an chláir cheithre seachtaine. Áiríodh leo sin imreoirí óga agus mná agus fir ó fhoirne sinsir an chlub.
- Ba trí na meán shóisialta agus trí bhunachar sonraí na Comhpháirtíochta a d'earcaigh an tOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt i gComhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas leanaí a bhfuil ASD orthu agus leanaí faoi mhíchumas intleachtúil. Chláirigh na rannpháirtithe uile trí Eventbrite.
- Rinne an Chomhpháirtíocht, Rugbaí Laighean agus Club Rugbaí Chluain Dolcáin plé ar na ceithre seachtaine a bhí le teacht – pleananna seisiúin, an líon cóitseálaithe agus nósanna imeachta sábháilteachta Covid-19 san áireamh – agus phleanáil siad dóibh. Cuireadh na rannpháirtithe uile, lena áiríodh cóitseálaithe agus tuismitheoirí (má bhí siad ag teastáil chun cúnaimh duine le duine a thabhairt), ina ngrúpaí de 15 dhuine.
- Bhí cruinníú lasmuigh ag an Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt i gComhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas, ag an bpríomhchóitseálaí don chlár agus ag cathaoirleach Chlub Rugbaí Chluain Dolcáin le linn an tseisiúin ar sheachtain 3, agus na tuismitheoirí uile i láthair. Bhí sé mar chuspóir leis an gcrúinníú sin béim a chur ar a thábhachtaí a bheadh rannpháirtíocht tuismitheoirí maidir le hinbhuanaitheacht na foirne.
- Sheol IRFU físghráfadóir amach chuig an seisiún deireanach chun roinnt píosaí scannáin a thairfeadh den chlár. Bhí grianghrafadóir ó Rugbaí Laighean i láthair freisin. Úsáideadh na híomhánna agus na fiseáin mar chuid d'fheachtas meán sóisialta a raibh mar aidhm leis rugbaí cuimsitheach a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath Theas, i gCúige Laighean agus ar fud na tíre.
- Ag an seisiún deireanach, chuir Club Rugbaí Chluain Dolcáin tús leis an bpríseas clárúcháin imreoirí i gcomhar le tuismitheoirí chun go bhféadfadh na leanaí a éirí ina mbaill oifigiúla den chlub rugbaí.

“Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an traenáil rugbaí a eagrú. Ba bhreá an rud é amharc ar na leanaí agus iad ag baint an-taitneamh as an gclár. Is smaoineamh den scoth é agus bheadh sé go hiontach dá mbeadh tuilleadh gníomhaíochtaí ann do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu”

TORTHAÍ

- Ghlac 42 duine de leanaí a bhfuil ASD orthu nó de leanaí atá faoi mhíchumas intleachtúil páirt sa chlár gach seachtain.
- Tháinig 30 oibri deonach ó Chlub Rugbaí Chluain Dolcáin le chéile gach Satharn chun na rannpháirtithe a chóitseáil agus chun tacaíocht duine le duine a thabhairt do roinnt díobh.
- Ghabh Club Rugbaí Chluain Dolcáin air féin rugbaí leaiste cuimsitheach a reáchtáil go rialta agus foireann chuimsitheach a bhunú laistigh den chlub.
- Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ó thuismitheoirí, ó chóitseálaithe agus ó imreoirí óga i gClub Rugbaí Chluain Dolcáin. A bhfuil le rath an chláir, pléadh an club go fairsing ar ardáin mheán sóisialta Rugbaí Laighean agus IRFU.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Is é an chéad chéim mhór eile ná a chinntiú go mbeidh an clár inbhuanaithe. Chun an méid sin a bhaint amach, chomhaontaigh tuismitheoirí cuidiú a thabhairt i roinnt ról difriúil, e.g. ról riaracháin, ról chóitseála, oifigigh Covid, tacaíocht duine le duine do leanaí áirithe, etc. Is é an chéad rud a dhéanfar ná na cóitseálaithe agus na hoibríthe deonacha uile a chur faoi phríseas Cumhdaigh Rugbaí Laighean. Cuirfidh aon duine de na cóitseálaithe laistigh de Chlub Rugbaí Chluain Dolcáin agus na tuismitheoirí a dhéanfaidh obair dheonach don chlub Oilíúint i gCuimsiú Daoine faoi Mhíchumas i gcrích ansin. Is ar líne a sholáthrófar an eilimint teoirice. Cuirfear an seisiún praiticiúil allamuigh ar siúl a luaithe is féidir déanamh amhlaidh de réir na srianta. Cuirfidh sé sin ar chumas Chlub Rugbaí Chluain Dolcáin an clár a sholáthar go neamhspleách. Roghnóidh na leanaí ainm oifigiúil na foirne agus clárófar an fhoireann laistigh den chlub. Ghabh Club Rugbaí Chluain Dolcáin air féin feisteas traenála a sholáthar don fhoireann nua a luaithe a atosófar an traenáil.

Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann

Deimhniú i Riarachán Clubanna Spóirt (Clubanna Spóirt a Reáchtáil) - Dámhachtain Leibhéal 6



FORBHREATHNÚ



Mar chuid den tionscnamh seo, d'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun dámhachtain oiliúna a fhorbairt d'oibríthe deonacha a reáchtáilann clubanna spóirt. In Éirinn, cuireann na mílte daoine am agus iarracht isteach chun sáreispéreas a chruthú do dhaoine a ghlacann páirt sa spórt. Bíonn an spórt ar leibhéal pobail ag brath go mór ar oibríthe deonacha, áfach, chun fónamh ar choistí. Uaireanta, déanann siad é sin gan aon taithí ná oiliúint roimhe. Bhí sé mar aidhm leis an gcúrsa cabhrú le hoibríthe deonacha gnóthú a dhéanamh ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn uathu i réimsí an airgeadais club, na bainistíochta club, na margaíochta club agus na forbartha club. Tá an cúrsa le forbairt mar dhámhachtain sainchuspóra Leibhéal 6 in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, rud lena ngabhann 10 gcreidiúint. Cuimseoidh an clár na 4 eilimint lena dtacaítear le comhaltaí coiste a gclub pobail a reáchtáil ar bhonn laethúil.



AIDHMEANNA

- Tuiscint iomlán a thabhairt d'oibríthe deonacha ar an dinimic, ar na freagrachtaí agus ar na caidrimh a bhaineann le club spóirt a riar.
- Tuiscint a thabhairt d'oibríthe deonacha ar na scileanna a theastaíonn uathu chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na castachtaí atá ann i gclub spóirt nua-aimseartha – bíodh siad ina gcastachtaí riaracháin, ina gcastachtaí airgeadais nó ina gcastachtaí bainistíochta.
- Tuiscint a thabhairt d'oibríthe deonacha ar na scileanna bainistíochta agus ceannaireachta a theastaíonn uathu chun go mbeidh siad in ann rannchuidiú luachmhar a dhéanamh le gnóthaí a gclub.

CUR CHUN FEIDHME

- Agus an clár á fhorbairt, chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann i dteagmháil le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh (Campas Dhurlais) agus d'fhoinsigh sí léachtóir ag a raibh an taithí, an cúlra agus an t-eolas chun modúil agus ábhar an chúrsa a fhorbairt.
- Tar éis an t-ábhar a fhorbairt, cuireadh an cúrsa trí phróiseas creidiúnúcháin Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, áit a bhfuair sé Dámhachtain Sainchuspóra Leibhéal 6.
- Cuireadh ábhar an chúrsa in oiriúint d'fhoghlaim chumaisc thar thréimhse 20 seachtain, ar lena linn a dhéanfaí measúnú leanúnach ar na rannpháirtithe agus a d'fhorbródh na rannpháirtithe plean straitéiseach 3 bliana dá gclub féin.
- Cuireadh an cúrsa san áireamh i gClár Foghlama Solúbtha Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.
- Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann an cúrsa a fhógairt agus a chur chun cinn i measc gach club i dThiobraid Árann. D'íoc na clubanna táille fhóirdheonaithe €100 in aghaidh an rannpháirtí.
- Triailleadh an cúrsa agus rinneadh meastóireacht air ansin.

TORTHAÍ

Tosaíodh ar an gcúrsa a thriail i gcomhar le dháréag rannpháirtithe ag deireadh na bliana 2019. Tháinig an treoirchúrsa chun deiridh i mí Aibreáin 2020. Tugadh do na rannpháirtithe teimpléid éagsúla lena n-úsáid laistigh dá gclub féin, amhail Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta, lámhleabhair oibríúcháin agus lámhleabhair do bhaill/clubanna. Cuireadh raon leathan pacáí acmhainne cúrsa oscailte ar fáil mar chuid den chúrsa, agus uirlisí inrochtana costéifeachtacha á soláthar chun tacú le forbairt clubanna spóirt ar leibhéal pobail. Ghnóthaigh gach rannpháirtí eolas agus tuiscint níos fearr ar a bhfuil i gceist le clubanna spóirt a reáchtáil, rinne siad ceangail nua le clubanna eile, agus d'fhorbair siad léargas níos fearr ar an ról a chomhlíonann an Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt agus ar na tacaí a sholáthraíonn sí do chlubanna áitiúla. Chuir na rannpháirtithe feabhas ar a scileanna ceannaireachta agus bainistíochta freisin agus, ag deireadh an chúrsa, bhí tuiscint níos fearr acu ar struchtúir club, ar rialachas club, ar chumarsáid club agus ar na scileanna eagrúcháin agus an t-ábhar riaracháin a theastaíonn chun go n-éireoidh le club.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Ag teacht sna sála ar rath an treoirchúrsa, tá sé beartaithe ag Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann agus ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh an cúrsa a sholáthar gach bliain agus tuilleadh clubanna a chur ar an eolas faoi thairbhí an chúrsa agus iad a mhealladh chun páirt a ghlacadh ann. Mar thoradh ar Covid-19, oiriúnaíodh an cúrsa chun go bhféadfaí é a sholáthar go hiomlán ar líne trí MS Teams. Tosaíodh an cúrsa ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus tá sé le críochnú i mí Aibreáin 2021. Tar éis an cúrsa fíorúil a sholáthar, déanfar meastóireacht air chun a mheasúnú cén modh soláthair atá ar an gceann is fearr. Má léirítear sna torthaí gur fearr an cúrsa a sholáthar i bhformáid fhíorúil, beidh an fhéidearthacht ann an cúrsa a chur ar fáil do rannpháirtithe lasmuigh de Thiobraid Árann.

FORBHREATHNÚ



Ba é an cuspóir a bhí le Podchraoladh SportsAbility Phort Láirge ná áit an imeachta 'Deireadh Seachtaine SportsAbility' a bhí beartaithe roimhe sin a ghlacadh. Cuireadh an t-imeacht sin siar i mí Mheán Fómhair 2020 de bharr Covid-19. Forbraíodh an tsraith podchraoltaí sé eipeasóid chun daoine éagsúla – tuismitheoirí, lúthchleasaithe idirnáisiúnta, para-lúthchleasaithe agus cóitsédaithe ina measc – a chur ag labhairt faoin Spórt agus faoi Ghníomhaíocht Fhisiúil do Dhaoine faoi Mhíchumas.

AIDHMEANNA



- Daoine faoi mhíchumas a chumasú páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn go gníomhach.
- Feasacht a mhéadú ar na deiseanna gníomhaíochta fhisiciúla atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.
- Feasacht a mhéadú ar an tionchar dearfach a imríonn an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil ar shaol daoine faoi mhíchumas agus ar a dteaghlach.
- Feasacht a mhéadú ar na bacainní atá ann i réimse an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas agus ar na bealaí inar féidir na bacainní sin a shárú.
- Lúthchleasaithe faoi mhíchumas a chur chun cinn mar eiseamláirí do lúthchleasaithe óga eile i bPort Láirge.

CUR CHUN FEIDHME

- Fuair Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge cistiú ón gclár Éire Shláintiúil chun Sraith Podchraoltaí SportsAbility Phort Láirge a fhorbairt agus a léiriú.
- Ba chomhthionscnamh é sin idir Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus baill d'Fhóram SportsAbility Phort Láirge.
- De bharr Covid-19, stiúir an Chomhpháirtíocht an obair chun an podchraoladh a fhorbairt agus chuaigh sí i gcomhairle leis na baill den Fhóram ar bhonn rialta.
- Ceann de phríomhthosaíochtaí an chláir ba ea teacht ar chainteoirí oiriúnacha. Shainathin Pauline Casey, an tOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, agus baill d'Fhóram SportsAbility cainteoirí do gach eipeasóid, á chinntiú go gcloisfí roinnt dearcthaí difriúla ar an tionchar dearfach atá ag an spórt ar shaol daoine faoi mhíchumas agus ar a dteaghlach.
- D'oibrigh an tOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt i ndlúthchomhar le Jamie Knox, Teagascóir de chuid na Comhpháirtíochta, a raibh ról lárnach aige sa phodchraoladh a léiriú agus a chur chun cinn.
- Le linn na sé eipeasóid, cuireadh na cainteoirí faoi agallamh ag Pauline Casey nó ag Karen Power (a scríobh an tsraith leabhar 'Butterfly Barn').
- Tar éis na podchraoltaí a léiriú agus a chur in eagar, díriodh ar an bhfeachtas cur chun cinn. Ba é a bhí i gceist leis sin ná póstaer a chur in airde, preaseisiúintí a sheoladh amach agus feachtas láidir a reáchtáil sna meáin shóisialta, áit ar eisíodh postálacha roimh gach eipeasóid agus lena linn. Eisíodh Eipeasóid 1 den Phodchraoladh Dé hAoine an 11 Meán Fómhair 2020, agus an chéad chúig eipeasóid eile á n-eisiúint gach coicis ina dhiaidh sin.

"Tá na podchraoltaí dearfach agus dírithe ar láidreachtaí. Chuir siad i gcuimhne dom (an t-éisteoir) féachaint ar na féidearthachtaí agus an acmhainn atá againn go léir. Léirigh siad cé chomh tábhachtach agus atá sé bheith cruthaitheach agus an timpeallacht a oiriúnú chun tacú leis an duine agus léirigh siad an líon deiseanna a chruthaítear do dhaoine nuair a dhéantar é sin."

TORTHAÍ

Tháinig méadú soléir ar infheictheacht Fhóram SportsAbility Phort Láirge agus Chomhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge araon mar thoradh ar an bpodchraoladh. Bunaithe ar an líon íoslódálacha, ba chosúil gur mhó an líon daoine a ndeachamar i bhfeidhm orthu tríd an bpodchraoladh ná an líon daoine a bhféadfaimis dul i bhfeidhm orthu trí shraith seiminear aghaidh ar aghaidh. Ba é seo an chéad uair riamh a rinne Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge sraith podchraoltaí a léiriú. Níl aon amhras ann ach gur dheis fhiúntach foghlama é do gach duine a bhí i gceist agus don fhoireann i gcoitinne maidir le podchraoltaí a chumadh amach anseo. Is modh eile é inar féidir linn dul i bhfeidhm ar dhaoine ar bhealach níos solúbtha, agus smacht á thabhairt d'úsáideoirí deiridh ar cén uair a úsáideann siad an podchraoladh agus ar cén dóigh a n-úsáideann siad é. Tá an podchraoladh inbhuanaithe freisin toisc gur féidir é a fháil ar ár suíomh Gréasáin agus toisc gur féidir linn leanúint le heipeasóidí breise a chur leis amach anseo.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá an podchraoladh ina phíosa inbhuanaithe saothair toisc gur féidir é a chur chun cinn nó a rochtain tráth ar bith ar shuíomh Gréasáin na Comhpháirtíochta agus ar mhórdáin podchraoltaí freisin. Tá sé beartaithe ag Fóram SportsAbility Phort Láirge an dara sraith den phodchraoladh a léiriú sa bhliain 2021.

Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí

Cúrsa Póló Canú do Mhná sa Spórt



FORBHREATHNÚ

Bhí sé mar chuspóir leis an gclár seo tús eolais a thabhairt do chailíní ar Phóló Canú i gcomhar le Club Póló Canú Chuan an Mhuilinn Chearr. Chuir an clár ar chumas na gcaoilíní muinín a ghnóthú agus scileanna nua a fhoghlaim agus iad ag glacadh páirt i spórt uisce ar leac an dorais acu.



AIDHMEANNA

- Deis a thabhairt do chailíní foghlaim faoi phóló canú agus tosú ar é a imirt.
- Feabhas a chur ar chorpacmhainn agus folláine i measc cailíní sna déaga.
- Deis a thabhairt do chailíní dul isteach i bhfoireann póló canú Chuan an Mhuilinn Chearr agus traenáil gach seachtain tar éis an chúrsa.
- Cur ar chumas cailíní muinín agus scileanna a ghnóthú laistigh de spórt uisce.

CUR CHUN FEIDHME

- Bhunaigh Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí naisc le Club Póló Chuan an Mhuilinn Chearr, agus iad ag déanamh iniúchadh ar na clár a d'fhéadfaí a eagrú chun cailíní a mhealladh chuig an spórt. Bhunaigh siad naisc le hUiscebhealaí Éireann agus le Canúáil Éireann chun a chinntiú go gcloíí leis na prótacail uile.
- Ba é Club Póló Canú Chuan an Mhuilinn Chearr a dhear an cúrsa. Reáchtáladh dianchúrsa ceithre lá go leith inar cumhdaíodh réimsí tábhachtacha amhail sábháilteacht agus sláinteachas san uisce, cleachtaí iompaíthe, conas céaslú, buillí céaslóireachta, druibleáil i d'aonar agus mar ghrúpa, agus gluaiseacht mhuinéneach báid.
- Ós rud é go raibh cuid mhór eilimintí/dúshlán eile i gceist i mbliana maidir leis an gclár a éascú, chinntigh Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí go raibh sí féin agus Club Póló Canú Chuan an Mhuilinn Chearr ag cloí le gach treoirlíne agus beart ó thaobh Covid-19 de.
- Dearadh ábhar cur chun cinn agus fógraíodh an cúrsa trí na hardáin mheán sóisialta uile atá nasctha le Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí agus le Club Póló Canú Chuan an Mhuilinn Chearr.
- Chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí i dteagmháil le tuismitheoirí gach rannpháirtí roimh an dáta tosaithe.
- Thosaigh an cúrsa faoi threoir ag Club Póló Canú Chuan an Mhuilinn Chearr, le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí.
- Ar chríochnú an chúrsa dóibh, tugadh cuireadh do na cailíní fanacht sa chlub ar mhaithe le rannpháirtíocht agus inbhuanaitheacht leanúnach.



“Ba é seo an chéad uair riamh a reáchtáil ár gClub clár do chailíní amháin, agus d'éirigh go geal leis. D'aimsigh na rannpháirtithe spórt nua agus bhain siad taitneamh as a bheith ag foghlaim le chéile. D'fhan na cailíní uile leis an gclub tar éis an chlár agus tá ceannaireacht á léiriú ag roinnt díobh cheana féin.”

Club Póló Canú Chuan an Mhuilinn Chearr



TORTHAÍ

Nuair a chláraigh na rannpháirtithe don chlár tríd an gclub, fuair siad ballraíocht le Club Póló Canú Chuan an Mhuilinn Chearr/Canúáil Éireann don bhliain 2020. Ar chríochnú an chúrsa dóibh, chinn na cailíní uile leanúint lena bheith ina mbaill den chlub. Thuairiscigh na rannpháirtithe méadú ar chorpacmhainn agus thug na soláthraithe faoi deara gur tháinig feabhas ar mhuinín, scileanna agus cumas na gcaoilíní i bpóló canú.



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá sé mar aidhm againn tuilleadh deiseanna a thabhairt do dhéagóirí triail a bhaint as póló canú sa bhliain 2021. Mar gheall ar an éileamh, tá súil againn an clár a chur ar fáil do gach déagóir, idir bhuachaillí agus chailíní, chun cur leis an líon daoine a imríonn póló canú ar an gcuan agus i gcomhar leis an gclub. Bhí gach duine de na 15 rannpháirtí fós ag imirt leis an gclub ag deireadh an tséasúir 2020 agus táthar ag súil go bhfillfidh siad go léir ar ais an bhliain seo chugainn.

15

Ghlac 15 chailín páirt sa chlár

Lean gach duine de na 15 chailín ag imirt leis an gclub tar éis an chúrsa

Spórt Gníomhach Loch Garman Snámh faoin Spéir



FORBHREATHNÚ

D'oibrigh Spórt Gníomhach Loch Garman i gcomhar le Snámh Éireann chun leas a bhaint as imeallbhord agus trána Loch Garman le linn phaindéim Covid-19, tráth ba ghá do linnte agus spórtlanna dúnadh agus a bhí spásanna amuigh faoin spéir níos sábháilte do gach duine.



AIDHMEANNA

- Méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as saoráidí amuigh faoin spéir atá so-rochtana agus atá ar fáil ar phraghas réasúnta.
- Méadú a dhéanamh ar an líon daoine a ghlacann páirt i snámh faoin spéir i gContae Loch Garman.
- Feasacht a chruthú ar shnámh faoin spéir.
- Múinteoirí snámha áitiúla a úsáid ar mhaithe le hinbhuanaitheacht an chláir.
- Feasacht a sholáthar ar shábháilteacht uisce ionas gur féidir an fharráige a úsáid go sábháilte.

CUR CHUN FEIDHME

- Roghnaigh Spórt Gníomhach Loch Garman agus Snámh Éireann dhá thrá i Loch Garman chun an clár a thosú orthu: Trá Bhaile na Cúirte agus Trá Churrach Cló.
- Bunaíodh bunchlár tosaigh sé seachtaine i Snámh faoin Spéir sa dá limistéar, agus imeacht á reáchtáil ag deireadh an chláir le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt. Mar gheall ar an éileamh, bunaíodh ceithre ghrúpa dhifriúla i mBaile na Cúirte agus bunaíodh dhá ghrúpa i gCurrach Cló.
- Foinsíodh teagascóirí snámha agus gardaí tarrthála cáilithe áitiúla agus tosaíodh ar oiliúint a sholáthar dhá uair in aghaidh na seachtaine chun muinín agus fad san uisce a mhéadú de réir a chéile.
- Cuireadh clárú ar líne i bhfeidhm chun a chinntiú gur chloígh an líon rannpháirtithe le srianta agus treoirlínte Covid-19. Tháinig Gardaí Cósta na hÉireann, INRBT Bhaile na Cúirte, Sábháilteacht Uisce na hÉireann, Comhairle Contae Loch Garman, agus Ionad Oideachais agus Oiliúna Amuigh faoin Spéir Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (Síol Beagáin) ar bord chun cabhrú lena chinntiú go raibh gach beart sábháilteachta i bhfeidhm don snámh farraige 750 m.
- Fuair na rannpháirtithe uile bonn agus paca críochnaithe.
- Reáchtáladh dhá sheisiún dhifriúla ióga ar an trá ag an dá imeacht, áit a bhfuair an mhuintir áitiúla bealach eile chun an trá a úsáid.
- Ag deireadh an chláir, d'eagraigh Spórt Gníomhach Loch Garman agus Snámh Éireann imeacht 'Snámhaimis agus Déanaimis Ióga' ar an dá thrá.



"Go raibh míle maith agaibh as an imeacht a eagrú Dé Sathairn. Imeacht dea-eagraithe iontach a bhí ann. Bhraith mé an-sábháilte san uisce agus bhí mé in ann duine a fheiceáil ar bhord nó ar an mbád an t-am ar fad" - Rannpháirtí

"Eispéireas an-fhaisnéiseach den scoth - bhí atmaisféar dearfach ann i measc gach duine ar an gcúrsa" - Rannpháirtí



TORTHAÍ

Neartaíodh an cur chuige comhair agus córas idir Snámh Éireann, Spórt Gníomhach Loch Garman, Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus INRBT. Tríd an gclár, méadaíodh úsáid na timpeallachta amuigh faoin spéir agus feasacht ar an timpeallacht sin trí thránna Loch Garman a úsáid mar dheis chun gníomhaíocht fhisiciúil amuigh faoin spéir, amhail snámh agus ióga, agus am amuigh faoin spéir araon a chur chun cinn. A bhfuí le hinbhuanaitheacht an chláir, áit ar forbraíodh pobal snámhóirí in aon láthair amháin, cabhraíodh leis na tairbhí sláinte fhisiciúla agus meabhairshláinte a ghabhann leis an snámh faoin spéir a chur chun cinn, go háirithe le linn srianta Covid-19.

88 Ghlac 88 duine páirt sa Chlár Snámha faoin Spéir



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá séasúr nua ceachtanna le seoladh tráth a mhaolófar na srianta agus a luafar sna treoirlínte go bhfuil sé sábháilte déanamh amhlaidh. Tá sé mar aidhm ag Spórt Gníomhach Loch Garman méadú a dhéanamh ar an líon trána a bheid páirteach sa bhliain 2021. Tá sé beartaithe dianchlár snámha faoin spéir a reáchtáil do leanaí le linn na laethanta saoire scoile.

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin Seachtain na Rothar 2020



FORBHREATHNÚ

Raon éagsúil imeachtaí rothaíochta a sholáthar do dhaoine de gach aois agus cumas le linn Sheachtain na Rothar.



AIDHMEANNA

- An rothaíocht a chur chun cinn sa phobal
- Daoine a spreagadh triail a bhaint as blas-seisiún éagsúla rothaíochta agus as limistéir éagsúla inar féidir leo rothaíocht
- Muintín a mhéadú i gothabháil rothar agus rannpháirtíocht mhéadaithe a spreagadh

CUR CHUN FEIDHME

- D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Mhantáin i gcomhar le soláthraithe áitiúla rothar a raibh taithí luachmhar acu ar imeachtaí rothaíochta sléibhe agus bóthair a eagrú agus a raibh taithí theicniúil acu ar chothabháil rothar.
- Rinne sí ceangal le cónaitheoir Chill Mhantáin ar cóitseálaí rothaíochta sléibhe í agus a bhuaigh Craobhchomórtas Domhanda Enduro do Mhná sa bhliain 2018.
- D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Mhantáin i gcomhar le Grúpaí Pobail, Scoileanna agus Clubanna Spóirt ionas go bhféadfadh siad a n-imeachtaí féin a reáchtáil, agus deiseanna á gcruthú le haghaidh rannpháirtíocht a mhéadú sa rothaíocht. Rinne siad amhlaidh trí scéimeanna rothaíochta chun na scoile agus scéimeanna rothaíochta sa phobal áitiúil a eagrú agus trí úsáid a bhaint as an spás glas ar pháirceanna CLG chun eispéireas spráilúil sábháilte teaghlach a dhéanamh den rothaíocht.
- Tá raon deiseanna rothaíochta ann i gContae Chill Mhantáin agus tá roinnt de na bealaí rothaíochta sléibhe is fearr sa tír le fáil inár mbaile agus ár sráidbhailte cósta, inár bhforaoisí agus ar ár gcósaín. In iarthar Chontae Chill Mhantáin, is féidir blaiseadh a fháil d'áilleacht lochanna Bhaile Coimín agus an deis a thapú chun an Glasbhealach a Rothaíocht.

TORTHAÍ

D'óstáil Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Mhantáin breis agus 20 imeacht le linn Sheachtain na Rothar:

- Blas-Seisiún Rothaíochta Sléibhe do mhná agus leanaí amháin i mBuaile na Stuaí, an Tóchar
- Stiúir triúr cóitseálaithe imeachtaí 'An Glasbhealach a Rothaíocht' feadh lochanna Bhaile Coimín
- 4 Cheadlann Chothabhála Rothar
- 'Rothaigí linn', turas séimh rothaíochta don teaghlach
- Blas-seisiún rothaíochta sléibhe do dhéagóirí, rud a soláthraíodh do dhá ghrúpa thar dhá lá
- D'óstáil 9 gcinn de Ghrúpaí Pobail, de Chlubanna Spóirt agus de Bhunscoileanna seisiúin scileanna, ceardlanna cothabhála rothar, comórtais dathúcháin a bhí dírithe ar an rothaíocht, agus imeachtaí sóisialta rothaíochta sa phobal.

688 Lón lómlán Rannpháirtithe

"Is gnách go rothaíonn thart ar 30-35 buachaill dár gcuideachán chun na scoile. Rothaigh suas le 100 duine díobh gach lá an tseachtain seo caite."

Scoil Áitiúil



NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Bhí Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Mhantáin thar a bheith sásta leis an éileamh ar an mBlas-Seisiún Rothaíochta Sléibhe do mhná amháin agus tá sé beartaithe clár ó seachtaine a reáchtáil go luath sa bhliain 2021. Saináithníodh freisin go bhfuil bunscileanna rothaíochta ag teastáil ó dhéagóirí áirithe agus ó dhaoine a fhreastalaíonn ar aonaid do dhaoine a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais (ASD) orthu. Mar sin, tá sé beartaithe oiliúint a chur ar theagascóirí sa Rothaíocht a Theagasc do Dhaoine faoi Mhíchumas go luath sa bhliain 2021. Ina dhiaidh sin, eagróidh Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Mhantáin clár rothaíochta do dhéagóirí a bhfuil ASD orthu. Reáchtálfadh sí Clár Cuimsitheach Rothaíochta d'Fhoghlaimoírí freisin trí 3 bhunscoil a bhfuil 2 nó 3 aonad ASD acu i gContae Chill Mhantáin.

Cuid 4


Meastóireacht



Agus leas á bhaint aige as tacaíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, bhunaigh Spórt Éireann foireann meastóireachta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an meastóireacht ar thionscadail náisiúnta agus ar obair na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. D'fhorbair an fhoireann creat meastóireachta sistéamaí trí fhaireachán ar leibhéal náisiúnta ach leas a bhaint as bearta déimeagrafacha agus bearta gníomhaíochta fisiciúla araon. Sa bhliain 2020, rinne an fhoireann meastóireachtaí tionscadail ar na hOifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal, ar Chathracha Gníomhacha, ar Nuálaíocht agus ar an Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha, agus bhí roinnt díobh ar siúl fós sa bhliain 2021. Tugadh faoi athbhreithniú iomlánaíoch ar an líonra Comhpháirtíochtaí freisin i riocht na Tuarascála Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

Meastóireacht Shistéamach 2020


Chun tionchar a gcuid oibre a mheasúnú, ghlac Comhpháirtíochtaí úsáid an Tomhais Mhíre Aonair (M1). Is é is M1 ann ná tomhas féintuairiscithe a bhfuil bailíochtú idirnáisiúnta aige agus ar féidir le heagraíocht é a úsáid chun rátaí rannpháirtíochta an duine aonair sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a rianú. Leis an gceist, iarrtar ar rannpháirtithe a athchuirneamh cá mhéad lá a bhí siad gníomhach ar feadh 30 nóiméad nó níos mó (ar aon dul leis na Treoirínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil) sna seacht lá a chuaigh thart. Cuirtear an cheist sin ar rannpháirtithe ar chlárú don chlár dóibh, ar an lá deiridh den chlár, agus sa mheasúnú leantach trí mhí tar éis dheireadh an chlár. Aicmítear na daoine sin nach bhfuil gníomhach ar lá ar bith nó atá gníomhach ar lá amháin a bheith neamhghníomhach, aicmítear na daoine sin atá gníomhach ar líon idir dhá lá agus ceithre lá a bheith measartha gníomhach agus aicmítear na daoine sin atá gníomhach ar chúig lá nó níos mó a bheith gníomhach.



Is é an ról atá ag tionscnaimh rannpháirtíochta a gcistíonn Spórt Éireann iad ná rannpháirtithe a bhogadh ón ngrúpa neamhghníomhach agus i dtreo an ghrúpa measartha gníomhach agus an ghrúpa gníomhaigh. Má táthar in ann bogadh sin a thaispeáint thar shaolré roinnt clár, beidh Spórt Éireann in ann fianaise láidir inbhraite a chur i láthair don rialtas, do chomhpháirtithe agus do na comhlachtaí a chistítear ar na tairbhí a ghabhann lena chuid oibre.

Lean Spórt Éireann le tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sonraí meastóireachta tionchair a bhailiú le haghaidh a gclár rannpháirtíochta trí M1 a úsáid. Leathnaíodh na treoirínte sin chun go n-áireofaí leo ceistneoir bailíochtaithe dhá mhír le haghaidh leibhéal gníomhaíochta fisiciúla a thomhas i measc leanaí idir 10 mbliana d'aois agus 15 bliana d'aois. Tugtar PACE+ ar an gceistneoir sin. Bíonn sonraí M1 á bhfáil ag Spórt Éireann ó na Comhpháirtíochtaí ar bhonn leanúnach. Bainimid úsáid as na sonraí sin chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar na gnéithe riachtanacha atá taobh thiar de thionscnaimh gníomhaíochta fisiciúla a n-éiríonn leo (nó nach n-éiríonn leo). Imreoidh sé sin tionchar ar an dóigh a gcomhlíonfaimid na spriocanna atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt. Go dtí seo, tá sonraí M1 faighte againn le haghaidh geall le 6,000 rannpháirtí tráth an chlárúcháin. Tá sonraí ón measúnú leantach tar éis trí mhí faighte againn le haghaidh geall le 1,700 duine de na rannpháirtithe sin. Léirítear sna sonraí go bhfuil clár na gComhpháirtíochtaí ag bogadh na rannpháirtithe ó shaol neamhghníomhach go saol níos gníomhaí ar bhealach inbhuanaithe.

Fíor R – Sonraí M1 na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt



Léirítear sna sonraí M1 a bailíodh go dtí seo go bhfuil tionscnaimh na gComhpháirtíochtaí ag spriocdhíriú ar na daoine cearta, ós rud é nach bhfuil seachtar as gach deichniúr ag comhlíonadh na dTreoirlínte Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil ar chlárú dóibh agus go n-aicmítear geall le 20% díobh a bheith neamhghníomhach.

Ina theannta sin, léirítear sna sonraí go bhfuil ag éirí le tionscnaimh na gComhpháirtíochtaí céatadán ard daoine a bhogadh amach ó shaol neamhghníomhach agus i dtreo saol gníomhach. Idir thomhais bhonnline agus mheasúnú leantach trí mhí tar éis an cúrsa a chur i gcrích, feicimid gurbh ann do laghdú ó 17% go 10% sa chéatadán de rannpháirtithe a bhí neamhghníomhach agus gurbh ann do laghdú ó 54% go 49% sa chéatadán de rannpháirtithe a bhí measartha gníomhach, rud a d'éascaigh méadú suntasach, ó 28% go 40%, sa chéatadán de rannpháirtithe a bhí gníomhach.

Sa mhiondealú ar shonraí, is féidir le Spórt Éireann a fheiceáil gur mó an tionchar atá ag roinnt tionscnamh ar ghrúpaí déimeagrafacha éagsúla ná an tionchar atá ag roinnt eile. Comhlánófar úsáid na ceiste M1 ach meastóireacht cháilíochtúil níos doimhne a dhéanamh ar thionscnaimh roghnaithe sna blianta 2020 agus 2021 chun a thuiscint cé na tosca is tábhachtaí atá taobh thiar de rath na dtionscnamh. Is féidir linn na sonraí sin a chomhcheangal chun léargas a ghnóthú ar na tionscnaimh is mó tionchar de chuid na gComhpháirtíochtaí agus chun tuiscint a fháil ar cén fáth a bhfuil siad éifeachtach.

Meastóireachtaí ar Thionscadail sa bhliain 2020

Meastóireacht ar Chlár na nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal

Bhí sé mar chuspóir leis an meastóireacht cháilíochtúil seo ar chlár na nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal measúnú a dhéanamh ar a mhéid a cuireadh spriocanna agus cuspóirí Chlár na nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal chun feidhme. Fuarthas amach ann go bhfuil gníomhartha chlár na nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal á ndéanamh go mór ar fud an líonra Oifigeach, go háirithe faoi na colúin seo: Gníomhachtú Pobail; Pleanáil; agus Cothú Caidrimh. Tá na gníomhartha sin ag teacht le rún bunaidh chlár na nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal agus is féidir teacht ar an gconclúid uathu go bhfuil an clár ina infheistíocht dhearfach ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí. Teastaíonn ó ghníomhartha faoi cholún an Taighde agus faoi cholún an Fhaireacháin agus na Meastóireachta tacaíocht leantach ó Spórt Éireann i riocht teimpléad, oiliúna agus forbairt acmhainne. Aidhm eile a bhí leis an meastóireacht sin ba ea fiosrú a dhéanamh ar na príomhéachtaí agus na príomhdhúshláin ar tháinig clár na nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal orthu. Moladh roinnt modhnuithe agus athruithe beaga ar an gclár chun sárú a dhéanamh ar na dúshláin, ar luadh gach ceann díobh laistigh den tuarascáil meastóireachta.

An Tuarascáil Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Sa Tuarascáil Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, tugtar athbhreithniú iomlánaíoch ar obair na gComhpháirtíochtaí. Tá an t-athbhreithniú bunaithe ar raon sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bailíodh ón

lónra Comhpháirtíochtaí. Tá sé beartaithe lena dháileadh go himmheánach ar líonra Comhpháirtíochtaí Spóirt Éireann chun fónamh mar dhoiciméad tagartha is féidir a úsáid le linn pleananna oibriúcháin agus aighneachtaí buiséid chuig Spóirt Éireann a chur le chéile. Tugtar léargas sa tuarascáil ar na láidreachtaí, na laigí agus na deiseanna atá ann don líonra Comhpháirtíochtaí agus leagtar béim inti ar réimsí oibre sa todhchaí do Spóirt Éireann agus don líonra náisiúnta Comhpháirtíochtaí chun spriocanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt, an Phlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiciúil, Straitéis Spóirt Éireann, straitéisí na gComhpháirtíochtaí agus na bPleananna Áitiúla Spóirt a chur ar aghaidh. Áirítear leis an tuarascáil roinnt caibidlí ina bpléitear na nithe seo: Airgeadas na gComhpháirtíochtaí; Cláir agus Tionscnaimh; Oiliúint agus Oideachas; Rialachas; Cumarsáid; agus Forbairt Club agus Pobail. Leagtar béim sa tuarascáil seo go dteastaíonn cur chuige ilghnéitheach chun an rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus gur féidir nach leor cláir ina n-aonar chun rannpháirtíocht ar leibhéal an chontae a mhéadú. Bunaítear léi roinnt prionsabal tábhachtach a gcloífeadh leo agus, tar éis iad a ailíniú, a chabhrófar leis an rannpháirtíocht is mó is féidir a spreagadh.

Meastóireachtaí atá ar Siúl (2020-2021)

Meastóireacht ar an Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha

Tá an Mheastóireacht ar an Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha á déanamh faoi láthair. Táthar ag díriú inti ar na Tionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha a cistíodh sna blianta 2017, 2018 agus 2019. Tá formhaoirseacht á déanamh ar an tionscnamh seo ag na Comhpháirtíochtaí, agus tá sé mar aidhm leis go n-oibreodh clubanna spóirt, scoileanna, eagraíochtaí pobail, gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le chéile chun níos mó deiseanna le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar do dhaoine atá ina gcónaí i limistéir uirbeacha trí spóirt eachtraíochta. Is é teoiric an athraithe atá mar bhonn leis an Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha *'go n-éiríonn leis na rannpháirtithe a idirghníomhaíonn leis an dúlra agus a eispéiríonn spóirt nua eachtraíochta amuigh faoin spéir muinín agus scileanna a fhorbairt agus go gcabhraíonn sé sin le daoine óga riosca a bhainistiú agus go spreagann sé iad tabhairt faoi dhúshlán go réidh'*. Tá meastóireacht ar an bpróiseas agus ar na torthaí á cur i gcrích chun a thuiscint cé chomh fada is a d'éirigh leis na Comhpháirtíochtaí a chuir an tionscnamh i bhfeidhm a gcuid aschur, torthaí agus aidhmeanna beartaithe a bhaint amach agus cé na nithe a rannchuidigh leo déanamh amhlaidh. Tosaíodh an mheastóireacht sa cheathrú ráithe den bhliain 2020 agus tá sí le cur i gcrích thart ar mhí an Mheithimh 2021.

Meastóireacht ar Chiste Cathracha Gníomhacha Spóirt Éireann

Tá meastóireacht ar na hionchais, ar an bpróiseas agus ar na torthaí i gceist leis an Meastóireacht ar Chiste Cathracha Gníomhacha Spóirt Éireann 2020, a tosaíodh sa cheathrú ráithe den bhliain 2020. Baintear úsáid as an gCiste Cathracha Gníomhacha i dtionscnaimh spóirt agus ghníomhaíochta fhisiciúla i gcúig chathair na hÉireann, mar atá Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Port Láirge, Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh, chun cruthú, cothabháil agus méadú a dhéanamh ar an líon saoránach, beag beann ar aois, atá ag glacadh páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ina gcathair. Tá sé mar chuspóir leis an meastóireacht sin tuiscint a ghnóthú ar cé chomh fada is a d'éirigh leis na comhlachtaí cistithe a chuir an clár Cathracha Gníomhacha i bhfeidhm a gcuid aschur, torthaí agus aidhmeanna beartaithe a bhaint amach agus, má d'éirigh leo, cé na nithe a rannchuidigh leo déanamh amhlaidh. Cuirfeadh i láthair sa tuarascáil na fionnachtana ar leibhéal náisiúnta ar fud na gclár cistithe uile agus leagfar béim inti ar éachtaí nó torthaí eile na gclár aonair. Bainfeadh úsáid as príomhfhionnachtana na meastóireachta chun eolas a dhéanamh d'infheistíocht Spóirt Éireann i gCiste Cathracha Gníomhacha Spóirt Éireann sa todhchaí. Tá an mheastóireacht seo á déanamh i gcomhráth le cur chun feidhme an chláir. Tá an chéad bhliain den chistiú clár sin agus an mheastóireacht le cur i gcrích ag deireadh na bliana 2021.

Meastóireacht ar Chiste Spóirt Éireann um Nuálaíocht ar son Cuimsiú Daoine sa Spórt

Cistítear clár an Chiste um Nuálaíocht ar son Cuimsiú Daoine sa Spórt trí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Sa bhliain 2020, fuair comhlachtaí a gcistíonn Spóirt Éireann iad cistiú chun an clár um Nuálaíocht ar son Cuimsiú Daoine sa Spórt a chur i bhfeidhm. Tá meastóireacht á cur i gcrích faoi láthair chun meastóireacht a dhéanamh ar ionchais, próiseas agus torthaí an Chiste um Nuálaíocht ar son Cuimsiú Daoine sa Spórt 2020. Tá sé mar chuspóir leis an meastóireacht sin tuiscint a ghnóthú ar cé chomh fada is a d'éirigh leis na comhlachtaí cistithe a chuir an clár i bhfeidhm a gcuid aschur, torthaí agus aidhmeanna beartaithe a bhaint amach agus, má d'éirigh leo, cé na nithe a chabhróigh leo déanamh amhlaidh. Meastar go gcuirfeadh i láthair sa tuarascáil meastóireachta na fionnachtana ar leibhéal náisiúnta ar fud na gclár cistithe uile agus go leagfar béim inti ar éachtaí nó torthaí eile na gclár aonair. Tosaíodh an mheastóireacht sin sa cheathrú ráithe den bhliain 2020 agus tá sí ailínithe leis na cláir nuálaíochta atá le linn an chéad 12 mhí dá bhforbairt agus dá soláthar agus atá le cur i gcrích ag deireadh na bliana 2021.

Cuid 5

Na Chéad

Chéimeanna Eile do

Chomhpháirtíochtaí

Áitiúla Spóirt

Leis an straitéis de chuid Spóirt Éireann a bhfuil mar aidhm léi cur leis an infheistíocht i gcláir na gComhpháirtíochtaí, tacófar leis an bhfilleadh ar dheiseanna beo sábháilte spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla agus cuirfear leis na deiseanna fíorúla a forbraíodh sa bhliain 2020. Tá Comhpháirtíochtaí ag leanúint lena chinntiú go mbíonn deis ag gach duine inár sochaí leas a bhaint as an taitneamh agus na tairbhí meabhairshláinte agus sláinte fisiciúla a ghabhann leis an spóirt agus leis an ngníomhaíocht fisiciúil.

Leis an méadú sin in infheistíocht, tugtar deis do Spóirt Éireann tacú le fillleadh sábháilte faoi stiúir an phobail áitiúil ar an spóirt. Bainfidh Spóirt Éireann úsáid as na hinfeistíochtaí méadaithe sa bhliain 2021 chun acmhainn na gComhpháirtíochtaí a fhorbairt agus chun clúdach agus tionchar thionscnaimh na gComhpháirtíochtaí a mhéadú ar fud na hÉireann. Tá an straitéis infheistíochta bliantúla don bhliain 2021 bunaithe ar spriocanna Straitéis Spóirt Éireann agus ar ghníomhartha an Bheartais Náisiúnta Spóirt agus an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil, atá ar áireamh anois i bPlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann.

Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Leanfaidh Spóirt Éireann le tacaíocht a thabhairt fós sa bhliain 2021 do gach duine de na 29 Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt. De bharr phaindéim Covid-19, tá laghdú tagtha ar na seirbhísí agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé mar aidhm leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt tuilleadh daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fisiciúil agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt i ngach suíomh. Oibríonn na hOifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt i gcáil comhordaithe le gach geallsealbhóir ábhartha chun deiseanna rannpháirtíochta a mhéadú agus a chothú do dhaoine faoi mhíchumas. Measann Spóirt Éireann go mbeidh méadú mór ann sa rannpháirtíocht i measc daoine faoi mhíchumas, ar príomhfhionnachtain den tuarascáil léargas ar Chomhpháirtíochtaí í, de réir mar a bhunaíonn an líonra Comhpháirtíochtaí é féin agus a mhaolaítear srianta Covid-19 le himeacht ama. Is féidir le hOifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt ról tábhachtach a imirt i gcabhrú le gníomhachtú a dhéanamh ar roinnt cohórt aosaigh scothaosta nach bhfuil in ann a thuilleadh páirt a ghlacadh i ndeiseanna pobalbhunaithe nó neamhspleácha spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla.

Luaitear an méid seo a leanas i nGníomh 12 den Bheartas Náisiúnta Spóirt: *“Agus aghaidh á tabhairt ar na grádáin mhíchumais ó thaobh rannpháirtíochta de, féachfaimid ar an bhféidearthacht atá ann líonra náisiúnta Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a thabhairt isteach, rud a bheidh ailínithe leis an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Bheifí ag súil leis go n-oibreodh na hOifigigh sin go dlúth le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ábhartha, leis an earnáil míchumais, le soláthraithe ionad fóillíochta, le hionad CARA agus le geallsealbhóirí eile ar mhaithe le deiseanna a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt”. Sa bhliain 2021, leanfaidh na Comhpháirtíochtaí le cistiú a fháil le haghaidh Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a fhostú agus le haghaidh na n-acmhainní a theastaíonn chun Clár Spóirt Éireann um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a sholáthar, agus an cuspóir sa Bheartas Náisiúnta Spóirt á chomhlíonadh.*

Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal

Féachfaidh Spóirt Éireann le hinfeistíocht a dhéanamh fós sa líonra Comhpháirtíochtaí le haghaidh Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal a fhostú ar fud na hÉireann sa bhliain 2021. Leis an togra sin, leantar le tacaíocht a thabhairt do gach ceann de na 29 Comhpháirtíocht le haghaidh Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal amháin an ceann a fhostú, agus an cuspóir sa Bheartas Náisiúnta Spóirt go bhfostófaí Oifigigh ar fud na tíre á chomhlíonadh. Cuirtear de chúram ar Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal pobail áitiúla a ghníomhachtú ar roinnt bealaí difriúla, lena n-áirítear cláir agus tionscnaimh oiliúna spriocdhíritha a chomhordú do chlubanna agus pobail. Le linn na paindéime, bhí Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal ina n-acmhainn ríthábhachtach le haghaidh réitigh nuálacha a sholáthar chun clubanna agus pobail a ghníomhachtú le linn cloí go docht le prótacail scartha shóisialta.

Sa bhliain 2021, cuirfear de chúram ar Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal clúdach na gComhpháirtíochtaí a leathnú chuig mionlaigh eitneacha agus chuig déagóirí. Tacóidh na hOifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal freisin leis na cuspóirí sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil maidir le *‘Acmhainn na gComhpháirtíochtaí a neartú agus a bhreisiú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleananna atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil agus ar chláir inbhuanaithe fhadtéarmacha gníomhaíochta fisiciúla’.*

Oifigigh Bhreise sna Comhpháirtíochtaí

De réir mar a phleanálann lucht na hearnála spóirt a téarnamh ó phaindéim Covid-19 sa bhliain 2021, is fíre anois ná am ar bith riamh go dteastaíonn acmhainn mhéadaithe ar leibhéal áitiúil chun tacú go héifeachtach le comhlíonadh an Bheartais Náisiúnta Spóirt. D'imfhálaigh Spóirt Éireann cistiú le haghaidh tuilleadh acmhainní daonna a fhostú sa líonra Comhpháirtíochtaí. Ba cheart go gcuirfeadh an cistiú breise sin ar chumas na gComhpháirtíochtaí acmhainn fhadtéarmach a fhorbairt chun go mbeadh siad in ann leanúint le gníomhartha an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh sa todhchaí. Leithdháilfear an cistiú sin ar bhonn na gcásanna gnó arna gcur isteach ag gach Comhpháirtíocht aonair.

Mná sa Spóirt

Tagraítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt do thacaíocht bhreise a thabhairt do Mhná sa Spóirt. Tagraítear go sonrach don sprioc ardleibhéil um rannpháirtíocht a mhéadú trí *"deireadh a chur leis an ngrádán rannpháirtíochta gníomhaí idir fir agus mná sa spóirt"*. Oibreoidh na Comhpháirtíochtaí le Treoraí Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt agus díreoidh siad tionscnaimh shonracha ar spriocghrúpaí ban, lena n-áirítear mná i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná faoi mhíchumas, mná scothaosta, mná ó mhionlaigh eitneacha agus cailíní sna déaga. Iarrfar ar na Comhpháirtíochtaí freisin tosú ar fhiosrú a dhéanamh ar bhealaí is féidir rannpháirtíocht shóisialta na mban sa spóirt a mhéadú trí éirí ina mbaill de chlubanna agus trí obair dheonach a dhéanamh iontu.

Cláreagrú

Ós rud é go bhfuil Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt, Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal agus Oifigigh bhreise á bhfostú ar fud an líonra, tá sé tábhachtach go dtabharfar do na poist sin an tacaíocht agus na hacmhainní a theastaíonn chun cláir shábháilte éifeachtacha a fhorbairt agus a sholáthar ar leibhéal áitiúil. Measaimid go dtabhóidh na Comhpháirtíochtaí costais mhéadaithe soláthair sa bhliain 2021 toisc go mbeidh laghdú ann sa líon daoine i ngrúpaí agus de bharr an chostais a bheidh i gceist le prótacail láidre Covid-19 a chur chun feidhme. Tá cistiú clár ina chuid lárnaigh de rannpháirtíochas na gComhpháirtíochtaí le clubanna, le pobail agus le rannpháirtithe agus éascaítear leis raon leathan tionscnamh, clár agus imeachtaí a sholáthar. Méadóimid an infheistíocht i gcláir sa bhliain 2021 chun a chinntiú go mbeidh na Comhpháirtíochtaí in ann caighdeán sábháilteachta a chothabháil, agus clúdach na gclár á uasmhéadú ag an am céanna. Measaimid go mbeidh gá ollmhór ann le tacaíocht do chlubanna spóirt agus do phobail ar fud na tíre de réir mar a fhilleann siad ar an spóirt sa bhliain 2021 agus a dhéanann siad iarracht a gcuid ball, rannpháirtithe agus oibrithe deonacha a earcú agus a ghníomhachtú. Mhéadaíomar an infheistíocht sa chiste forbartha club agus pobail chun go mbeidh Comhpháirtíochtaí in ann na tacaí sin a sholáthar ar leibhéal áitiúil. Trí infheistiú i gcláir spriocdhírithé a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus trí leas a bhaint as an tacaíocht a thugtar do chlubanna chun iad a spreagadh freastal ar ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht, tacóidh an cistiú sin le Gníomhartha 5, 6, 9, 14 agus 28 den Bheartas Náisiúnta Spóirt a sholáthar.

Rialachas agus Bainistíocht Riosca

Tháinig méadú mór ar an líon Comhpháirtíochtaí ó bunaíodh iad den chéad uair. De réir mar a d'fhás na heagraíochtaí, is amhlaidh gur fhás a bhfreagrachtaí agus a n-ualach oibre riaracháin. Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Spóirt Éireann, chuir na Comhpháirtíochtaí ar cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta iad iarraidh chomhcheangailte i scríbhinn chuig Spóirt Éireann inar iarradh infheistíochtaí sonracha chun cabhrú leo beartais nua-aimseartha láidre a fhorbairt sna réimsí seo: an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Acmhainní Daonna. Thacaigh Spóirt Éireann le gach ceann de na naoi gComhpháirtíocht ar cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta iad chun cabhrú leo na tionscadail rialachais agus bhainistíochta riosca sin a chur chun feidhme. Tacóidh an cistiú sin le Gníomh 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh ach na tacaí a theastaíonn ó na Comhpháirtíochtaí ar cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta iad a thabhairt dóibh chun go mbeidh siad in ann comhlíonadh an Chóid Rialachais agus an dea-chleachtas Rialachais a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

Feasacht a Mhéadú

Shainaithin na Comhpháirtíochtaí gurb é feasacht ar dheiseanna a mhéadú ceann de na dúshláin is mó a ndéileáilann siad leo. Ba shoiléire an dúshlán sin maidir le cur chun cinn a dhéanamh i measc daoine neamhghníomhacha agus i measc spriocghrúpaí a mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm orthu, amhail daoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mionlaigh eitneacha agus daoine faoi mhíchumas. Ba é a bhí sa dúshlán a bhaineann le feasacht a mhéadú freisin ná ceann de na mórfhionnachtana a d'éascair as an Tuarascáil Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus as an Tuarascáil Meastóireachta ar na Moil Spóirt sa Phobal.

D'ainneoin na hoibre iontaí agus an lín iontaigh daoine a thugann cuairt ar shuíomhanna Gréasáin na gComhpháirtíochtaí agus a chuireann cláir na gComhpháirtíochtaí i gcrích, cuireann an easpa feasachta sin ar na Comhpháirtíochtaí as do chumas na gComhpháirtíochtaí tathant a dhéanamh thar ceann an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla sa cheantar áitiúil. Mar thoradh ar an infheictheacht agus an fheasacht mhéadaithe, méadófar an líon oibríthe deonacha a earcófar agus an infheistíocht áitiúil agus, rud ba thábhachtaí fós, freastalófar ar na spriocghrúpaí is dúshlánaí. Chun Gníomhartha 6, 7 agus 9 den Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh, ní mór acmhainní a thabhairt do na Comhpháirtíochtaí *"chun an rannpháirtíocht is leithne is féidir a chur chun cinn, lena gcinnteofar cáilíocht agus inrochtaineacht do gach grúpa"*. Leanfaidh Spóirt Éireann le tacaíocht a thabhairt do na 29 Comhpháirtíocht sa bhliain 2021 chun cur leis an obair cur chun cinn agus na gníomhachtuithe fíorúla a soláthraíodh ar leibhéal áitiúil agus le feachtais náisiúnta.

Rioscaí Eacnamaíocha a Bhainistiú

Is eol do Spóirt Éireann an éifeacht anuas a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreathimeacht agus ag paindéim Covid-19 ar gheilleagar na hÉireann agus go bhféadfadh go laghdófaí an infheistíocht ón rialtas láir sna blianta atá le teacht dá mbeadh iarmhairtí eacnamaíocha na dteagmhas sin diúltach. Trí níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcláir agus in acmhainní daonna sa bhliain 2021, beidh cumas níos fearr ag Spóirt Éireann agus ag an líonra Comhpháirtíochtaí aon tuairt eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí a ionsú toisc gur lú an riosca go mbeadh cur isteach ann ar acmhainní daonna agus go ndéanfaí dochar d'acmhainní daonna, don iontaoibh agus don fhorbairt spóirt dá bharr. Sa bhliain 2020, ba chun tuarastail agus costais oibriúcháin a íoc a úsáideadh 77% d'infheistíocht Spóirt Éireann isteach sa líonra Comhpháirtíochtaí. Féachfaimid leis an neamhchosaint sin a laghdú sa todhchaí.

Pleananna Áitiúla Spóirt

Cuireadh de chúram ar Spóirt Éireann le Gníomh 8 den Bheartas Náisiúnta Spóirt tacú leis na hÚdaráis Áitiúla forbairt a dhéanamh ar Phleananna Áitiúla Spóirt atá comhsheasmhach le mórghis agus mórchuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt. Féachfaidh Spóirt Éireann le cruinniú a eagrú leis an gCoiste Eacnamaíoch, Fiontair, Pobail agus Cultúir de chuid Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach sa bhliain 2021. Ag an gcruinniú sin, leagfaidh Spóirt Éireann béim ar ról agus tábhacht na gComhpháirtíochtaí agus pléifidh sé forbairt na bPleananna Áitiúla Spóirt. Anuas air sin, déanfaidh Spóirt Éireann plé ar earcú agus fostú na mball foirne de chuid na gComhpháirtíochtaí, ar chomhlíonadh chód rialachais na gComhpháirtíochtaí i gcomhthéacs na nÚdarás Áitiúil agus ar straitéisí cistiúcháin Spóirt Éireann le haghaidh na gComhpháirtíochtaí atá bunaithe in Údaráis Áitiúla. Leithdháil Spóirt Éireann buiséad i mbuiséad an Aonaid Rannpháirtíochta don bhliain 2021 chun cabhrú leis na Comhpháirtíochtaí agus na hÚdaráis Áitiúla Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt.

Aguisíní

Aguisín A

Liosta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

An Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt	Bliain an Bhunaithe
Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann	2001
Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin	2001
Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara	2001
Comhar Spóirt Laoise	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall	2001
Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí	2002
Comhpháirtíocht Spóirt na Mí	2002
Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge	2002
Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí	2004
Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh	2004
Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo	2004
Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí	2004
Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach	2006
Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí	2006
Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin	2006
Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh	2007
Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe	2007
Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Lú	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Loch Garman	2008
Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma	2008
Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath	2008
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin	2008

Aguisín B

Gluais Téarmaí

CARA

Is é is CARA ann ná eagraíocht náisiúnta a sholáthraíonn ardán comhoibríoch agus comhpháirtíochta ar fud na hÉireann chun feabhas a chur ar na deiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla atá ann do dhaoine faoi mhíchumas.

Oifigeach Leanaí an Chlub

Ról deonach laistigh de chlub spóirt is ea ról Oifigeach Leanaí an Chlub. Is é/í an nasc idir na leanaí agus na haosaigh sa chlub é/í. Glacann sé/sí freagracht freisin as faireachán a dhéanamh ar an tionchar a imríonn beartas an chlub ar dhaoine óga agus ar Cheannairí Spóirt agus as tuairisc a thabhairt do Choiste Bainistíochta an Chlub air sin. Ba cheart d'Oifigeach Leanaí an Chlub a bheith ina chomhalta/comhalta de Choiste Bainistíochta an Chlub agus ba cheart é/í a chur in aithne do dhaoine óga i bhfóram cuí.

CSDO – Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal

Is é aidhm an Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal ná acmhainn na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a neartú agus a bhreisiú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleananna atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil agus ar chlár inbhuanaithe fhadtéarmacha gníomhaíochta fisiciúla faoin bPlean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fisiciúil.

CSPA – Moil Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal

Is é an cuspóir atá leis na Moil Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal a chistítear ó Chiste na gCuntas Díomhaoin ná daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus baile a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa limistéar áitiúil. Tugann na moil faisnéis, tacaíocht agus comhairle maidir le raon leathan gníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla chun cabhrú le daoine i limistéir faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh ann agus stíl mhaireachtála níos gníomhaí níos sláintiúla a bheith acu.

CYPSC – Coistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga

Is é atá i gCoistí um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga ná coistí ar leibhéal an chontae a thugann príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha na seirbhísí do leanaí agus daoine óga le chéile. Tá siad ina bhfóram le haghaidh comhphleanáil agus comhordú gníomhaíochta chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga agus a dteaghlach seirbhísí feabhsaithe inrochtana. Is é an ról atá acu ná feabhas a chur ar chomhar idirghníomhaireachta agus na torthaí náisiúnta atá leagtha amach in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014-2020 a bhaint amach.

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Bunaíodh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2011. Tá príomhról aici i ngnéithe ríthábhachtacha de gníomhaíocht gheilleagrach na hÉireann a sholáthar, lena n-áirítear ár gcuid bonneagair agus seirbhísí iompair a fhorbairt tuilleadh agus tacú lenár n-earnálacha suntasacha turasóireachta agus spóirt agus iad a bhreisiú.

Teagmhálaí Ainmnithe

Ról deonach laistigh de chlub spóirt is ea ról an Teagmhálaí Ainmnithe. Tá an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as a chinntiú go gcloítear leis an mbuan-nós imeachta tuairiscithe chun go dtarchuirtear cásanna líomhnaithe faillí i leanaí nó cásanna líomhnaithe mí-úsáide leanaí chuig an teagmhálaí ainmnithe in TUSLA – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó, i gcás éigeandála nó i gcás nach bhfuil fáil ar TUSLA, go gcuirtear na cásanna sin chuig an nGarda Síochána.

DAF – Ciste na gCuntas Díomhaoin

Tá Ciste na gCuntas Díomhaoin faoi fheagracht an Aire don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Faigheann Spóirt Éireann cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun tacú le tionscnaimh spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar mhaithe le forbairt phearsanta agus sóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, le forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó le daoine atá faoi mhíchumas.

BOOnna – Boird Oideachais agus Oiliúna

Is é atá i mBoird Oideachais agus Oiliúna ná údarás reachtúla oideachais a bhfuil freagracht orthu as oideachas agus oiliúint, as obair don óige agus as raon feidhmeanna reachtúla eile. Déanann Boird Oideachais agus Oiliúna bainistiú agus oibriú ar scoileanna dara leibhéal, ar choláistí breisoideachais, ar threoir-phobalscoileanna náisiúnta agus ar ionaid éagsúla oideachais aosaigh agus bhreisoideachais a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna.

Meastóireacht

Is é atá i meastóireacht ná measúnú sistéamach ar dhearadh, cur chun feidhme, aschuir agus torthaí aon tionscnaimh chun críche foghlama agus chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht sa todhchaí.

An tAthbheithniú ó Fitzpatrick & Associates ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Is é atá san Athbheithniú ó Fitzpatrick & Associates ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ná tuarascáil ar fhoiligh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta í sa bhliain 2005. Déantar meastóireacht sa tuarascáil ar an dul chun cinn a rinne na Comhpháirtíochtaí ach tagairt a dhéanamh do na príomhaidhmeanna agus na príomhchuspóirí, agus déantar roinnt moltaí inti le haghaidh an tionscnaimh Chomhpháirtíochtaí.

GIW – Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl

Is é atá sa chlár 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl' ná tionscnamh de chuid Spóirt Éireann a bhfuil mar aidhm leis an líon daoine atá ag glacadh páirt i siúl ar mhaithe le sláinte, le folláine agus le hacúlaíocht a uasmhéadú ar fud na hÉireann.

HI – Éire Shláintiúil

Is é Éire Shláintiúil, Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe an creat náisiúnta le haghaidh gníomhaíocht uile-Rialtais agus uile-shochaí chun sláinte agus folláine na ndaoine a chónaíonn in Éirinn a fheabhsú. Leagtar amach ann ceithre sprioc lárnacha agus tugtar gníomhartha faoi shé réimse théamacha ar féidir leis an tsochaí páirt a ghlacadh iontu chun na spriocanna sin a bhaint amach. Sainnithnítear sa Chreat roinnt gníomhartha idir-earnála leathana, a ngealltar i gceann amháin díobh go bhforbrófar plean chun leibhéal mhéadaithe gníomhaíochta fisiciúla a chur chun cinn.

FSS – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an t-údarás reachtúil atá freagrach as Seirbhísí Sláinte, Pearsanta agus Sóisialta a sholáthar do dhaoine a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann.

IPPEA – Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Is é atá i gCumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann ná cumann atá tiomanta don fheasacht ar shaincheisteanna corpoideachais i mbunscoileanna a mhéadú agus tá sé mar aidhm aige gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn i gcomhthéacs oideachasúil.

LCDCanna – Coistí Forbartha Pobail Áitiúil

Faoi alt 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ní mór do gach údarás áitiúil Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú. Tá sé mar aidhm ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil cur chuige comhleánach comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme maidir le forbairt áitiúil agus pobail.

LSP – Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

Is é atá sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ná tionscnamh de chuid Spóirt Éireann agus tá sé mar aidhm leo forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Is iad na príomhaidhmeanna atá ag na Comhpháirtíochtaí an rannpháirtíocht sa spóirt a mhéadú agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí is féidir as acmhainní áitiúla. Tá an tionscnamh Comhpháirtíochtaí ina chuid dhílis de straitéis rannpháirtíochta Spóirt Éireann.

NGB – Comhlacht Rialaithe Náisiúnta

Eagraíocht atá aitheanta ag Spóirt Éireann agus a chomhordaíonn forbairt aon spóirt nó aon spóirt ar leith trí chlubanna comhpháirteacha.

NPAP – An Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil

Sa bhliain 2016, sheol an Rialtas an chéad Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil de chuid na hÉireann riamh. Is é is aidhm dó spreagadh a thabhairt laistigh de dheich mbliana do leathmhíliúin Éireannach níos mó ar a laghad aclaíocht rialta a dhéanamh. Is é an phríomhsprioc ná an líon daoine atá ag déanamh aclaíocht rialta a mhéadú faoi 1% sa bhliain thar dheich mbliana trí ghnáthchuid den saol laethúil a dhéanamh den aclaíocht agus trí níos mó deiseanna le bheith gníomhach a thabhairt do dhaoine.

An Beartas Náisiúnta Spóirt

An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a seoladh an 25 Iúil 2018.

Daoine Scothaosta

Faoi mar a úsáidtear é ar fud na tuarascála seo, tagraítear sa téarma ‘daoine scothaosta’ do na daoine sin atá os cionn 50 bliain d’aois.

OD&C – An tAonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta

Is é atá in aonad na haidhme atá ag an Aonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i Spóirt Éireann ná tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí spóirt a fhaigheann cistiú ó Spóirt Éireann, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

OCB – Forbairt Cumais Eagraíochta

Is iad sin na seirbhísí a sholáthraíonn an tAonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta chun cabhrú leis na hocht réimse cumais do chlianteagraíochtaí spóirt a fhorbairt agus a thógáil. Is iad seo na hocht réimse cumais sin: Ceannaireacht Eagraíochta, Bainistíocht Athruithe, Bainistíocht Riosca, Pleanáil Straitéiseach, Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe, Bainistíocht Tionscadal, Rialachas Corparáideach agus Teagmháil le Geallsealbhoirí.

OT – Operation Transformation

Is é is Operation Transformation ann ná seó teilifíse sláinte agus aclaíochta a chraoltar ar RTÉ. Tá Spóirt Éireann i mbun comhpháirtíochta le Operation Transformation ó bhí an bhliain 2011 ann chun forbairt a dhéanamh ar imeachtaí éagsúla a bhfuil mar aidhm leo rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiúil a chur chun cinn.

SARI – An Spóirt in aghaidh an Chiníochais in Éirinn

Is é is SARI ann ná eagraíocht neamhbhrabúis a bhfuil stádas carthanúil aici agus atá tiomanta do chomhtháthú dearfach agus do chuimsiú sóisialta tríd an spóirt.

SIDO – Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Tá sé mar aidhm ag Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt deiseanna a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiúil. Féach an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt.

SOLAS – An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna

Is é SOLAS an ghníomhaireacht náisiúnta oiliúna agus fostaíochta a bhfuil freagrach uirthi as cabhair a thabhairt do na daoine sin atá ag lorg fostaíochta.

An Tomhas Míre Aonair – M1

Is é is an Tomhas Míre Aonair – M1 ann ná tomhas féintuairiscithe a bhfuil bailíochtú idirnáisiúnta aige agus ar féidir le duine é a úsáid chun rátaí rannpháirtíochta an duine aonair sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiúil a rianú.

SPEAK – An Córas Pleanála Straitéisí, Meastóireachta agus Eolais

Táirge de chuid NEXUS Research (comharchumann taighde neamhbhrabúis atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath) is ea an córas SPEAK. Leis an gcóras, tairgtear d’eagraíochtaí an cumas chun féinmheastóireacht a dhéanamh, rud as a dtagann tuiscint chuimsitheach ar obair na heagraíochta agus ar thionchar na hoibre sin.

Spóirt Éireann

Tugann Spóirt Éireann Comhairle Spóirt na hÉireann, Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt, Institiúid Spóirt na hÉireann agus Cóitseáil Éireann le chéile ina gcomhlacht cuíchoirithe dinimiciúil nua amháin a bhfuil de dhuilgias air todhchaí spóirt na hÉireann a bhrú chun cinn. Is údarás reachtúil é Spóirt Éireann a bhfuil mar aidhm aige forbairt inbhuanaithe an spóirt iomaíoch agus áineasa in Éirinn a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú.

SIDP – An Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Is clár é a bhfuil mar aidhm leis spreagadh agus cúnaimh a thabhairt do níos mó daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiúil, agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a bhforbairt i ngach suíomh.

Inbhuanaitheacht (maidir le cláir rannpháirtíochta na gComhpháirtíochtaí)

Is é atá i gclár inbhuanaithe ná clár as a dtagann rannpháirtíocht mharthanach sa spóirt agus/nó i ngníomhaíocht fhisiúil agus ar féidir leis é féin a chothabháil (gan tacaíocht dhíreach a fháil ó na Comhpháirtíochtaí).

TUSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

An 1 Eanáir 2014, d’éirigh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ina heintiteas dlíthiúil neamhspleách atá comhdhéanta de Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS, den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus den Bhord Náisiúnta um Leas Oideachais agus a chuimsíonn roinnt seirbhísí síceolaíochta mar aon le seirbhísí éagsúla a fhreagraíonn d’fhoréigean baile, d’fhoréigean gnéasach agus d’fhoréigean inscnebhuanaithe. Is í an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an Ghníomhaireacht Stáit speisialaithe atá freagrach as leas agus torthaí a fheabhsú do leanaí.

WIS – Mná sa Spóirt

Is tionscnamh de chuid Spóirt Éireann é a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht na mban sa spóirt a mhéadú ach deiseanna malartacha a sholáthar agus cláir shonracha a fhorbairt ina ndírítear ar mhná agus ar chailíní.

Aguisín C

Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt Sonraí Teagmhála



Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach

www.carlow.ie
 059 9136 205
 mjduggan@carlowcoco.ie
 @County Carlow Sports Partnership



Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin

www.cavansportspartnership.ie
 049 437 8582
 info@cavansportspartnership.ie
 @CavanSportsPartnership
 @CavanSP



Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir

www.claresportspartnership.ie
 065 686 5434
 info@claresports.ie
 @claresports
 @Claresports



Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí

www.corksports.ie
 021 434 7096
 info@corksports.ie
 @CorkSportsPartnership
 @CorkSports



Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall

www.actedonegal.com
 074 911 6078
 info@actedonegal.com
 @actedonegal
 @ActiveDonegal



Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath

www.dublincity.ie/main-menu-services-recreation-culture/sport-and-recreation
 01 222 7852
 sports@dublincity.ie
 @DublinCitySportandWellbeingPartnership
 @dccsportsrec
 @dublincitysportandwellbeing



Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin

www.dlrsportspartnership.ie
 01 271 9502
 info@dlrsportspartnership.ie
 @dlrsportspartnership
 @dlrSportsTeam



Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall

www.fingalcoco.ie/community-and-leisure/sports-and-fitness
 01 890 5107
 Sports@fingal.ie
 @FingalSports
 @FingalSports



Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe

www.galwayactive.ie
 091 509572/509577/536459
 galwayactive@galwaycoco.ie
 @Galway Sports Partnership
 @GalwayLSP



Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí

www.kerryrecreationandsports.ie
 066 718 4776
 info@kerryrecreationandsports.ie
 @kerryrecreationandsportspartnership
 @KerryRSP



Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara

www.kildare.ie/kildaresp
 045 980 546
 ksp@kildarecoco.ie
 @KildareSportsPartnership
 @KildareSP
 @kildare_sports_partnership
 Kildare Sports Partnership



Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh

www.krsp.ie
 056 779 4990
 info@krsp.ie
 @Kilkennysports
 @kilkennysports



Comhar Spóirt Laoise

www.laoissports.ie
 057 867 1248
 info@laoissports.ie
 @laoislsp
 @LaoisSportsLSP



Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma

www.leitrimsports.ie
 071 965 0498
 sports@leitrimcoco.ie
 @LeitrimLSP
 @LeitrimLSP
 @LeitrimLSP



Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

www.limericksportspartnership.ie
061 333 600
info@limericksports.ie
@limerickcitysportspartnership
@Limericksports



Comhpháirtíocht Spóirt an Longfoirt

www.longfordsports.ie
043 334 9402
info@longfordsports.ie
@longfordsportspartnership
@LSPLongford



Comhpháirtíocht Spóirt Lú

www.louthls.ie
042 932 4318
louthlsp@louthcoco.ie
@louthcoco



Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

www.mayosports.ie
094 904 7025
msp@mayococo.ie
@Mayo Sports Partnership
@MayoSport1



Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí

www.meathsports.ie
046 906 7337
mlsp@meathcoco.ie
@meathsportspartnership
@MeathLocalSport
MeathSports



Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin

www.monaghansports.ie
042 975 5126
info@monaghansports.ie
@monaghansports
@monaghan_sports



Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí

www.offalysports.ie
057 934 6843
sports@offalcoco.ie
@Offaly Sports Partnership
@OffalySP



Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin

www.rosactive.org
090 663 0853
info@rosactive.org
@RoscommonSportsPartnership
@Ros_sports
@roscommonssportspartnershipclg



Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh

www.sligosportandrecreation.ie
071 916 1511
info@sligosportandrecreation.ie
@SligoSportandRecreationPartnership
@SSRPSligo
@Sligosportandrecreation



Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas

www.sdscsp.ie
01 414 9157
info@sdscsp.ie
@sdscsp
@SDCSP1
@sdscsp1



Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann

www.tipperarysports.ie
076 106 6201
info@tipperarysports.ie
@tipperarysports
@TipperarySports
@tipperarysportspartnership



Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge

www.waterfordsportspartnership.ie
0761 10 2194
info@waterfordsportspartnership.ie
@WaterfordSportsPartnership
@WaterfordLSP
@Waterford_LSP



Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí

www.westmeathsports.ie
044 939 0208
info@westmeathsports.ie
@WestmeathSport
@WestmeathSport



Spórt Gníomhach Loch Garman

www.sportsactivewexford.ie
053 919 6557
sports.active@wexfordcoco.ie
@SportsActive
@SportActiveWex
@sportsactivewexford



Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin

www.wicklowlsp.ie
0404 20100
wicklowlsp@wicklowcoco.ie
@wicklowlocalsportspartnership
@WicklowLsp
@ActiveWicklow



SPÓRT
ÉIREANN
RANNPHÁIRTÍOCHT

SPORT
IRELAND
PARTICIPATION

Spórt Éireann
An Clós Cúirte
Campas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann
Bóthar Snugborough
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15, D15 PN0N

www.sportireland.ie